

Staidéar agus Athbhreithniú Leantach ar Chur i bhfeidhm Shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 & T2)

TUARASCÁIL EATRAMHACH
Céim a hAon • Bliain: 2023-2024

Aisling Ní Dhiorbháin agus Sarah O'Grady



SEALBHÚ
Lárionad Taighde DCU
um Fhoghlaim agus Teagasc
na Gaeilge

Tagairt:

Ní Dhiorbháin, A., & O'Grady, S. (2025). *Staidéar agus Athbhreithniú Leantach ar Chur bhfeidhm Shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 & T2). Tuarascáil Eatramhach: Céim a hAon*. SEALBHÚ, OCBÁC.

Acrainmneacha

- AFMÁ: Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- CNCM: An Chomhairle um Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
- MRB: Measúnuithe Rangbhunaithe
- PGSS: Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí
- T1: Teanga 1 (scoileanna Gaeltachta agus scoileanna/aonaid lán-Ghaeilge)
- T2: Teanga 2 (scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus ina múintear an Ghaeilge mar dhara teanga)

Príomhthaighdeoirí

- An Dr Aisling Ní Dhiorbháin, Príomhthaighdeoir
 - Ollamh Comhlach i dTeagasc na Gaeilge i Scoil na Teanga, na Litearthachta & an Oideachais Luath-Óige, Institiúid an Oideachais, OCBÁC
 - Stiúrthóir SEALBHÚ: Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge
- An Dr Sarah O'Grady, Príomhthaighdeoir
 - Ollamh Cúnta i Scoil na Teanga, na Litearthachta & an Oideachais Luath-Óige, Institiúid an Oideachais, OCBÁC

<https://www.dcu.ie/sealbhu/staidear>

Nóta Buíochais

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na scoileanna ar fad a léirigh spéis sa taighde. Gabhaimid buíochas ó chroí leis na rannpháirtithe ó na scoileanna cás-staidéir. Roinn siad a gcuid ama agus a gcuid saineolais go fial agus go flaithiúil linn. Táimid iontach buíoch díobh as a bheith páirteach sa taighde.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis an Dr Ciara Uí Chonduibh a d'oibrigh mar chúntóir taighde iardhochtúireachta. Gabhann muid buíochas chomh maith le Katie Ní Mhaoláin, an Dr Seán Mac Risteaird, Pearse Ahern agus Eithne Ní Dhubhghaill a chabhraigh le gnéithe éagsúla den tuarascáil.

Míle buíochas libh go léir.

Achoimre Fheidhmeach

Cuirtear i láthair réamh-théamaí éiritheacha ó Chéim a hAon de staidéar trí bliana ar chur i bhfeidhm Shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 & T2) sa tuarascáil eatramhach seo. In 2017 cuireadh múnla soláthair idirdhealaithe ar fáil do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge sa tSraith Shóisearach. Cuireadh sonraíocht Ghaeilge ar leith ar fáil do scoileanna T2 (is iad sin scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla), agus do scoileanna T1 (scoileanna Gaeltachta agus scoileanna/aonaid lán-Ghaeilge). Tá an taighde modhanna measctha ilghnéitheach seo coimisiúnaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), ag tógáil ar an Athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 don tSraith Shóisearach (Athbhreithniú Luath) (Mac Gearailt & Ó Duibhir, 2023). Diríonn an taighde go háirithe ar an leagan de na Sonraíochtaí Gaeilge a foilsíodh i Meán Fómhair 2023, a ndearnadh uasdátú orthu le freagairt don Athbhreithniú Luath. Mar sin féin, is próiseas diaidh ar ndiaidh atá in aon athrú curaclaim agus baineann cuid den taithí agus de na tuairimí a nochtadh sa tuairisc seo leis na leaganacha de na sonraíochtaí Gaeilge (T1 & T2) a cuireadh i bhfeidhm ó 2017 ar aghaidh. Tá sé mar aidhm ag an taighde léargais spéisiúla a thabhairt ar gach gné de na sonraíochtaí, agus go n-eascróidh réitigh fhéideartha do chonstaicí a thagann chun cinn agus na sonraíochtaí á gcur i ngníomh. Tabharfar aird ar leith ar an taithí atá ag scoileanna ar an múnla idirdhealaithe don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach, chomh maith leis na hathruithe sa chleachtas a d'eascair as Creat na Sraithe Sóisearaí (2015). Tabharfaidh an taighde léargais ar an tionchar a bhí ag na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm ag eascairt ón aiseolas ón Athbhreithniú Luath.

Ag Céim a hAon den taighde, rinneadh iniúchadh ar an taithí a bhí ag ceannairí scoile agus ag múinteoirí ar chur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge

na Sraithe Sóisearaí (T1 & T2), i réimsí an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe agus ar na tuairimí a bhí acu ina leith. Rinneadh iniúchadh chomh maith ar an taithí a bhí ag rannpháirtithe ar na tacaíochtaí atá ar fáil maidir le cur i ngníomh agus soláthar na sonraíochtaí agus ar na constaicí a d'fhéadfadh a bheith ann. Bailíodh sonraí ó agallaimh le ceannairí scoile (n=18), agus ó ghrúpaí fócais le múinteoirí i 12 scoil chás-staidéir ar fud na tíre. D'úsáid na taighdeoirí sampláil bhreithiúnais chun a chinntiú go mbeadh réimse éagsúla foghlaimeoirí teanga agus réimse éagsúla comhthéacsanna ag leibhéal na hiar-bhunscoile san áireamh sa taighde. Ghlac sé scoil T1 agus sé scoil T2 páirt sa taighde. Bhí trí scoil Ghaeltachta, dhá Ghaelcholáiste agus iar-bhunscoil amháin ina raibh sruth lán-Ghaeilge (roinnt ábhar á dteagasc trí Ghaeilge) san áireamh. Bhain tábhacht leis an tsampláil bhreithiúnais le deimhniú go dtiocfadh léargais chun cinn ar an soláthar idirdhealaithe i gcomhthéacsanna T1 agus T2 araon. Rinneadh anailís ar bhonn téamúil ar na hagallaimh le ceannairí scoile agus baineadh leas as anailís teimpléid le hanailís a dhéanamh ar ghrúpaí fócais na múinteoirí.

Tháinig buanna agus dúshláin araon chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na sonraíochtaí Gaeilge (T1 & T2) agus maidir leis an soláthar do na sonraíochtaí. Fiosrófar na réamh-théamaí atá curtha i láthair sa tuarascáil seo ar bhonn níos doimhne agus ar bhonn níos leithne le linn na dtrí bliana den staidéar. Tá sé le tabhairt faoi deara, gur thug na ceannairí scoile ar fad ardmholadh do dhíograis agus do ghairmiúlacht na múinteoirí Gaeilge agus iad ag cur na sonraíochtaí i bhfeidhm. D'aithin siad gurb iad na múinteoirí féin a bhí mar phríomhfhoinsé thacaíochta agus na sonraíochtaí á gcur i ngníomh. Téamaí éiritheacha a bhain le gnéithe dearfacha de chur i ngníomh na sonraíochtaí

agus leis an soláthar ná: (i) pleanáil na múinteoirí agus comhoibriú, (ii) teagasc agus foghlaim, (iii) úsáid téacsanna, agus (iv) tacaíochtaí don Ghaeilge.

Fuarthas go raibh múinteoirí Gaeilge ag pleanáil ar bhonn comhoibríoch agus go raibh siad ag roinnt áiseanna go rialta le múinteoirí eile laistigh agus lasmuigh den scoil. Thuairiscigh na múinteoirí gur ghlac siad páirt i gcomhráití gairmiúla go rialta, agus bhí mórchuid de na múinteoirí den tuairim gur bhain fiúntas leis na cruinnithe Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) chun tacaíocht a thabhairt dá mbreithiúnais ghairmiúla. Úsáideadh raon leathan modheolaíochtaí teagasc chun tacú le foghlaim na scoláirí sa Ghaeilge.

Tá trí shnáithe sna sonraíochtaí: (i) cumas cumarsáide, (ii) feasacht teanga agus chultúrtha, agus (iii) féinfheasacht an fhoghlaimeora. Dhírigh múinteoirí i scoileanna T2 go príomha ar an snáithe cumas cumarsáide. Leag múinteoirí i scoileanna T1 béim ar gach ceann de na trí shnáithe, agus chuir siad béim ar leith ar chumas cumarsáide agus feasacht teanga agus chultúrtha a fhorbairt. Rinne na múinteoirí féin-thuairisciú ar shamplaí cruthaitheacha agus nuálaíocha den teagasc agus den foghlaim. Cuireadh fócas ar leith ar thascanna labhartha chun tacú le húsáid na Gaeilge sna scoileanna ar fad, sa chéad bhliain ach go háirithe. Tharraing mórchuid na múinteoirí ar théacsanna molta agus dualgais chun tacú le forbairt teanga agus litearthachta na scoláirí. Baineadh leas as téacsanna i réimse seánraí chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge, agus thuairiscigh na múinteoirí gur thaitin gearrscannáin leis na scoláirí ach go háirithe. Tá samplaí de chleachtas ranga a léiríonn oideolaíochtaí atá foghlaimoírí-lárnaithe agus cumarsáideach léirithe sa tuarascáil - Féach Mír a Ceathair agus Mír a Cúig.

Bhí cuid mhaith de na múinteoirí sásta leis an réimse téacsanna a bhí sna téacsanna molta (don chéad bhliain) agus sna téacsanna dualgais (don dara agus tríú bliain). Ag eascirt ón Athbhreithniú Luath, rinneadh leasuithe ar na sonraíochtaí i Meán Fómhair 2023 agus laghdaíodh líon na dtéacsanna molta agus dualgais; déanfar monatóireacht ar an laghdú seo le linn an staidéir. Cé go raibh roinnt múinteoirí sásta leis an laghdú ar líon na dtéacsanna, a raibh ar na scoláirí staidéar a dhéanamh orthu sa tSraith Shóisearach, bhí múinteoirí eile den tuairim go raibh tuilleadh laghdaithe ag teastáil.

Tháinig sé chun solais gur thacaigh tacaíochtaí inscoile agus tacaíochtaí taobh amuigh den scoil araon le teagasc agus foghlaim, agus úsáid na Gaeilge a chur cinn sna scoileanna. Bhain fiúntas le naisc leis na ceantair Ghaeltachta do scoláirí a raibh cónaí orthu taobh amuigh den Ghaeltacht. Thacaigh imeachtaí inscoile (m.sh. Seachtain na Gaeilge, imeachtaí trí Ghaeilge) le húsáid na teanga agus le dearcthaí dearfacha a chothú i leith na Gaeilge. Cuireadh cur chuige uile scoile i bhfeidhm sna scoileanna T1 agus bhí naisc níos láidre ag na scoileanna siúd leis an bpobal taobh amuigh den scoil i gcomparáid leis na scoileanna T2. Léiríodh dearcthaí dearfacha ar an réimse áiseanna atá ar fáil agus ag dul i méid don Ghaeilge (m.sh. áiseanna ó COGG, TG4), chomh maith leis na scéimeanna tacaíochta atá ann don Ghaeilge (m.sh. Gaelbhratach, Gaeilge 24, tacaíochtaí atá mar chuid den scéim aitheantais do scoileanna Gaeltachta) sna scoileanna ar fad.

Léiríodh dearcthaí éagsúla maidir leis na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB). Mar thoradh ar an bpaindéim Covid-19, rinneadh leasuithe ar an measúnú, agus mar gheall air seo, ní raibh mórán taithí ag scoileanna ar MRB1: An Phunann Teanga. Cé gur léirigh cuid de na rannpháirtithe an tuairim go raibh fiúntas ag baint le MRB2: An Tasc Cumarsáideach, chun deis a thabhairt do scoláirí tasc a chur i gcrích, thuairiscigh rannpháirtithe eile gur chuir MRB2 na scoláirí faoi strus agus nár thacaigh an tasc le forbairt scoileanna idirghníomhaithe cainte na scoláirí. Bhí go leor de na rannpháirtithe den tuairim gur cheart marcanna suimitheacha a bhronnadh ar na tascanna MRB. Bhí gach uile rannpháirtí (múinteoirí agus ceannairí scoile), go láidir den tuairim nár cheart go dtiocfadh MRB2 in áit scrúdaithe cainte shuimithigh sa tSraith Shóisearach. Ag eascirt ón Athbhreithniú Luath (Mac Gearailt & Ó Duibhir, 2023), cuireadh leagan athshamhlaithe de MRB2: Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge ar fáil i Meán Fómhair 2023. Fiosrófar taithí rannpháirtithe ar chur i ngníomh MRB2 athshamhlaithe i gcéimeanna eile den taighde.

Tháinig dúshláin chun cinn maidir le cur i ngníomh na sonraíochtaí agus leis an soláthar don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach maidir le: (i) labhairt na Gaeilge, (ii) an scrúdú suimitheach deiridh, (iii) an t-oideachas ionchuimsitheach, (iv) tacaíochtaí don teagasc agus foghlaim, agus (v) pointí aistrithe. D'fhéadfaí smaoineamh ar na dúshláin atá ag teacht chun solais ag

Céim a hAon mar dheiseanna le breis tacaíochta a chur ar fáil do theagasc agus foghlaim na Gaeilge sa tSraith Shóisearach.

Príomhthéama éiritheach a tháinig chun cinn ag an gcéim seo den taighde ná imní na rannpháirtithe maidir leis an easpa aitheantais atá ag dul do labhairt na Gaeilge sa tSraith Shóisearach i bhfoirm marcanna suimitheacha. Fuarthas go raibh drochthionchar aige seo ar an gcleachtas ranga. Mhol gach uile rannpháirtí go láidir go gcuirfí scrúdú cainte ar fáil sa tSraith Shóisearach chun spás a chruthú le díriú ar scileanna cainte sa rang, chun cur le hinspreagadh na scoláirí Gaeilge a labhairt agus chun tacú leis an nGaeilge mar theanga bheo. Chuir rannpháirtithe in iúl go dtabharfadh scrúdú cainte deis d'fhoghlaimeoirí éagsúla rath a bhaint amach san fhoghlaim, agus go dtacódh measúnú suimitheach ar scileanna cainte sa tSraith Shóisearach leis na scoláirí agus iad ag ullmhú don scrúdú cainte sa tSraith Shóisearach. Léiríodh míshástacht faoin scrúdú suimitheach deiridh i ngach scoil chás-staidéir. De réir dhearthaí na rannpháirtithe, níl an scrúdú suimitheach deiridh oiriúnach do na scoláirí uile, mar gheall go leagtar an príomhfhócas ar scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta sa Ghaeilge. Bhí rannpháirtithe i scoileanna T1 go háirithe, thar a bheith buartha faoin titim i líon na ngrád arda ó cuireadh an measúnú idirdhealaithe i bhfeidhm. D'fhéadfadh na measúnuithe éagsúla do scoláirí T1 agus scoláirí T2, na bandaí grádála leathan sa tSraith Shóisearach agus an measúnú deiridh é féin a bheith mar chúis leis na deacrachtaí seo. Thuairiscigh rannpháirtithe i scoileanna T1 go raibh na scoláirí faoi mhíbhuntáiste anois mar gheall ar an measúnú idirdhealaithe agus gur chóir athbhreithniú a dhéanamh air seo.

Tháinig sé chun solais go raibh breis tacaíochtaí ag teastáil ó scoláirí a bhfuil riachtanais oideachais sa bhreis acu i scoileanna T1 agus T2. Mhol cuid de na rannpháirtithe i scoileanna T2 go gcuirfí cúrsa bonnleibhéil ar fáil chun freastal ar scoláirí a bhfuil réimse cumais iontu sa Ghaeilge. Tháinig sé chun cinn go raibh níos mó tacaíochtaí ag teastáil sa soláthar do scoláirí atá nuathagtha i scoileanna T1. Chuir cuid de na rannpháirtithe i scoileanna T2 béim ar leith ar an mbearna sa soláthar do scoláirí atá nuathagtha mar gheall nach mbíonn deis ag na scoláirí seo Gaeilge a fhoghlaim. Tháinig castacht na ndíolúintí chun cinn i scoileanna T2 agus d'fhéadfaí tuilleadh iniúchta a dhéanamh air seo i staidéar eile.

Cé gur tharraing múinteoirí ar réimse leathan áiseanna agus tacaíochtaí, chuir siad in iúl go bhféilteoidís roimh bhreis tacaíochtaí agus forbartha gairmiúla. Bhí deacracht ag scoileanna T1 rochtain a fháil ar na téacsanna a bhí ar an liosta de théacsanna molta agus dualgais agus bhí deacracht acu teacht ar théacsanna i gcanúint an cheantair. Rinneadh athbhreithniú ar an liosta de théacsanna litríochta sa tSraith Shóisearach T1 agus T2 le linn na scoilbhliana 2023/2024 agus cuireadh liostaí leasaithe ar fáil (Ciorclán 0086/2024). Déanfar monatóireacht ar dhearthaí i leith na liostaí athbhreithnithe de théacsanna le linn an staidéir seo.

Léiríodh go raibh dúshláin ar leith ann mar gheall ar an aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil sna scoileanna cás-staidéir. Bhain na dúshláin le leibhéil éagsúla inniúlachta na scoláirí sa Ghaeilge sa chéad bhliain, chomh maith leis an athrú ó Churaclam Teanga na Bunscoile ina leagtar béim láidir ar an teanga ó bhéal go curaclam na hiar-bhunscoile, ina leagtar béim níos mó ar scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta sa Ghaeilge. Cuireadh in iúl chomh maith go raibh drochthionchar ag Covid-19 ar mhuinín na scoláirí Gaeilge a labhairt. Léirigh rannpháirtithe i scoileanna T2 go háirithe, go raibh bearna ann anois idir an tSraith Shóisearach agus an tSraith Shóisearach, agus bhí breis tacaíochtaí curtha ar fáil sa tSraith Shóisearach i roinnt scoileanna chun tacú le scoláirí. Den chuid is mó, bhí an bhearna a bhraitear idir an tSraith Shóisearach agus an tSraith Shóisearach nasctha leis an mbéim níos lú a cuireadh ar an nGaeilge labhartha sa tSraith Shóisearach.

Tá na réamh-théamaí éiritheacha a chuirtear i láthair ag Céim a hAon den staidéar seo bunaithe ar shonraí a bailíodh ó 12 scoil chás-staidéir agus ní féidir a rá gurb amhlaidh an scéal i ngach scoil go náisiúnta. Leanfaidh na chéad chéimeanna eile den taighde leis an iniúchadh ar chur i ngníomh Shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 & T2), agus ar na leasuithe a rinneadh ar na sonraíochtaí i Meán Fómhair 2023 ó dhearthaí réimse níos leithne de rannpháirtithe. Tá sé i gceist go ndéanfaí tuilleadh iniúchta ar na réamhthéamaí le linn an staidéir agus go n-eascróidh téamaí eile ón taighde. Cuirfear suirbhé náisiúnta ar fáil do mhúinteoirí agus reáchtálfar grúpaí fócais le scoláirí i scoileanna cás-staidéir i gCéim a Dó den taighde. Glacfaidh tuismitheoirí/caomhnóirí agus réimse leathan de gheallsealbhóirí páirt i gCéim a Trí den staidéar.

Clár

Achoimre Fheidhmeach	3	Mír a Ceathair: Téamaí Éiritheacha	20
Mír a hAon: Réamhrá	8	Réamhrá	20
Mír a Dó: Comhthéacs an Taighde	10	4.1 Sonraí ó na Scoileanna Cás-Staidéir T1	20
Cúlra agus Comhthéacs Shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí	10	Cuid a hAon: Ceannairí Scoile T1	20
Aidhmeanna agus Ábhar na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2	11	Taithí agus Tuairimí na gCeannairí Scoile T1	20
Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (Scoileanna T1)	12	Labhairt na Teanga i Scoileanna T1	21
Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (Scoileanna T2)	12	An Córas Grádála do Scoileanna T1	22
Forbhreathnú ar Ábhar na Sonraíochtaí T1 agus T2	12	Soláthar na Sonraíochta T1 d'fhoghlaimeoirí uile na Gaeilge	23
Tábhacht na Litríochta	13	Tacaíochtaí	24
Measúnuithe Rangbhunaithe agus an Tasc Measúnaithe	13	Múinteoirí na Scoile	24
Athbhreithniú Luath ar Chur i bhfeidhm na Sonraíochtaí T1 agus T2	14	Soláthróirí Áiseanna	24
Taighde Ábhartha Eile	15	Scéimeanna Gaeltachta	24
Conclúid	16	Gníomhaíochtaí Seach-churaclaim agus nasc le pobal na Gaeilge	25
Mír a Trí: Modheolaíocht an Taighde	17	Constaicí	25
Dearadh an Taighde	17	Earcaíocht Múinteoirí	25
Earcaíocht Scoileanna Cás-staidéir agus Sampláil	18	Am	25
Rannpháirtithe an Taighde	18	Áiseanna	26
Anailís ar na Sonraí Taighde	19	Acmhainní chun Tacú le Scoláirí a bhfuil Riachtanais	
Conclúid	19	Oideachais sa Bhreis acu	26
		Réamh-mholtaí na gCeannairí T1 ag Céim a hAon	26
		Tátal	27

Cuid a Dó: Múinteoirí T1

Cúrsaí Aistrithe	28
Pleanáil & Tacaíochtaí	28
Cuir Chuige Teagaisc agus Foghlama	29
Cumas Cumarsáide	30
Feasacht Teanga agus Chultúrtha	30
Féinfheasacht an fhoghlaimeora	31
Litríocht	31
Measúnú	33
Tionchar an Scrúdaithe Dheiridh	33
Réamh-mholtaí na Múinteoirí T1 ag Céim a hAon	34

4.2 Sonraí ó na Scoileanna Cás-Staidéir T2**Cuid a Trí: Ceannairí Scoile T2**

Taithí & Tuairimí na gCeannairí Scoile T2	35
Aitheantas do Labhairt na Gaeilge	36
An tAistriú ón tSraith Shóisearach go dtí an tSraith Shinsearach	37
Marcanna Suimitheacha sa Ghaeilge	37
Dearcthaí faoi na MRB	38
Tacaíochtaí	38
Múinteoirí na scoile	38
Tacaíochtaí Inscoile	38
Tacaíochtaí Taobh Amuigh den Scoil	39
Constaicí	39
Córas na nDíolúintí	39
Soláthar d'Fhoghlaimeoirí Uile na hIar-bhunscoile	40
Cúrsa Bonnleibhéil	40
Soláthar do Scoláirí atá Nuathagtha	41
An tAistriú ón mBunscoil go dtí an Iar-bhunscoil	41
Earcaíocht Múinteoirí	41
Réamh-mholtaí na gCeannairí T2 ag Céim a hAon	41
Tátal	41

Cuid a Ceathair: Múinteoirí T2

Taithí agus Tuairimí na Múinteoirí i Scoileanna Cás-staidéir T2	42
Cúrsaí Aistrithe	42
Pleanáil & Tacaíochtaí	42
Cuir Chuige Teagaisc agus Foghlama	43
Cumas Cumarsáide	43
Feasacht Teanga & Chultúrtha	44
Féinfheasacht an Fhoghlaimeora	44
An Litríocht	45
Measúnú	45
MRB 1: An Phunann Teanga	45
MRB 2: Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge	45
Cruinnithe AFMÁ	46
Taithí ar an Scrúdú Deiridh	46
Réamh-mholtaí na Múinteoirí T2 ag Céim a hAon	47

Mír a Cúig: Suimiú ar na Téamaí Éiritheacha 48

Réamhthorthaí na gCeannairí Scoile T1 & T2	48
Réamhthorthaí ó na Múinteoirí T1 agus T2	49
Cúrsaí Aistrithe	49
Pleanáil agus Tacaíochtaí	49
Cuir Chuige Teagaisc agus Foghlama	50
Litríocht	51
Measúnú Foirmitheach	51
Taithí ar an Scrúdú Deiridh	51
Srianta an Taighde	52
Tagairtí	53
Aguisín A	55
Aguisín B	56

Mír a hAon: Réamhrá

Cuireadh múnla soláthair idirdhealaithe ar fáil do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge sa tSraith Shóisearach in 2017. Rinneadh idirdhealú idir na sonraíochtaí Gaeilge do scoileanna T2 (is iad sin scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus ina múintear an Ghaeilge mar dhara teanga) agus do scoileanna T1 (scoileanna Gaeltachta agus scoileanna/aonaid lán-Ghaeilge) ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. I Meán Fómhair 2023, chun tógáil ar an méid a cuireadh i láthair in *Athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 don tSraith Shóisearach* (Mac Gearailt & Ó Duibhir, 2023), choimisiúnaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) grúpa taighdeoirí ó SEALBHÚ: Lárionad Taighde DCU um Foghlaim agus Teagasc na Gaeilge chun tabhairt faoi staidéar agus athbhreithniú leantach ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí Gaeilge. Cuirtear i láthair na sonraí taighde a bailíodh ag Céim a hAon den taighde sa tuarascáil eatramhach seo. Tá sé tábhachtach le cur san áireamh go dtugann na téamaí atá curtha i láthair sa tuarascáil seo léargas ar pheirspictíochtaí a tháinig chun solais ag tús an tionscadail leantaigh. Is tionscadal taighde trí bliana a bheidh sa taighde. Éascóidh dearadh fadtréimhseach an taighde tuilleadh plé le réimse geallsealbhóirí i mbliain 2 agus i mbliain 3, a thabharfaidh léargais níos doimhne ar chur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí ó réimse eispéireas agus peirspictíochtaí.

Tá sé mar aidhm ag an taighde staidéar agus athbhreithniú leantach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 agus T2) i scoileanna iar-bunleibhéil i réimse an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe. Dírionn an taighde go háirithe ar chur i bhfeidhm an leagan de na sonraíochtaí Gaeilge a cuireadh ar fáil i Meán Fómhair 2023 agus leanfaidh


an taighde cohórt scoláirí i scoileanna cás-staidéir a thosaigh sa chéad bhliain in 2024-2025. Mar sin féin, is próiseas diaidh ar ndiaidh atá in aon athrú curaclaim agus tugann cuid de na sonraí a bailíodh léargais ar thaithí agus ar thuairimí a bhain leis na leaganacha 2017 de na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2. Mar a cuireadh i láthair san iarratas ar thairiscintí, tabharfaidh an taighde léargais spéisiúla ar gach gné de na sonraíochtaí, agus cruthófar deis do rannpháirtithe réitigh fhéideartha a mholadh d'aon chonstaicí atá ann do chur i ngníomh na sonraíochtaí (CNCM, Iarratas ar Thairiscintí, lch. 21). Breathnófar go háirithe, ar an taithí atá ag scoileanna ar an múnla idirdhealaithe don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach, chomh maith leis na hathruithe sa chleachtas de bharr Chreat na Sraithe Sóisearaí (2015).

Is iad seo na príomhcheisteanna a threoróidh an taighde le linn na dtrí bliana:

- 1. Cad é an taithí atá ag ceannairí scoile, múinteoirí agus scoláirí ar chur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 & T2) i réimse an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe agus cad iad na tuairimí atá acu ina leith?*
- 2. Cad é an taithí atá ag páirtithe leasmhara ar na tacaíochtaí atá ar fáil maidir le cur i bhfeidhm an tsoláthair agus na sonraíochtaí, agus cé na constaicí, más ann dóibh, atá ann dá chur i bhfeidhm?*
- 3. An dtagann cur i bhfeidhm na sonraíochtaí le réasúnaíocht agus le haidhmeanna na sonraíochtaí uasdátaithe (T1 & T2) don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach, agus leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015) ar bhonn níos leithne?*

Freagraíonn na ceistanna taighde go díreach do na critéir a leag an CNCM síos san iarratas ar thairiscintí. Beidh trí chéim sa taighde:

- **Céim a hAon 2023/2024:** Grúpaí fócais/agallaimh le múinteoirí iarbhunscoile Gaeilge agus le ceannairí scoile i scoileanna cás-staidéir.
- **Céim a Dó 2024/2025:** Suirbhé náisiúnta ar líne do mhúinteoirí iarbhunscoile Gaeilge agus grúpaí fócais le scoláirí i scoileanna cás-staidéir.
- **Céim a Trí 2025/2026:** Grúpaí fócais le scoláirí i scoileanna cás-staidéir, grúpaí fócais/agallaimh le múinteoirí agus gairmithe eile scoile i scoileanna cás-staidéir, suirbhé anaithnid le tuismitheoirí/caomhnóirí i scoileanna cás-staidéir agus aighneachtaí scríofa ó pháirtithe leasmhara a bheidh cuireadh faighte acu.



Cuirfear tuarascáil taighde ar fáil don CNCM go bliantúil ag deireadh gach céime. Táthar ag súil go rachaidh na sonraí taighde a bhailítear chun tairbhe do chur i bhfeidhm agus do sholáthar Shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí trí phróiseas an taighde. Tá sé meáite san iarratas ar thairiscintí gur chóir go gcabhródh na torthaí a eascraíonn ón taighde seo leis an CNCM cinntí a dhéanamh maidir le cúrsaí curaclaim agus measúnachta, agus go bhféadfadh an taighde tionchar a imirt ar pholasaithe oideachasúla ar bhonn níos leithe.

Is í seo an chéad tuairisc eatramhach. Cuirtear i láthair na sonraí cáilíochtúla a bailíodh ag Céim a hAon den taighde ó ghrúpaí fócais le múinteoirí agus ó agallaimh le ceannairí scoile in 12 scoil chás-staidéir. Freagraíonn an t-eolas seo príomhcheistanna a haon agus a dó go príomha mar go dtugtar léargas

ar thaithí agus ar thuairimí múinteoirí maidir le cur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 agus T2). Tugtar léargas chomh maith ar an taithí atá ag ceannairí scoile ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí, chomh maith lena dtaithí agus lena dtuairimí maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil do chur i bhfeidhm an tsoláthair agus na constaicí atá ann dá chur i bhfeidhm.

Ghlac 12 scoil chás-staidéir páirt sa taighde ag Céim a hAon. Ghlac rannpháirtithe ó sé scoil T1 agus sé scoil T2 páirt sa taighde. Cuireadh 17 bpríomhoidí/príomhoidí tánaisteacha agus comhordaitheoir Gaeilge amháin faoi agallaimh (N=18) agus ghlac 42 múinteoirí páirt i ngrúpaí fócais. Díriodh ar shampla de scoileanna T1 agus ar shampla de scoileanna T2 le hiniúchadh a dhéanamh ar thaithí na rannpháirtithe ar an soláthar idirdhealaithe ar bhealach cuí.

Tá cúig mhír sa tuairisc seo. Is réamhrá atá sa chéad mhír. Breathnaítear i Mír a Dó ar amlíne stairiúil na sonraíochtaí, ar ábhar na sonraíochtaí féin agus ar an taighde atá déanta go dáta ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí T1 agus T2. Déantar cur síos ar mhodheolaíocht an taighde sa tríú mír. Cuirtear i láthair na torthaí ó scoileanna cás-staidéir T1 agus ó scoileanna cás-staidéir T2 a d'eascair ó na hagallaimh le ceannairí scoile agus ó na grúpaí fócais leis na múinteoirí sa cheathrú mír, agus déantar plé agus suimiú ar na torthaí. Déantar suimiú ar théamaí éiritheacha ó Chéim a hAon den taighde sa chúigiú mír, cuirtear réamh-mholtaí na gceannairí scoile agus réamh-mholtaí na múinteoirí i láthair, agus mínítear na chéad chéimeanna eile a bheidh san athbhreithniú leantach.

Mír a Dó: Comhthéacs an Taighde

Déantar cur síos sa mhír seo ar chúlra agus ar chomhthéacs shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí. Baineann tábhacht leis an mír seo leis an taighde a lonnú i gcomhthéacs agus i bhfianaise taighde eile atá déanta ar an ábhar cheana. Breathnaítear ar dtús ar chúlra stairiúil na sonraíochtaí T1 agus T2 i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Chreat na Sraithe Sóisearaí. Tugtar eolas ansin faoi ábhar na sonraíochtaí féin. Féachtar ina dhiaidh sin ar na príomhthorthaí a d'eascair ón gcéad athbhreithniú ar luath-chur i bhfeidhm na sonraíochtaí Gaeilge sa tSraith Shóisearach agus ar thorthaí taighde eile ar an ábhar céanna go dáta.

Cúlra agus Comhthéacs Shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí

D'fhógair an tAire Oideachais Ruairí Quinn an chéad leagan den Chreat don tSraith Shóisearach i mí Dheireadh Fómhair 2012 (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2012). Bhí an Creat bunaithe ar chomhairle a thug an CNCM don Roinn Oideachais agus a cuireadh i láthair sa tuairisc *Towards a Framework for Junior Cycle* (Samhain, 2011), agus ar thaighde oideachasúil ar ár ndaoine óga ag aois 12 - 15/16. Moladh sa tuairisc gur cheart aitheantas eile a thabhairt do scoláirí sna blianta sóisearacha den iar-bhunleibhéal nár bhain le torthaí scrúduithe suimitheacha amháin. Tharraing an Creat ar staidéar náisiúnta fadtéarmach faoi fhoghlaim scoláirí sa tSraith Shóisearach (Smyth, 2009), ar léirbhreithniú ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus ar thréimhse chomhairliúcháin leis an CNCM (CNCM, 2010; CNCM, 2011). Bhí an Creat chun tacaíocht a thabhairt do chúrsaí aistrithe, ba iad sin, an t-aistriú ón

mbunscoil agus an t-ullmhúchán don tSraith Shinsearach, ag cur san áireamh riachtanais éagsúla agus dhaonlathacha na scoláirí ag an gCéim seo. Bhí fíis ann go mbeadh an Creat lárnaithe níos mó sa scoláire ná mar a bhí an Teastas Sóisearach agus go mbeadh deiseanna ann measúnú a dhéanamh ar réimse níos leithne d'eolas, scileanna, tuiscintí agus luachanna trí chur chuige défhócasaithe don mheasúnú a chuirfeadh measúnú suimitheach agus foirmitheach san áireamh. D'aibhsigh an Creat gur cheart athrú ón gcleachtas a leag an príomhfhócas ar scrúdú suimitheach deiridh mar go raibh olltíonchar aige seo ar theagasc agus foghlaim.

Bhain an-chuid dúshlán leis an gCreat a chur i ngníomh ó pholasaí go cleachtas le linn na chéad trí bliana eile. Cuireadh an phríomh-bhéim ar chúrsaí measúnaithe, ach léiríodh inné faoi thábhacht áiseanna agus forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí chomh maith. Ag eascairt as an Tuairisc Travers (2015), foilsíodh an Creat don tSraith Shóisearach i mí Dheireadh Fómhair 2015 (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015). Tá torthaí foghlama mar bhonn ag an gCreat agus ag na sonraíochtaí. Is éard is brí torthaí foghlama ná "ráitis i sonrúcháin churaclaim a dhéanann cur síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ar chóir do scoláirí a bheith ábalta a léiriú tar éis tréimhse foghlama" (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015, lch.12). Dearadh na sonraíochtaí don Ghaeilge T1 agus T2 laistigh de chomhthéacs achrannach an Chreata don tSraith Shóisearach.

Cuireadh páipéar cúlra agus doiciméad treorach maidir leis an athbhreithniú ar Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí faoi chomhairliúchán idir mí an Mhárta agus mí na Bealtaine 2015 (CNCM, 2013; CNCM 2015a; CNCM, 2015b). Tháinig

moladh chun cinn ó gheallsealbhóirí oideachasúla agus geallsealbhóirí na Gaeilge gur chóir idirdhealú a dhéanamh sa churaclam idir foghlaimoirí a bhí ag foghlaim na Gaeilge i scoileanna T1 agus i scoileanna T2 (CNCM, 2015b). Cuireadh curaclam teanga idirdhealaithe T1 agus T2 i bhfeidhm sna ranganna sóisearacha sa bhunscoil in 2015 agus sna meánranganna agus sna hardranganna in 2019. Moladh go gcuirfeadh curaclam idirdhealaithe san iar-bhunscoil le foghlaim na scoláirí agus le leanúnachas ina n-aistear foghlama ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil.

Chomh maith leis na hathruithe a tháinig chun cinn mar gheall ar an gCreat don tSraith Shóisearach, bhí dúshlán sa bhreis roimh mhúinteoirí Gaeilge mar go raibh orthu curaclam idirdhealaithe a chur i bhfeidhm sa Ghaeilge den chéad uair riamh ag leibhéal sóisearach na hiar-bhunscoile. Cuireadh soláthar idirdhealaithe don Ghaeilge ar fáil sa tSraith Shóisearach den chéad uair in 2017. Cuireadh sonraíochtaí Gaeilge ar fáil do scoileanna T1 agus do scoileanna T2 (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2017a; 2017b). Tosaíodh ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí T1 agus T2 den chéad uair ag am a raibh go leor athruithe ag tarlú ag an iar-bhunleibhéal agus aighneas tionsclaíoch i measc múinteoirí. Cuireadh moill ar sholáthar na forbartha gairmiúla de bharr na ndeacrachtaí seo, moill a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar thaithí múinteoirí ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí. Bhí sé i gceist go ndéanfaí athbhreithniú ar an nGaeilge sa tSraith Shóisearach nuair a bheadh timthriall de thrí bliana curtha i gcrích ag cohórt scoláirí i Meán Fómhair 2020. Chuir an phaindéim Covid-19 isteach ar na pleananna seo áfach, mar gheall go raibh scoileanna dúnta ar feadh tréimhsí fada agus cuireadh na scrúduithe Stáit ar ceal ach amháin do lucht luathfhágála scoile agus d'fhoghlaimoirí fásta.

Foilsíodh dréachtsonraíochtaí don Ardteistiméireacht i mí Feabhra 2021 a bhí bunaithe ar mhúnla idirdhealaithe na Sraithe Sóisearaí agus a raibh sé mar aidhm acu leanúnachas a chinntiú san fhoghlaim. I ndiaidh an chomhairliúcháin phoiblí, moladh eolas a lorg agus a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí mar chéad chéim a chabhródh le geallsealbhóirí cinntí a dhéanamh faoi athruithe curaclaim sa tSraith Shinsearach (CNCM 2023a). Choimisiúnaigh an CNCM beirt as SEALBHÚ (Mac Gearailt & Ó Duibhir, 2023) le tabhairt faoi *Athbhreithniú luath*

ar chur i bhfeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 don tSraith Shóisearach. Déanfar plé ar na príomhthorthaí a d'éascair ón gcéad athbhreithniú níos déanaí sa mhír seo. Rinneadh leasuithe ar na sonraíochtaí ag eascairt ó na torthaí ón Athbhreithniú Luath.

Díríonn an taighde seo ar chur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí T1 agus T2 (An Roinn Oideachais 2023a, 2023b) a cuireadh ar fáil i Meán Fómhair 2023. Breathnaítear ar aidhmeanna agus ar ábhar na sonraíochtaí féin anois.

Aidhmeanna agus Ábhar na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2

Tá sonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí nasctha le príomhscileanna sa Chreat don tSraith Shóisearach. Tá ocht bpríomhscil aitheanta, is iad sin:

1. *A bheith cruthaitheach*

2. *A bheith uimheartha*

3. *A bheith liteartha*

4. *Cumarsáid*

5. *Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú*

6. *Mé féin a bhainistiú*

7. *Fanacht folláin*

8. *Obair le daoine eile*

Léirítear gnéithe na príomhscile agus samplaí de ghníomhaíocht foghlama an scoláire a dhéanann naisc leis an bpríomhscil sna sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2.

Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (Scoileanna T1)

Tá an tsonraíocht T1 dírithe ar chainteoirí dúchais Gaeilge agus ar fhoghlaimeoirí Gaeilge i scoileanna Gaeltachta, i scoileanna lán-Ghaeilge (Gaelcholáistí) agus in aonaid lán -Ghaeilge. Baineann scoláirí T1 úsáid laethúil as an nGaeilge mar theanga chumarsáide na scoile, agus d'fhéadfadh an Ghaeilge a bheith mar theanga bhaile agus/nó mar theanga phobail acu. Tá líon teagmhála níos airde ag scoláirí T1 leis an nGaeilge i gcomparáid lena bpiaraí a fhreastalaíonn ar scoileanna T2 a mbíonn teagmháil shrianta acu leis an teanga de ghnáth. De réir na sonraíochta T1, is gá sonraíocht ar leith a chur ar fáil do scoláirí T1 a mbeadh scileanna ginchumais agus scileanna gabhchumais níos forbartha acu mar gheall ar an ngarthimpeallacht teanga. 'Is iad forbairt, saibhriú agus buanú scileanna teanga is aidhm don tsonraíocht' (An Roinn Oideachais, 2023a, Ich.3). Cuirtear béim sa tsonraíocht T1 ar úsáid chruinn chumasach na teanga agus ar inmheánú beochultúir na Gaeilge. Leagtar tábhacht ar leith ar riachtanais teanga cainteoirí dúchais agus moltar go dtabharfadh scoileanna atá ag lorg aitheantais mar scoil Ghaeltachta faoin *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016) faoin tsonraíocht T1.

Tagann na torthaí foghlama a bhaineann leis na trí shnáithe sa tsonraíocht (Cumas Cumarsáide, Feasacht Teanga agus Chultúrtha agus Féinfheasacht an Fhoghlaimora) a bheag nó mhór le tuairiscíní leibhéal B2, is é sin úsáideoir neamhspleách teanga, ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR, Comhairle na hEorpa 2001, 2018). Aithnítear sa tsonraíocht nach gá go mbeadh scileanna teanga an fhoghlaimeora ar comhleibhéal thar na scileanna teanga.

Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (Scoileanna T2)


Bíonn foghlaimeoirí i scoileanna T2 ag brath cuid mhór ar an scolaíocht don ionchur teanga sa Ghaeilge agus do dheiseanna an teanga a úsáid. Leagann an tsonraíocht T2 béim ar dheiseanna teanga a chruthú, ar naisc a dhéanamh le pobal teanga agus ar theacht ar eiseamláirí cruinne dílse na teanga. I

gcás scoileanna T2, tá na torthaí foghlama a bhaineann leis na trí shnáithe (Cumas Cumarsáide, Feasacht Teanga agus Chultúrtha agus Féinfheasacht an Fhoghlaimora) ag teacht leis na tuairiscíní atá le fáil i mbandaí A2-B1 (ó bhonnúsáideoir go húsáideoir neamhspleách teanga) ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR, Comhairle na hEorpa 2001, 2018).

Forbhreathnú ar Ábhar na Sonraíochtaí T1 agus T2

Tá trí shnáithe chomhtháite sa dá shonraíocht: Cumas Cumarsáide, Feasacht Teanga agus Chultúrtha agus Féinfheasacht an Fhoghlaimora mar atá léirithe i bhFíor 1.

Fíor 1: Snáitheanna na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 (Ich.12)



Táthar ag súil go gcaithfidh scoláirí íosmhéid 240 uair an chloig rannpháirtíochta ar an gclár ama thar trí bliana na Sraithe Sóisearaí. Cuimsíonn an cumas cumarsáide na cúig scil teanga: éisteacht, léitheoireacht, labhairt, idirghníomhú cainte agus scríbhneoireacht. Is scileanna teanga comhtháite iad na scileanna teanga agus tacaíonn cumas cumarsáide le forbairt an dá shnáithe eile. Leagtar béim ar leith sna sonraíochtaí ar úsáid chumarsáideach na teanga le húsáideoirí i bpobal teanga an scoláire.

Tá sé phríomhghné a threoraíonn teagasc agus foghlaim sna sonraíochtaí T1 agus T2 mar atá léirithe i dTábla A.

Tábla A: Gnéithe a threoraíonn teagasc agus foghlaim na sonraíochtaí

Cur chuige cumarsáideach	Tá béim ar úsáid chumarsáideach na teanga agus idirghníomhú trí mheán na teanga i dtascanna ranga.
Tábhacht na Muiníne	Cuirtear béim ar leith ar fhorbairt muiníne an scoláire.
Cur Chuige Comhtháite	Forbraítear na cúig scil teanga ar bhonn comhtháite.
Teanga an Ranga	Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide an tseomra ranga.
Deiseanna úsáide teanga	Bíonn deiseanna aschuir teanga ar bhealaí éagsúla riachtanach do scoláirí.
Gníomhaíochtaí Tascbhunaithe	Forbraíonn an scoláire scileanna teanga trí pháirt a ghlacadh i dtascanna cumarsáideacha idirghníomhacha teanga.

Tábhacht na Litríochta

Cuirtear béim sna sonraíochtaí T1 agus T2 ar úsáid na litríochta. Tá sé i gceist go dtacódh an litríocht le forbairt teanga agus litearthachta, scileanna criticiúla agus cruthaitheacha, tuiscintí cultúrtha agus forás pearsanta. Baineann na téacsanna litríochta le réimse seánraí- scannáin, gearrscéalta, amhráin, drámaí, dánta, úrscéalta srl. Moltar go mbeadh ról ag na scoláirí i roghnú na dtéacsanna agus cuirtear liosta de théacsanna molta ar fáil chomh maith le liosta de sheánraí dualgais. Bíonn liosta de théacsanna molta ar leith don chéad bhliain agus liosta dualgais eile ann don dara agus don tríú bliain den tSraith Shóisearach. Faightear an sainmhíniú a leanas ar théacs sna

sonraíochtaí T1 agus T2: ‘Is féidir téacs a thabhairt ar gach toradh a bhíonn ar úsáid teanga; teanga labhartha, scríofa, físeach, nó ilmhódach. Is éard is téacs ilmhódach ann ná téacs ina bhfuil teanga agus córais chumarsáide eile in éineacht, leithéidí téacs clóite, íomhánna, fuaim agus an teanga labhartha’ (An Roinn Oideachais, 2023a, lch. 20; 2023b, lch 19). Bíonn rogha ag scoileanna na téacsanna is mó a oireann dá bhfoghlaiméoirí agus do chomhthéacs na foghlama a roghnú ó liosta molta de théacsanna. Tá liosta ar leith ann do scoileanna T1 agus do scoileanna T2. Is féidir le scoileanna T1 litríocht ó bhéal/ litríocht áitiúil a roghnú a oireann do shuímeanna na scoláirí agus don cheantar áitiúil. Chuir CNCM fáilte roimh léiriú spéise ó mhúinteoirí Gaeilge iar-bhunscoile T1 agus T2 a bhí ag iarraidh a bheith páirteach san athbhreithniú ar liostaí litríochta do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T1. Cuireadh tús leis an obair sin i Meán Fómhair 2023.

Measúnuithe Rangbhunaithe agus an Tasc Measúnaithe

Eascraíonn na sonraíochtaí Gaeilge ón gCreat don tSraith Shóisearach a leagann amach fíis don mheasúnú foimitheach agus suimitheach sa tSraith Shóisearach. Tá dhá mheasúnú rangbhunaithe (MRB) mar chuid de chur i bhfeidhm na sonraíochtaí. Is Punann Teanga atá in MRB 1. Iarrtar ar na scoláirí trí phíos a oibre a roghnú. Is gá píosa amháin fuaime nó físe a roghnú agus is féidir litríocht bhéil/áitiúil a chur san áireamh. Moltar go mbainfí leas as an litríocht mar spreagadh do cheann amháin de na píosaí punainne. Déanann an scoláire cur síos ar an réasúnaíocht a bhain leis na trí phíos a roghnú.

‘Ag Idirghníomhnú trí Ghaeilge’ a thugtar ar MRB 2. Ullmhaíonn an scoláire píosa cainte faoi ábhar a bhfuil spéis aige féin ann nó trí phíos a cruthaitheach a chumadh agus a chur i láthair. Bíonn comhrá ag an scoláire ansin leis an múinteoir agus lena chomhscoláirí (scoileanna T1 amháin) faoin ábhar nó faoin bpíosa cruthaitheach.

Is iad na múinteoirí a thugann aiseolas foirmitheach do na scoláirí ar na tascanna MRB agus bíonn deis ag múinteoirí comhoibriú agus measúnú

a dhéanamh le chéile ar obair na scoláirí ag cruinnithe Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ). Baineann an múinteoir leas as na Gnéithe Cáilíochta chun teacht ar a bhreithiúnas ar chaighdeán oibre an scoláire agus tacaíonn an cruinniú AFMÁ leis na múinteoirí teacht ar léargais agus ar chomhthuiscint maidir le caighdeán na nGnéithe Cáilíochta do gach tuairiscín. Tá ceithre thuairisceoir leibhéil ghnóthachtála ann: ***Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill***. Bailítear samplaí de MRB 1: An Phunann Teanga agus de MRB 2: Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge agus pléitear iad ag na cruinnithe AFMÁ. Roinntear an tuairiscín atá bronnta ar an scoláire le tuismitheoirí/caomhnóirí agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).

Tugann na scoláirí faoi Thasc Measúnaithe nuair a bhíonn na Measúnuithe Rangbhunaithe curtha i gcrích acu. Bronnann an tasc measúnaithe deis ar an scoláire machnamh a dhéanamh ar MRB2 agus tá sé i gceist go gcuirfí an tasc measúnaithe faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil. Bheadh 10% de na mharcanna deiridh ag dul don tasc measúnaithe. Bíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit freagrach as an scrúdú deiridh a chur ar fáil arbh fhiú 90% de na marcanna é. Cuirtear scrúdú Ardleibhéil agus scrúdú Gnáthleibhéil ar fáil i gcomhthéacsanna scoile T1 agus T2. Pléifear an t-athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí T1 agus T2 sa chéad chuid eile.

Athbhreithniú Luath ar Chur i bhfeidhm na Sonraíochtaí T1 agus T2

Bailíodh sonraí ón athbhreithniú luath (Mac Gearailt & Ó Duibhir, 2023) idir Feabhra agus Meitheamh 2022. Bailíodh sonraí ó shuirbhé ar líne le múinteoirí (N=911); grúpaí fócais le scoláirí (N=94); grúpaí fócais le múinteoirí (N=31) agus ó aighneachtaí scríofa ó pháirtithe leasmhara. Bhí na múinteoirí a ghlac páirt sa suirbhé ag teagasc i gcomhthéacsanna éagsúla a d'áirigh scoileanna T2 (87% de fhreagróirí), Gaelcholáistí (11% de fhreagróirí), scoileanna Gaeltachta (4% de fhreagróirí) agus aonaid lán-Ghaeilge (1% de fhreagróirí). Tháinig buanna agus dúshláin chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na sonraíochtaí.

Ar an iomlán, léirigh múinteoirí míshástacht leis na sonraíochtaí i gcomhthéacsanna scoile T1 agus T2 sa suirbhé. Bhí cuid de na rannpháirtithe moltach faoi ghnéithe áirithe de na sonraíochtaí, mar shampla an litríocht, na tascanna MRB, an t-athmhachnamh, an fhéinfhoghlaim agus an scannán sa chéad bhliain. I measc na ndúshlán a tháinig chun cinn, aithníodh go raibh dúshlán ag pointí aistrithe agus scoláirí ag aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil agus ón tSraith Shóisearach go dtí an tSraith Shinsearach. Chothaigh an leanúnachas ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil deacracht mar gheall ar an athrú béime ó churaclam cumarsáideach sa bhunscoil go curaclam iar-bhunscoile inár leagadh béim níos mó ar léitheoireacht agus ar scríbhneoireacht. Léiríodh an tuairim go raibh an iomarca béime ar an litríocht agus go raibh an t-ualach litríochta a bhí le clúdach róthrom agus ag baint ó dheiseanna cainte na scoláirí dá bharr. Bhain dúshlán chomh maith le rochtain a fháil ar théacsanna agus oiriúnacht chuid de na téacsanna a d'éiligh caighdeán an-ard Gaeilge ó na scoláirí. Aithníodh an easpa béime ar scileanna idirghníomhaithe teanga sa mheasúnú mar dhúshlán. Cé go raibh sé i gceist go ndéanfadh MRB2 measúnú ar scileanna idirghníomhaithe cainte i gcásanna áirithe, foghlaimíodh sleachta de ghlanmheabhair agus rinneadh aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge ar na píosaí cainte. Maíodh go raibh an easpa béime ar scileanna idirghníomhaithe cainte sa mheasúnú suimitheach sa tSraith Shóisearach as riocht le measúnú na hArdeistiméireachta sa Ghaeilge ina bhfuil 40% de mharcanna ag dul don scrúdú cainte ó 2012. Sular cuireadh na sonraíochtaí i bhfeidhm, bhí tuairim is 40% de scoileanna ag cur scrúdú cainte roghnach ar fáil sa tSraith Shóisearach in 2016. Ní raibh múinteoirí sásta leis an treoir a fuair siad don scrúdú deiridh. Níor cuireadh páipéar samplach ar fáil go dtí an Fómhar sa tríú bliain agus ní raibh ach páipéar samplach amháin ar fáil don Ardleibhéal agus don Ghnáthleibhéal. Bhí múinteoirí den tuairim go raibh na torthaí foghlama deacair le tuiscint i gcásanna áirithe. Mhaígh údair na tuarascála nárbh mhór a bheith cúramach agus tátail á mbaint as an torthaí mar nach raibh timthriall iomlán curtha i gcrích ag scoláirí ag an am agus mar gheall go raibh na coinníollacha foghlama agus teagaisc curtha as riocht de bharr na paidéime.

Ag eascairt ón Athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 don tSraith Shóisearach (Mac Gearailt & Ó Duibhir, 2023)

rinneadh leasuithe ar Shonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 na Sraithe Sóisearaí agus Socruithe Measúnaithe do Mheasúnaithe Rangbhunaithe 1 agus 2 i Meán Fómhair 2023 in Imlitir 0015/2023 (An Roinn Oideachais, Márta 2023). Bhain na leasuithe leis na cohóirt scoláirí 2022/25 agus 2023/26. Ag freagairt don athbhreithniú luath agus le breis deiseanna a thabhairt do scoláirí scileanna labhartha agus idirghníomhaithe cainte a fhorbairt sa Ghaeilge, laghdaíodh an líon litríochta a bhí le clúdach. Scríobhadh san imlitir go dtabharfaí faoi Athbhreithniú agus Léirbhreithniú iomlán ar liostaí théacsanna Gaeilge na Sraithe Sóisearaí in 2023/2024. Rinneadh leasú ar théacsanna liteartha dualgais chomh maith. Tá na leasuithe ar na sonraíochtaí agus socruithe measúnaithe a leagadh amach sa chiorclán don chohórt scoláirí 2023-2026 léirithe i dTábla B.

Tábla B: Na príomhathruithe don chohórt scoláirí 2023-2026 (scoláirí a bheidh ag teacht isteach sa chéad bhliain) T1 agus T2 (Imlitir 0015/2023).

- **Laghú ar íoslíon na dtéacsanna liteartha a mholtar don chéad bhliain T2**
- **Laghú ar íoslíon na dtéacsanna liteartha dualgais don dara bliain agus don tríú bliain T1 agus T2**
- **Leasuithe ar an raon seánraí don dara bliain agus don tríú bliain T1**
- **Leasuithe ar an raon seánraí don chéad bhliain, don dara bliain agus don tríú bliain T2**
- **Bíonn MRB 1 ar siúl sa dara bliain**
- **MRB 2 athshamhlaithe i dtreoirínte measúnaithe athbhreithnithe**

Rinneadh leasuithe ar na treoirínte measúnaithe maidir le MRB1 & MRB2 i Meán Fómhair 2023 do scoileanna T1 agus scoileanna T2. Cuireadh breis ábhar tacaíochta ar fáil do MRB2 (CNCM, 2023b; 2023c).

Tá an t-íoslíon litríochta don dara bliain agus don tríú bliain léirithe i dTábla C (Imlitir 0015/ 2023).

Tábla C: Íoslíon na litríochta don dara bliain agus don tríú bliain

T1	T2
Úrscéal amháin (iomlán)	Úrscéal amháin (iomlán)
Dráma amháin (iomlán)	Ardleibhéal amháin
Dhá ghearrscannán	Dhá ghearrscannán nó dráma amháin (iomlán)
Cúig dhán/amhrán	Ceithre dhán/amhrán
Dhá ghearrscéal	Gearrscéal amháin
Cúig théacs áitiúla/béil	

De réir Imlitir 0015/2023, baineann tábhacht leis an athbhreithniú leantach ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí atá ar siúl sa taighde seo mar chur chuige a dhéanfaidh monatóireacht agus meastóireacht ar na leasuithe chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh ar na hoideolaíochtaí atá á gcur i bhfeidhm ag múinteoirí agus torthaí foghlama na sonraíochtaí á gcur i ngníomh. Maíodh go leagfaí béim sa taighde ar na foghlaimeoirí uile atá ag foghlaim na Gaeilge agus go ndéanfaí iniúchadh ar bhealaí praiticiúla le cumas agus muinín na scoláirí a fhorbairt i labhairt agus in idirghníomhnú le daoine eile sa Ghaeilge le linn na dt trí bliana den tSraith Shóisearach. Díríonn an taighde seo ar na sonraíochtaí nuashonraithe T1 agus T2 Meán Fómhair 2023 agus ar an treoir a mbaineann leo go príomha. Féachtar anois ar thaighde ábhartha eile.

Taighde Ábhartha Eile

Is díol spéise é an taighde fadtéarmach ar chur i bhfeidhm Chreat na Sraithe Sóisearaí atá ar bun ag taighdeoirí in Ollscoil Luimnigh don taighde seo chomh maith. Léiríonn an tríú tuarascáil eatramhach (McGarr et al., 2024) go bhfuil múinteoirí Gaeilge, múinteoirí Matamaitice agus múinteoirí Eolaíochta níos diúltaí faoi Chreat na Sraithe Sóisearaí i gcomparáid le múinteoirí a mhúineann ábhair eile. Sonraíodh go raibh leibhéal sástachta níos ísle ag múinteoirí na Gaeilge lena bpost agus go rabhadar níos diúltaí faoi ábhar na sonraíochtaí i gcomparáid le mórchuid de na múinteoirí a mhúineann ábhair eile.

Rinne Barnes et al. (2024) anailís ar shonraí ón staidéar fadtréimhseach 'Growing Up in Ireland' le hiniúchadh a dhéanamh ar dhearchtaí scoláirí i leith na Gaeilge. Léiríonn an anailís ar shonraí a bhain le 7,000 scoláirí go mbíonn dearchtaí níos dearfaí ag scoláirí a fhreastalaíonn ar scoileanna T1 i leith na teanga i gcomparáid le scoláirí a fhreastalaíonn ar scoileanna T2. Léiríodh chomh maith nach dtagann athruithe móra ar dhearchtaí scoláirí i leith na Gaeilge idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil. Bíonn dea-thionchar ag oideolaíochtaí atá soláire lárnaithe agus caidrimh dhearfacha le múinteoirí ar dhearchtaí scoláirí i leith fhoghlaím na Gaeilge. Aibhsíonn Barnes et al. (2024) gur gá béim a chur ar thaitneamh a mhéadú agus dúshláin a laghdú chun foghlaimeoirí a spreagadh. Aithníodh ról na dtuismitheoirí maidir le hinspreagadh teanga chomh maith leis na toisc níos leithe a mbíonn tionchar acu ar an nGaeilge. Aithníodh féidearthachtaí na Gaeilge mar chuid de stóras teanga ilteangach chun tuiscint idirchultúrtha a mhéadú chomh maith.

Conclúid

Rinneadh cur síos sa mhír seo ar chúlra stairiúil na sonraíochtaí T1 agus T2, taighde atá déanta go dáta agus ar réasúnaíocht agus ar ábhar na sonraíochtaí féin. Breathnaítear ar mhodheolaíocht an taighde sa chéad mhír eile.

Mír a Trí: **Modheolaíocht an Taighde**

Déantar cur síos sa mhír seo ar mhodheolaíocht an taighde. Mínítear dearadh an taighde agus na céimeanna a glacadh le Cuid a hAon den taighde a chur i gcrích. Tugtar aird ar an bpróiseas anailíse a cuireadh i bhfeidhm ar na sonraí cáilíochtúla ag Céim a hAon den taighde agus tugtar eolas faoi na scoileanna cás-staidéir rannpháirteacha.

Dearadh an Taighde

Is taighde modhanna measctha ilghnéitheach atá sa mhórstaidéar seo. Bainfear leas as réimse uirlisí taighde cainníochtúla agus cáilíochtúla leis na ceisteanna taighde a fhreagairt le linn na dtrí bliana den staidéar. Is réamhthorthaí ó 12 scoil chás-staidéir atá curtha i láthair ag Céim a hAon agus ní mór sin a chur san áireamh agus an tuairisc á léamh. Trí leas a bhaint as an dearadh taighde seo beidh sé d'acmhainn ag an taighde eolas a thabhairt ar an taithí atá ag scoláirí, ag múinteoirí agus ag gairmithe eile scoile ar chur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 agus T2). Tabharfaidh an taighde seo léargas ar an taithí atá ag páirtithe leasmhara ar na tacaíochtaí atá ar fáil maidir leis an soláthar agus cur i bhfeidhm na sonraíochtaí, agus ar na constaicí, más ann dóibh, atá ann don chur i bhfeidhm. Tabharfar léargas, chomh maith leis sin, sa taighde seo ar an gcaoi a dtagann cur i bhfeidhm na sonraíochtaí leis an réasúnaíocht agus leis na haidhmeanna atá ann don leagan uasdátaithe de na sonraíochtaí Gaeilge (T1 agus T2) ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015) ar bhonn níos leithne.

Díríodh ar mhórchéist a haon agus ar mhórchéist a dó ag Céim a hAon den taighde, ba iad sin:

- 1. Cad é an taithí atá ag ceannairí scoile, múinteoirí agus scoláirí ar chur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 agus T2) i réimse an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe agus cad iad na tuairimí atá acu ina leith?*
- 2. Cad é an taithí atá ag páirtithe leasmhara ar na tacaíochtaí atá ar fáil maidir le cur i bhfeidhm an tsoláthair agus na sonraíochtaí, agus cén constaicí más ann dóibh, atá ann don chur i bhfeidhm?*

Fiosrófar taithí agus tuairimí na scoláirí i scoileanna cás-staidéir maidir le cur i bhfeidhm na sonraíochtaí uasdátaithe i mBliain a hAon (2023-2024) agus i mBliain a Dó (2024-2025) ag Céim a Dó. Beidh scoláirí páirteach sa taighde ag Céim a Trí agus beidh deis acu a gcuid taithí agus a gcuid tuairimí a roinnt faoi Bhliain a Trí (2025-2026) ag Céim a Trí agus iad ag teacht chun críche na Sraithe Sóisearaí. Éascóidh an dearadh taighde fadtéarmach rannpháirtíocht ó réimse leathan geallsealbhóirí le linn na dtrí bliana, mar shampla, múinteoirí, scoláirí, gairmithe scoile, tuismitheoirí/caomhnóirí agus eagraíochtaí Gaeilge. Tá sé tábhachtach a aithint go bhféadfaí na réamhthorthaí atá curtha i láthair sa tuarascáil eatramhach a iniúchadh níos mó ó réimse peirspictíochtaí le linn na dtrí bliana den staidéar. Freagraíonn príomhcheisteanna an taighde do na critéir a leag an CNCM síos san iarratas ar thairiscintí. Déantar cur síos sa mhír seo ar mhodheolaíocht an taighde ag Céim a hAon. Bailíodh na sonraí ó agallaimh leath-struchtúrtha le ceannairí scoile agus ó ghrúpaí fócais le múinteoirí i sé scoil chás-staidéir T1 agus i sé scoil chás-staidéir T2.

Earcaíocht Scoileanna Cás-staidéir agus Sampláil

Fuair an fhoireann taighde faomhadh eitice ó Choiste Eitice Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath tabhairt faoin taighde i mí Eanáir 2024. Seoladh cuireadh chun spéis a léiriú sa taighde chuig gach iar-bhunscoil (N= 735) ó ríomhphost SEALBHÚ ag baint úsáid as na sonraí a bhí ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais. Léirigh 33 scoil spéis sa taighde. D'úsáid na taighdeoirí sampláil bhreithiúnais (Maxwell, 2009; Teddlie & Yu, 2007) chun a chinntiú go mbeadh scoileanna ionadaíoch ar réimse foghlaimoírí teanga agus réimse comhthéacsanna foghlama ag an iar-bhunleibhéal. Dar le Teddlie & Yu (2007, lch.83), 'a purposive sample is typically designed to pick a small number of cases that will yield the most information about a particular phenomenon'. Bhí modh taighde an chás-staidéir an-oiriúnach don taighde seo.

Díríonn cás-staidéar ar chás ar leith atá lonnaithe i gcomhthéacs ar leith agus is minic go ndéantar cur síos saibhir ar an gcás agus go dtugtar mionsonraí faoi (Yin, 2009). D'fhéadfadh cás-staidéar a bheith éifeachtach le léargas a fháil ar pheirspictíochtaí daoine i gcás ar leith (Cohen et al., 2018). Ba dhearadh cas-staidéir iolrach a bhí sa taighde seo (Yin, 2009). D'fheidhmigh gach scoil mar chás inti féin agus rinne na taighdeoirí anailís ar gach scoil chás-staidéir mar aon chás amháin, ansin rinneadh anailís ar na scoileanna T1 ar fad le chéile agus ar na scoileanna T2 ar fad le chéile. Rinneadh comparáid ar deireadh idir na scoileanna cás-staidéir T1 agus scoileanna cás-staidéir T2.

Rannpháirtithe an Taighde

Roghnaíodh 12 scoil le bheith ina scoil chás-staidéir, ghlac sé scoil T1 agus sé scoil T2 páirt sa taighde. Roghnaíodh na scoileanna cás-staidéir le léargas a thabhairt ar thaithí scoileanna éagsúla ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí. Ghlac scoileanna i ngach cúige in Éirinn páirt sa taighde.

Maidir le scoileanna cás-staidéir T1, bhí trí scoil Ghaeltachta, dhá Ghaelcholáiste agus iar-bhunscoil meán-Bhéarla a raibh sruth lán-Ghaeilge

intí páirteach sa taighde. Bhí roinnt ábhar á dteagasc trí Ghaeilge sa sruth lán-Ghaeilge. Bhí réimse scoileanna páirteach sa taighde a bhí ionadaíoch ar chineálacha éagsúla scoileanna mar shampla - scoileanna beaga, scoileanna móra, scoileanna aon-ghnéis, scoileanna measctha, scoileanna DEIS, scoileanna tuaithe, scoileanna uirbeacha agus scoileanna príobháideacha.

Bailíodh eolas cáilíochtúil ó agallaimh leath-struchtúrtha le príomhoidí agus príomhoidí tántaisteacha, chomh maith le comhordaitheoir na Gaeilge i scoil amháin (N=18) agus bailíodh eolas cáilíochtúil ó ghrúpa fócais le múinteoirí Gaeilge i ngach scoil chás-staidéir (N= 42). Bhí naonúr ceannairí scoile T1 agus naonúr ceannairí scoile T2 páirteach sa taighde. Bhí 23 múinteoirí T1 agus 19 múinteoirí T2 páirteach sa taighde.

Lorgaíodh cead i scríbhinn ó gach príomhoide agus ó Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta i ngach ceann de na scoileanna rannpháirteacha chun go mbeadh na scoileanna páirteach sa taighde thar thréimhse thrí bliana. Bhí rogha ag múinteoirí páirt a ghlacadh nó gan páirt a ghlacadh sa chéim seo den taighde. Ní úsáidtear ainmneacha pearsanta sa tuairisc seo le rúndacht na rannpháirtithe a chosaint. Tugtar eolas ar na cineálacha scoile atá sna scoileanna T1 (Scoil Ghaeltachta, Gaelcholáiste nó Sruth lán-Ghaeilge) le cur le saibhreas an taighde agus le bailíocht na hanailíse.

Bailíodh na sonraí idir mí Aibreáin agus mí na Bealtaine 2024 agus ó scoil amháin i mí Mheán Fómhair 2024. Reáchtáladh na hagallaimh agus na grúpaí fócais ar fad ar láthair na scoileanna seachas i gcás dhá agallamh le ceannairí agus grúpa fócais amháin le múinteoirí a d'iarr orainn agallamh a dhéanamh ar líne. Rinneadh taifead fuaimne ar na hagallaimh agus ar na grúpaí fócais agus rinneadh trasríobh orthu ina dhiaidh sin. Reáchtáladh na grúpaí fócais le múinteoirí agus leis na ceannairí scoile T1 trí Ghaeilge agus cuireadh na ceannairí i scoileanna T2 faoi agallamh i mBéarla. Tá na ceisteanna ó na hagallaimh le ceannairí scoile agus ó na grúpaí fócais le múinteoirí ar fáil in Aguisín A agus in Aguisín B. Léiríonn Tábla D líon na rannpháirtithe a ghlac páirt sa taighde ó na scoileanna cás-staidéir agus na sonraí a bailíodh uathu. Déantar cur síos ar anailís ar shonraí ina dhiaidh sin.

Tábla D: Scoileanna Cás-Staidéir agus Na Sonraí Taighde

Scoileanna	Agallaimh le Ceannairí Scoile	Grúpa Fócais le Múinteoirí
T1 Scoil A : Gaelcholáiste	Príomhoide & Príomhoide Tánaisteach	N=7
T1 Scoil B: Scoil Ghaeltachta	Príomhoide	N=2
T1 Scoil C: Gaelcholáiste	Príomhoide	N=3
T1 Scoil D: Scoil Ghaeltachta	Príomhoide & Príomhoide Tánaisteach	N=4
T1 Scoil E: Scoil Ghaeltachta	Príomhoide & Príomhoide Tánaisteach	N= 4
T1 Scoil F: Scoil ina bhfuil sruth lán-Ghaeilge	Príomhoide Tánaisteach	N=3
T2 Scoil A	Príomhoide	N= 4
T2 Scoil B	Príomhoide	N=5
T2 Scoil C	Príomhoide	N=3
T2 Scoil D	Príomhoide, Príomhoide Tánaisteach & Comhordaitheoir na Gaeilge	N= 2
T2 Scoil E	Príomhoide	N=3
T2 Scoil F	Príomhoide & Príomhoide Tánaisteach	N=2
Líon Iomlán	18	42

Anailís ar na Sonraí Taighde

Cuireadh dhá mhodh anailíse i bhfeidhm sa taighde seo. Rinneadh anailís ar bhonn téamúil (Braun & Clarke, 2006) ar na hagallaimh leath-struchtúrtha leis na ceannairí scoile. Leanadh sé chéim lena linn, ba iad sin, (i) léamh agus athléamh ar na sonraí; (ii) cód a dhearadh as na pointí éiritheacha; (iii) cóid a rangú mar théamaí (iv) athbhreithniú a dhéanamh ar théamaí (v) tábhacht na dtéamaí a shocrú agus (vi) tuairisciú a dhéanamh ar na torthaí. B`anailís ionductach a cuireadh i bhfeidhm ar na sonraí ó na hagallaimh leis na ceannairí scoile.

Baineadh leas as anailís teimpléid (King, 2012) le hanailís a dhéanamh ar na sonraí ó na grúpaí fócais le múinteoirí. Tá an sórt seo anailíse oiriúnach nuair atá téamaí aitheanta ag na taighdeoirí roimh ré a mbaineann tábhachtach ar leith leo agus ar mhaith leo a iniúchadh. Bhí freagracht ar na taighdeoirí freagairt do na critéir a leagadh síos san iarratas ar thairiscintí. Mar sin, dhear na taighdeoirí códleabhar (Crabtree & Millar, 1999; King, 2012) a bhí mar theimpléad. B`anailís dhéaduchtach a cuireadh i bhfeidhm ag úsáid an teimpléid, chomh maith le hanailís ionductach ar na téamaí éiritheacha; rinneadh leasuithe ar an teimpléad le linn na hanailíse. Is anailís struchtúrtha atá san anailís teimpléid a thugann struchtúr don anailís ón tús ach atá solúbtha chomh maith le freagairt do na téamaí éiritheacha. Mar atá molta ag King (2012), rinne na taighdeoirí códú neamhspleách ar na sonraí agus ansin rinne siad comparáid chriticiúil ar chódú a chéile le cur le bailíocht na hanailíse.

Conclúid

Rinneadh cur síos sa mhír seo ar mhodheolaíocht an taighde. Is sa chéad mhír eile a bhreathnaítear ar thorthaí an taighde.

Mír a Ceathair: **Téamaí Éiritheacha**

Réamhrá

Cuirtear réamhthorthaí an taighde i láthair sa mhír seo. Tá ceithre sheit sonraí i gceist, (i) sonraí ó na ceannairí scoile T1, (ii) sonraí ó na múinteoirí scoile T1, (iii) sonraí ó na ceannairí scoile T2 agus (iv) sonraí ó na ceannairí scoile T2. Breathnaítear ar na sonraí a bailíodh ó na scoileanna T1 i gCuid a hAon agus breathnófar ar na sonraí ó na scoileanna T2 i gCuid a Dó.

4.1 Sonraí ó na Scoileanna Cás-Staidéir T1

Cuid a hAon: Ceannairí Scoile T1

Dírítear sa chuid seo den tuairisc ar thaithí na gCeannairí Scoile in iarbhunscoileanna T1 ar chur i bhfeidhm na sonraíochta T1 agus ar na tuairimí atá acu ina leith. Breathnaítear ansin ar thaithí na gceannairí ar na tacaíochtaí agus ar na constaicí a bhaineann le cur i bhfeidhm na sonraíochta agus leis an soláthar, chomh maith leis na moltaí a rinne siad le linn na n-agallamh. Ar deireadh, déantar suimiú ar an gcuid seo den taighde a bhaineann ceannairí scoile i sé scoil chás-staidéir ($N = 9$) ar chur i bhfeidhm na sonraíochta i gcomhthéacsanna scoile T1.

Taithí agus Tuairimí na gCeannairí Scoile T1

Cé go raibh formhór na gceannairí dearfach faoin gcuraclam idirdhealaithe ar bhonn prionsabail, ba léir go raibh deacrachtaí le cur i bhfeidhm na

sonraíochta T1 i nach mór gach scoil chás-staidéir. Príomhbhuanna a bhain le fealsúnacht an tsoláthair idirdhealaithe, dar leis na ceannairí, ná saibhriú agus forbairt teanga scoláirí i scoileanna T1 a bheadh ag tógáil ar na scileanna teanga a bhí forbartha acu ón mbaile agus/nó ón gcóras scolaíochta i bprionsabal.

- *Anois, caithfidh mé a rá, i bprionsabal go n-aontaím leis. Is maith liom go mbeadh curaclam difriúil ann dos na scoileanna Gaeltachta agus na Gaelcholáistí, so ó thaobh an churaclaim de i bprionsabal. (T1 Scoil B - Príomhoide Scoil Ghaeltachta)*
- *Is breá liom an smaoineamh agus d'eascair sé as an díoscúrsa ar fad ach is an cur i bhfeidhm... (T1 Scoil D - Príomhoide Scoil Ghaeltachta)*
- *Is dócha gur coincheap iontach atá ann ó thaobh saghas idirdhealú a dhéanamh idir scoileanna atá ag feidhmiú trí Ghaeilge agus scoileanna atá ag feidhmiú trí Bhéarla. Ach is dócha sa chomhthéacs atá againn anseo i XXX, ní dóigh linn i ndáiríre go bhfuil an tsonraíocht ag freastal ar ár gcomhthéacs. (T1 Scoil C - Príomhoide Gaelcholáiste)*
- *Feicimse cad é atá an Roinn agus an NCCA ag iarraidh a dhéanamh, ach sílim nach bhfuil an ceart acu maidir leis seo. (T1 Scoil A - Príomhoide Gaelcholáiste)*

Léirigh na ceannairí príomhphointí buairimh a d'eascair óna dtaithí mar cheannairí ar scoileanna T1. Déantar cur síos ar thaithí agus ar thuairimí na gceannairí faoi thrí fhothéama: (i) labhairt na teanga i scoileanna T1, (ii) an córas grádála do scoláirí T1 agus, (iii) soláthar na sonraíochta T1 d'fhoghlaimoirí uile na Gaeilge.

Labhairt na Teanga i Scoileanna T1

Léirigh na ceannairí díomá agus imní nach raibh go leor béime ar labhairt na teanga. Mar gheall ar an ualach trom litríochta atá le clúdach agus toisc nach bhfuil scrúdú cainte mar chuid den mheasúnú suimitheach, mhínigh mórchuid na gceannairí nach raibh spás cruthaithe le díriú ar fhorbairt na scileanna teanga ó bhéal mar ba cheart. Cé go bhfuil cur i láthair ó bhéal le déanamh ag scoláirí i MRB 2, mhínigh ceannairí nach leor é seo ar chor ar bith, ach go háirithe nuair nach bhfuil marcanna suimitheacha ag dul dó. Léiríonn na tuairimí a bhí ag na ceannairí go mbíonn tionchar láidir ag an measúnú seachtrach ar chur i bhfeidhm na sonraíochta T1 sna scoileanna agus nach féidir an teagasc agus an fhoghlaim a scaradh ón measúnú suimitheach a dhéantar ar an bhfoghlaim chéanna.

Thóg na ceannairí ar fad an pointe go bhfuil níos mó i gceist leis an nGaeilge i scoileanna T1 ná ábhar scoile ná scrúdú. Tá sí níos leithne ná sin agus fite fuaite le féiniúlacht, le féinmhúinín agus le saol na scoláirí. Mhínigh ceannairí i scoileanna Gaeltachta go raibh labhairt na teanga mar dhroim chnámha na forbartha teanga acu i gcónaí agus gur chóir go ndíreofaí ar shaibhriú agus ar fhorbairt scileanna labhartha na scoláirí le tacú leo a bheith ina nGaeilgeoirí fadsaoil. Mhínigh ceannairí i nGaelcholáistí go raibh siad ag iarraidh úsáid na teanga a spreagadh taobh amuigh den rang agus i bpobal na scoile, mar sin, go raibh géarghá béim a chur ar scileanna labhartha na scoláirí sa rang.

Bhí gach ceannaire scoile go láidir den tuairim gur ceart agus gur cóir níos mó aitheantais a thabhairt do labhairt na teanga ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí le tacaíocht agus le haitheantas a thabhairt don Ghaeilge mar theanga bheo bheathach. Thuairiscigh cuid de na ceannairí gur ghlac scoláirí páirt i scrúduithe béil roghnach mar chuid den mheasúnú sa seanchóras agus gur chothaigh an cleachtas seo deis ní ba mhó do mhúinteoirí díriú ar

fhorbairt scileanna labhartha sa rang. Chomh maith leis sin, thug an measúnú ar labhairt na Gaeilge deis do scoláirí na sárscileanna teanga ó bhéal a bhí sealbhaithe acu a léiriú agus a bheith mórtasach astu.

• *Is é ceann dos na rudaí is dócha a bhí an-díomách dúinn ná nach bhfuil deis ag na daltaí scrúdú béil a dhéanamh anois. Nuair a tugadh isteach an deis tá a fhios agam gur deis roghnach a bhí ann do dhaltaí scrúdú béil a dhéanamh don tSraith nó don Teastas Sóisearach. Bhí sé go hiontach agus bhí ár ndaltaí in ann a scileanna teanga a léiriú. Mar sin, fuair siad aitheantas don obair sin a bhí déanta acu. (T1 Scoil C - Príomhoide Scoil Ghaeltachta)*

• *Chun cuidiú leis na scoil an teanga a spreagadh, caithfidh luach a bheith air, tá gá le scrúdú béil. (T1 Scoil A - Príomhoide Gaelcholáiste)*

Bhí na ceannairí scoile go láidir den tuairim gur chóir níos mó béime a chur ar labhairt na teanga le chun tacú le stádas na teanga, le forbairt teanga na scoláirí agus lena gcuid féinmhúiníne agus inspreagtha mar úsáideoirí gníomhacha teanga. Tháinig cúrsaí idirdhealaithe chun cinn go mór. Pointe tábhachtach a ardaíodh ná nach bhfeileann measúnú a dhíríonn go príomha ar scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta do gach foghlaimoir, go háirithe nuair nach mbíonn mórchuid de na foghlaimoirí ag léamh agus ag scríobh go rialta i nGaeilge taobh amuigh den scoil. Bhí foghlaimoirí ann a raibh scoth na Gaeilge acu ó bhéal ach nach raibh deis acu na scileanna teanga sin a léiriú sa mheasúnú scríofa. Ardaíodh ceisteanna faoi oiriúnacht an sórt seo measúnaithe do pháistí a bhfuil deacrachtaí litearthachta nó riachtanais oideachais sa bhreis acu. Thuairiscigh ceannairí nach raibh an easpa aitheantais do scileanna labhartha na Gaeilge cothrom ar na scoláirí a bhfuil stíleanna éagsúla foghlama acu agus nár oir an córas measúnaithe ar na sonraíochta, a raibh tionchar aige ar an gcleachtas ranga ach do na foghlaimoirí ab acadúla amháin.

- Tá an T1 ann ag déanamh imeallú ar roinnt mhaith den chohórt atá sa scoil seo agus is bocht an rud duine nó an t-ábhar a imeallú ar an ngréasán Gaeltachta.... agus an dream, b'fhéidir go bhfuil an ábaltacht acadúil acu, tá siad in ann b'fhéidir é sin a láimhseáil agus mar sin de, but níl chuile dhuine acadúil agus sin é an suimiú suas, an ginearálta teoranta a dhéanamse. (T1 Scoil D - Príomhoide Scoil Ghaeltachta)

An Córas Grádála do Scoileanna T1

Bhí ceannairí scoile i mbeagnach gach scoil chás-staidéir buartha faoin gcóras grádála ó cuireadh an soláthar idirdhealaithe i bhfeidhm. Sna cásanna seo bhí ceannairí scoile den tuairim nach bhféadfaí cur i bhfeidhm na sonraíochta a dhícheangal ón gcóras scrúdaithe.

- Níl tú ag iarraidh béim a chur ar na torthaí, ach caithfimid uile mar bhainisteoirí agus ceannairí a bheith eolach faoi sin agus bheith cognaíoch faoi sin, sin an slat tomhais atá againn mar scoil. (T1 Scoil A - Príomhoide Gaelcholáiste)

Léirigh nach mór gach ceannaire buairt agus míshástacht maidir leis an gcóras grádála ar na cúiseanna seo a leanas: (i) an titim shuntasach sna torthaí arda agus éagothroime an chórais ghrádála do scoláirí T1 dar leo, (ii) nach raibh na marcanna a bronnadh ar na scoláirí ag teacht le hardchumas teanga ó bhéal na scoláirí, (iii) go raibh drochthionchar ag na gráid íslithe ar fhéinmhuinín agus ar inspreagadh scoláirí agus múinteoirí agus (iv) go bhféadfadh na gráid íslithe dochar a dhéanamh do dheacháil na scoileanna agus don éileamh a bheadh ar scoileanna T1 sa todhchaí.

Léirigh nach mór gach ceannaire an tuairim go raibh díomá nó fiú fearg orthu maidir leis an titim sna marcanna ó cuireadh an soláthar idirdhealaithe i bhfeidhm. Léirigh ceannairí an tuairim go raibh éagóir á dhéanamh anois ar scoláirí T1 nó go raibh pionós á ghearradh orthu mar gheall go raibh siad i scoileanna T1. Mhínigh cuid de na ceannairí nach léiriú cruinn nó cóir a bhí sna marcanna a bhí bronta ar na scoláirí ar a gcumas teanga sa Ghaeilge i gcás cainteoirí dúchais

agus foghlaimoirí na Gaeilge araon. Mhínigh ceannaire i scoil Ghaeltachta amháin mar shampla, go raibh an líon gradam nach mór mar an gcéanna bainte amach ag scoláirí na scoile i Nuatheanga Eorpach agus sa Ghaeilge, cé gurb í an Ghaeilge teanga an bhaile ag cuid de na scoláirí, teanga an cheantair agus céad teanga na scoile. D'áitigh Príomhoide Gaelcholáiste go raibh na páistí anois faoi mhíbhuntáiste ag an gcóras T1 mar go mbeadh marcanna ní b'airde bainte amach acu sa Ghaeilge dá mbeidís ag freastal ar iar-bhunscoil T2.

- Ach má tá daltaí a tógadh sa Ghaeltacht gurb í an Ghaeilge an chéad teanga acu agus atá lánach i saol na Gaeilge sa Ghaeltacht agus nach bhfuil siad ag teacht amach le gradam, tá fadhb ansin. So, sin an rud is mó. Tá daltaí na Gaeltachta faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar an idirdhealú seo. (T1 Scoil B - Príomhoide Scoil Ghaeltachta)
- Ach ceapann na daltaí go bhfuil saghas pionós á ghearradh orthu siúd i gcomparáid lena gcairde atá thíos an bhóthair sna scoileanna T2. Tá obair na gcapall ar siúl acu agus ansan fuair Cathal ó thíos an bhóthair nach bhfuil na scoileanna teanga céanna aige gradam sa scrúdú agus fuair siad siúd toilteanas nó ardoilteanas agus níl sé sin cothrom ar ár ndaltaí ar chor ar bith. (T1 Scoil C - Príomhoide Gaelcholáiste)

Thuiriscigh príomhoidí i gcuid de na scoileanna chomh maith go raibh tuismitheoirí buartha faoin titim sna marcanna agus iad i ndiaidh a bpáistí a sheoladh chuig scoil T1. I gcásanna áirithe ardaíodh an pointe go raibh an córas grádála ag tarraingt droch-cháil ar an scoil agus má leanann an cur chuige grádála mar atá go bhféadfadh sé tionchar diúltach a imirt ar thodhchaí na scoileanna T1.

- Ní thuigeann an pobal..an pobal go ginearálta céard atá i gceist le T1 so mar sin nuair a fheiceann siadsan nach bhfuil gradaim ag teacht amach nó you know...yeah is ionann é sin dóibh sin agus oh tá fadhb ansin le múineadh na Gaeilge. Agus níl sé sin fíor, tá a fhios againn nach bhfuil. (T1 Scoil B - Príomhoide Scoil Ghaeltachta)

- *Is dócha chomh maith leis sin, go han-mhacánta, go raibh na torthaí dos na scrúduithe díomách agus tá na tuismitheoirí ag cailliúint saghas, b'fhéidir roinnt den mhuinín atá acu in eanáil na gaeilscoláochta dá bharr agus táimid buartha go fadtéarmach go mbeidh tionchar ar an líon daltaí a dteastóidh uathu a gcuid oideachais a dhéanamh trí Ghaeilge. (T1 Scoil C - Príomhoide Gaelcholáiste)*

Ardaíodh an tuairim chomh maith nár chóir soláthar idirdhealaithe a chur i bhfeidhm sa tSraith Shinsearach go dtí go mbeadh réiteach ar na dúshlán maidir leis an mbronnadh marcanna do scoláirí T1 ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Mar atá faoi láthair, bhí mórchuid na gceannairí den tuairim go raibh scoláirí T1 faoi mhíbhuntáiste sa scrúdú deiridh agus 'buntáiste caillte acu' ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí, bheadh na himpleachtaí níos tromchúisí do na scoláirí agus léirigh cuid de na ceannairí imní faoi sin.

Soláthar na Sonraíochta T1 d'fhoghlaimoirí uile na Gaeilge

Bhí gach pobal scoile éagsúil i ngach scoil chás-staidéar agus bhí ceannairí na scoile freagrach as freastal ar réimse leathan foghlaimoirí. I gcás cuid de na scoileanna Gaeltachta, aithníodh go raibh bua ag baint leis an tsonraíocht maidir le saibhriú teanga agus dúshlán sa bhreis a thabhairt d'fhoghlaimoirí áirithe.

Ar an iomlán áfach, léirigh ceannairí i mórchuid na scoileanna cás-staidéir go raibh deacracht le cur i bhfeidhm na sonraíochta T1 mar gheall ar an ualach oibre, an caighdeán teanga agus na scileanna teanga a d'éiligh an tsonraíocht. Bhí na tuairimí a léirigh na ceannairí bunaithe ar a gcuid taithí le tuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí. Tá na dúshlán a bhain le soláthar na sonraíochta T1 d'fhoghlaimoirí éagsúla tuairiscithe anseo.

Bhí mórchuid na gceannairí den tuairim go raibh an tsonraíocht T1 ag cothú lagmhisnigh i measc scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí agus go raibh éagóir á déanamh ar fhoghlaimoirí T1 de bharr an t-ualach oibre sa bhreis a bhain leis an tsonraíocht T1. Ó thaobh na litríochta de, nocht go leor de na ceannairí an tuairim go raibh an líon litríochta a bhí le clúdach ag scoláirí T1 ró-ard agus go raibh

caighdeán cuid de na téacsanna ró-uailmhianach do scoláirí ag leibhéal na hiarbhunscoile. Léirigh ceannairí an tuairim go raibh an tsonraíocht dúshlánach do scoláirí a raibh deacrachtaí litearthachta acu agus bhí cuid de na ceannairí den tuairim nach raibh an méid seo obair sa bhreis agus an fócas ar léitheoireacht agus scríbhneoireacht cothrom ar na scoláirí. Ardaíodh an tuairim nach mbíonn scoláirí ag léamh nó ag scríobh go rialta i nGaeilge taobh amuigh den scoil, mar sin, bhí an-dúshlán sa líon a bhí le clúdach do go leor foghlaimoirí.

- *Tá solúbthacht ann ó thaobh na dtéacsleabhar agus na húrscéalta, na dánta agus eile. Roghnaíonn an scoil. Tá cead ag an múinteoir agus scoláire a roghnú le chéile, ach níl aon solúbthacht don líon atá ann. (T1 Scoil D - Príomhoide Tánaisteach Scoil Ghaeltachta)*
- *Tá sé chomh deacair agus na múinteoirí ag cailleadh misnigh agus níl fhios agam cad a tharlóidh. (T1 Scoil F - Príomhoide Tánaisteach Sruth Iar-Ghaeilge)*

Bhí ceannairí scoile sna Gaelcholáistí den tuairim go raibh an tsonraíocht ródúshlánach do scoláirí nach bhfuil Gaeilge acu sa bhaile agus nach bhfuil tacaíocht bhreise leis an nGaeilge sa bhaile acu.

- *Ta sé rómhór sálim, go mbeadh an dalta ag déanamh T1 mar níl siad ina gcainteoirí dúchais, tá caighdeán Gaeilge iontach maith acu ach níl siad ina gcainteoirí dúchais. (T1 Scoil A - Príomhoide Gaelcholáiste)*

Thuiriscigh cuid de na ceannairí go mbeadh ar níos mó scoláirí tabhairt faoi ghnáthleibhéal sa Ghaeilge mar gheall ar an ualach oibre agus nach raibh seo cothrom orthu. Nocht duine de na ceannairí an tuairim go mbíonn an-díomá ar na scoláirí in amanna tabhairt faoin ngnáthleibhéal i gcomhthéacs scoile T1. Mhínigh ceannaire sa scoil ina raibh an sruth Iar-Ghaeilge go raibh foghlaimoirí ag roghnú gnáthleibhéil ní ba luaithe anois agus go raibh dúshlán le hidirdhealú sa rang agus scoláirí ag déanamh staidéir ar chúrsa ardleibhéil agus ar chúrsa ghnáthleibhéil in aon rang amháin. Mhínigh ceannaire eile go

raibh sé dúshlánach ar scoláirí tabhairt faoin tsonraíocht T1 sa Ghaeilge agus faoin tsonraíocht T1 sa Bhéarla. Sa chás seo, bhí sé tugtha faoi deara go raibh cuid de na scoláirí ag roghnú gnáthleibhéil sa Bhéarla agus ardleibhéal sa Ghaeilge sa tSraith Shóisearach le deis níos fearr a thabhairt dóibh féin díriú ar T1 sa Ghaeilge. Léiríodh inné faoi seo dá leathnófaí an tsonraíocht mar atá isteach sa tSraith Shinsearach agus dá mbeadh measúnú T1 le déanamh ag scoláirí sa dá theanga - Gaeilge agus Béarla.

- *Anois yeah, tá na daltaí ag teacht isteach le hiarratas bogadh go dtí an gnáth leibhéal níos luaithe agus níos luaithe sa dara bliain. Agus tá sé deacair ar na múinteoirí an dá thrá a fhreastal ansin. Tá sé deacair freastal ar na riachtanais atá acu, tá tú ag díriú isteach ar úrscéal agus a rá le lucht gnáthleibhéil níl sé seo ar do chúrsa ach déan é ar son na teanga agus tá sé deacair agus cuid acu le riachtanais difriúla freisin. (T1 Scoil F - Príomhoide Tánaisteach Sruth lán-Ghaeilge)*

Bhain dúshlán le soláthar na sonraíochtaí T1 i gcásanna sa Ghaeltacht nuair a bhí scoláirí nuathagtha ag freastal ar an scoil. Úsáidtear an téarma nuathagtha le tagairt do scoláirí atá tagtha go hÉirinn le cúpla bliain anuas. Toisc go raibh Gaeilge agus Béarla á bhfoghlaím ag na scoláirí ag an aon am amháin bhí an tsonraíocht T1 dúshlánach do na scoláirí siúd. I gcás amháin, bhí líon ard nuafhoghlaimoirí sa scoil agus bhain dúshlán le cur i bhfeidhm na sonraíochta T1 sa chás sin. Tháinig sé chun solais sa taighde go bhfuil machnamh le déanamh ar oiriúnacht na sonraíochta T1 i gcásanna áirithe sa Ghaeltacht.

Breathnaítear sa chéad mhír eile ar thuairimí na gceannairí maidir leis na tacaíochtaí agus na constaicí a bhaineann le cur i bhfeidhm agus soláthar na sonraíochta T1.

Tacaíochtaí

Is iad na príomhthacaíochtaí a chabhraigh le cur i bhfeidhm na sonraíochta T1 agus le cur i bhfeidhm an tsoláthair de réir na sonraí a bailíodh ó na ceannairí T1 ná: múinteoirí na scoile, soláthróirí áiseanna, scéimeanna tacaíochtaí Gaeltachta agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim.

Múinteoirí na Scoile

Ba léir go raibh na ceannairí scoile an-mhórtasach as múinteoirí na scoile. Sna sonraí a bailíodh, tugadh moladh do dhíograis, do scil, do chruthaitheacht agus do ghairmiúlacht na múinteoirí. I ngach scoil is ar na múinteoirí a thit an príomhdhualgas an tsonraíocht a chur i bhfeidhm.

- *Is dócha an tacaíocht is mó ná an fhoireann scoile. Cinnte, tá foireann dochreidte againn agus tá foireann na scoile ag teacht ó gach cúige in Éirinn. Táimid i nGalltacht ach tá roinnt mhaith de na múinteoirí, is cainteoirí dúchais iad ó Ghaeltachtaí éagsúla timpeall na tíre rud atá go hálainn mar tugann sé blaiseadh de chanúintí éagsúla dár ndaltaí agus tá an Ghaeilge an-nádúrtha mar theanga sa scoil anseo, rud atá go haoibhinn. (T1 Scoil C - Príomhoide Gaelcholáiste)*

Soláthróirí Áiseanna

Cé gur tháinig rochtain ar áiseanna chun cinn mar dhúshlán a bhain le cur i bhfeidhm na sonraíochta T1, tugadh ardmholadh don Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus tugadh suntas don tsárobair a dhéanann siad ag soláthar áiseanna don earnáil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta sa Ghaeilge agus do na hábhair eile trí Ghaeilge.

Scéimeanna Gaeltachta

Thug an taighde le fios go raibh go raibh scéimeanna tacaíochta Gaeltachta ag tacú le cur i bhfeidhm na sonraíochta T1 sa Ghaeltacht. Mhol ceannairí na huaireanta do thacaíochtaí breise faoin scéim aitheantais do scoileanna Gaeltachta mar dheathacaíocht. Chabhraigh na huaireanta breise le cainteoirí láidre Gaeilge saibhriú a dhéanamh ar a gcuid scileanna teanga agus bhí tacaíocht ann d'fhoghlaimeoirí na Gaeilge chomh maith.

- *Is dóigh liom gur cabhair an-mhór é sin don scoil go ginearálta, cabhraíonn sé le soláthar T1 ansin chomh maith mar bíonn snas á chur ag na daltaí ar a gcuid Gaeilge istigh i ngach rang, ní hamháin sna ranganna Gaeilge. (T1 Scoil E - Príomhoide Scoil Ghaeltachta)*

Mhínigh siad in dhá scoil go raibh siad páirteach i scéim inár tháinig cúntóir teanga isteach chun tacú le sealbhú an tsainfhoclóra a bhain leis na hábhair eile agus gur chuidiú iontach é sin. Thacaigh sé seo le foghlaim na Gaeilge sna ceachtanna Gaeilge chomh maith.

Bhí moladh ag dul freisin d'oifigigh phleanála teanga as cabhrú le himeachtaí scoile a rinne nasc idir an scoil agus an pobal lasmuigh di.

- Tugann siad deis dúinn, you know, amhránaithe, damhsóirí, daoine a bhaineann le cultúr na teanga, oidhreacht na teanga, aoichainteoirí. Gan an Oifig Pleanála Teanga ní bheadh an t-airgead againn na rudaí sin a chur ar fáil. Tá an comhoibriú pobail sin thar a bheith tábhachtach i gceantar Gaeltachta sílim. Tá sé ar fheabhas caithfidh mé a rá, tá ardmholadh ag dul don phleanáil teanga agus an tacaíocht a thugann siad do na hinstiúidí oideachais sna Gaeltachtaí ag leibhéal éagsúla. (T1 Scoil C - Príomhoide Scoil Ghaeltachta)*

Gníomhaíochtaí Seach-churaclaim agus nasc le pobal na Gaeilge

Thug gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus nasc leis an bpobal tacaíocht do chur chun cinn na teanga sna scoileanna cás-staidéir T1 chomh maith. Mar shampla i nGaelcholáiste amháin bhí an scoil in úsáid ag grúpa pobail le ceol traidisiúnta a theagasc agus bhí nasc idir an scoil agus Gaelcholáiste eile. Tugadh deis, chomh maith leis sin do na scoileanna cuairt a thabhairt ar a chéile. Bhí deis ag scoláirí i nGaelcholáistí dul ar cuairt chun na Gaeltachta agus bhí cuid de na scoláirí ag obair mar cheannairí sa Ghaeltacht le linn na tsamhraidh. Sna scoileanna Gaeltachta tháinig scríbhneoirí, amhránaithe, aíonna ó TG4, iarscoláirí agus aoichainteoirí eile ar cuairt.

Constaicí

Is iad na príomhchonstaicí a d'aithin na ceannairí scoile T1 le linn na n-agallamh ná: earcaíocht múinteoirí, cúrsaí ama, áiseanna, acmhainní chun tacú le páistí a bhfuil riachtanais oideachais sa bhreis acu agus tacaíocht do nuafhoghlaimoirí na Gaeilge.

Earcaíocht Múinteoirí

Tháinig earcaíocht múinteoirí chun cinn mar phríomhdhúshlán i gcomhthéacs na sonraí a bailíodh. Labhair cuid de na ceannairí scoile faoin dúshlán a bhain le múinteoirí Gaeilge a earcú chomh maith le múinteoirí a earcú le hábhair eile a theagasc trí Ghaeilge. Mhínigh ceannairí go raibh sé thar a bheith deacair teacht ar mhúinteoirí a raibh saineolas ábhair agus ardchaighdeán Gaeilge acu agus nach raibh dóthain múinteoirí á soláthar ag institiúidí tríú leibhéal.

- Earcú foirne, sin ceann de na rudaí is deacra agus tá sé an-deacair ar roinnt cúiseanna éagsúla. Dár ndóigh, tá líon na múinteoirí atá líofa sa Ghaeilge i bhfad níos lú. Chomh maith leis sin, má theastaíonn uait post a ghlacadh i nGaelcholáiste, tá a fhios agat go mbeidh dhá oiread an méid oibre le déanamh agat mar beidh ort do chuid acmhainní féin a dhearadh. (T1 Scoil C - Príomhoide Gaelcholáiste)*

Tháinig an costas maireachtála i mBaile Átha Cliath chun cinn chomh maith, rud a spreag múinteoirí óga arb as an tuath iad filleadh abhaile.

Am

Bhí dúshlán ag baint le cúrsaí ama maidir le ham don teagasc, am don phleanáil agus am don fhorbairt ghairmiúil. Tháinig an laghdú ama do theagasc na Gaeilge chun cinn mar chonstaic agus mhínigh cuid de na ceannairí go raibh sé deacair an curaclam a chlúdach taobh istigh de dháileadh ama an churaclaim mar atá. I scoil amháin ní raibh rang laethúil ann sa Ghaeilge mar gheall ar chúrsaí amchláir agus mar sin bhí an ceannaire scoile den tuairim gur bhain sin ó theagmháil na scoláirí leis an teanga. Tuairiscíodh go raibh brú ama i gceist freisin leis na tascanna MRB ar fad a bhí le déanamh. I gcuid de na scoileanna cás-staidéir T1 bhí am sa bhreis á chaitheamh ar theagasc na Gaeilge anuas ar na huaireanta a mholtar. Bhí an t-am breise in úsáid le tacú leis na scoláirí forbairt a dhéanamh ar a gcuid scoileanna teanga sa Ghaeilge agus tabhairt faoin méid a bhí le clúdach.

Dar leis na ceannairí ní raibh go leor ama ann don phleanáil chomh maith agus le huasciliú/huasoiliúint a dhéanamh maidir leis na hathruithe curaclaim.

Úsáideadh uaireanta Pháirc an Chrócaigh go minic le dualgais phleanála eile a chomhlíonadh.

- *Tá am ag teastáil chun rudaí fisiciúla a dhéanamh chun na háiseanna a chur le chéile chun pleananna a chur le chéile, you know, bualadh le scoileanna eile b'fhéidir, agus rudaí a roinnt. Tá gach scoil ag déanamh an rud céanna. Tá sé fíordheacair an t am sin a fháil. (T1 Scoil F - Príomhoide Tánaisteach Sruth lán-Ghaeilge)*

Áiseanna

Príomhchonstaic a bhain leis an soláthar T1 ná rochtain ar áiseanna. Míníodh nach raibh rochtain ag na scoileanna ar chuid mhaith de na téacsanna i nGaeilge agus gur dúshlán mór é sin. I gceantair éagsúla na tíre bhí ceannairí den tuairim nach raibh áiseanna ar fáil i gcanúint na scoile/an cheantair. Mhaígh cuid de na ceannairí nach raibh caighdeán léitheoireachta cuid de na téacsanna oiriúnach mar go raibh siad ag aois léitheoireachta ró-ard.

Acmhainní chun Tacú le Scoláirí a bhfuil Riachtanais Oideachais sa Bhreis acu

Tháinig sé chun solais go dteastaíonn breis tacaíochtaí ó pháistí a bhfuil riachtanais oideachais sa bhreis acu. Cé go mbíonn áiseanna ar fáil i mBéarla, is minic go mbíonn ar an scoil iad a aistriú go Gaeilge. Thug an taighde le fios go raibh deacracht ag scoláirí áirithe rath a bhaint amach sa tsonraíocht T1 mar gheall ar an mbéim ar an léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Mhol scoil amháin go mbeadh acmhainní breise daonna ag teastáil mar shampla breis cúntóirí riachtanais speisialta chun tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais oideachais sa bhreis acu sa chóras lán-Ghaeilge.

- *Tá XX% de na daltaí sa scoil seo go bhfuil riachtanas éigin acu. B'fhéidir disléicse, díospaice, díoscalcúile. Ach nuair a lorgáimid na hacmhainní, mar shampla, do dhaltaí uathacha, níl siad ar fáil trí Ghaeilge agus bíonn orainn iad a aistriú. (T1 Scoil C - Príomhoide Gaelcholáiste).*

Réamh-mholtaí na gCeannairí T1 ag Céim a hAon

Cuireadh ceist ar na ceannairí scoile an raibh aon mholtaí ar mhaith leo a dhéanamh a rachadh chun sochair do chur i bhfeidhm na sonraíochta agus don soláthar ar bhonn níos leithne. Tá suimiú ar na moltaí a rinne siad ar fáil anseo. Tá sé tábhachtach le cur san áireamh gur bailíodh na sonraí ó scoileanna cás-staidéir ag Céim a hAon de staidéar trí bliana.

Scrúdú Cainte

- Moladh as cuimse a tháinig aníos ó na hagallaimh leis na ceannairí scoile sna scoileanna cás-staidéir T1 ná gur gá go mbeadh scrúdú cainte mar chuid den mheasúnú suimitheach ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí chun scileanna labhartha a chur chun cinn. Bhí gach ceannaire scoile ar aon tuairim faoi seo ar mhórán cúiseanna.
- Ar an gcéad dul síos, tá níos mó i gceist leis an nGaeilge i scoileanna T1 ná ábhar scoile amháin. Tá labhairt na Gaeilge ag croílár phobal agus saol na scoileanna. Tá labhairt na Gaeilge fite fuaite le féiniúlacht scoláirí agus bhí na ceannairí den tuairim gur gá béim a leagan ar labhairt na Gaeilge trí chóras an scrúdaithe mar go mbíonn tionchar ag an scrúdú ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim sa rang.
- Moladh go láidir go mbeadh scrúdú cainte ann chun aitheantas a thabhairt do scileanna teanga scoláirí i scoileanna T1 agus len iad a spreagadh leis an teanga a úsáid agus le bheith ina gcainteoirí gníomhacha Gaeilge.
- D'áitigh na ceannairí go raibh scrúdú cainte riachtanach ó thaobh cúrsaí idirdhealaithe de le deis a thabhairt do scoláirí a scileanna idirghníomhaithe teanga a léiriú tríd an gcaint.
- Moladh go mbeadh scrúdú cainte ann leis na scoláirí a réiteach don Ardeistiméireacht.

Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras scrúdaithe agus ar an gcóras grádála do scoileanna T1

- Faoi mar a sheasann sé, léirigh nach mór gach ceannaire scoile an tuairim go raibh scoláirí T1 faoi mhíbhuntáiste ag an scrúdú deiridh, nach léiriú cruinn a bhí i marcanna an scrúduithe ar chaighdeán Gaeilge na

scoláirí agus gur fheil an córas measúnaithe do scoláirí acadúla amháin. Bhí tromlach na ceannairí den tuairim go raibh an córas scrúdaithe agus an córas marcála ag déanamh dochar don teanga ó thaobh cúrsaí inspreagtha agus féinmhuiníne de. Chuir cuid de na ceannairí in iúl má leantar leis an gcóras mar atá, go bhféadfadh drochthionchar a bheith ag an gcóras scrúdaithe ar an éileamh a bheadh ar scoileanna T1 sa todhchaí. Bheadh impleachtaí an-tromchúiseacha ann dá leanfaí leis an gcóras marcála atá sa tSraith Shóisearach sa tSraith Shinsearach.

Athbhreithniú a dhéanamh ar an litríocht & soláthar téacsanna

- Bhí cuid de na ceannairí scoile den tuairim go raibh an iomarca litríochta le clúdach ag scoláirí T1.
- Moladh gur chóir go mbeadh scoláirí in ann tarraingt ar litríocht na chéad bhliana agus iad ag réiteach don scrúdú.
- Moladh téacsanna a roghnú atá ar chaighdeán oiriúnach agus déanamh cinnte de go mbeadh na téacsanna ar fáil do na scoileanna T1 agus iad ar fáil i gcanúint an cheantair. Is gá tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar an ábhar seo le linn an taighde.

Áiseanna & Tacaíochtaí do scoláirí a bhfuil riachtanas oideachais sa bhreis acu

- Moladh tacaíochtaí breise a chur ar fáil do scoláirí a bhfuil riachtanas oideachas sa bhreis acu agus go mbeadh áiseanna curtha in oiriúint don suíomh tumoideachais. Moladh go mbeadh breis foirne ann chomh maith chun tacú leis na foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu.

Am don Phleanáil agus don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach

- Moladh breathnú ar chúrsaí ama agus am ceart a thabhairt do mhúinteoirí le tabhairt faoin bhforbairt ghairmiúil agus le tabhairt faoin bpleanáil i gcomhthéacs athruithe suntasacha curaclaim.

Earcaíocht múinteoirí lán-Ghaeilge agus Gaeltachta &

Liúntas

- Moladh gur gá breathnú ar chúrsaí earcaíochta agus gur gá straitéis a bheith ann lena chinntiú go mbeidh múinteoirí ar fáil le teagasc i scoileanna sa chathair agus sna scoileanna Gaeltachta chomh maith.
- Moladh forbairt a dhéanamh ar oideachas múinteoirí go mbeidh soláthar ann don earnáil lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta ó thaobh theagasc na Gaeilge mar ábhar agus teagasc ábhair eile trí Ghaeilge.
- Moladh i scoil Ghaeltachta amháin gurbh fhiú painéal a bheith ann do mhúinteoirí Gaeltachta.
- Moladh an liúntas a thabhairt ar ais do mhúinteoirí atá ag teagasc i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar bhealach le haitheantas a thabhairt don obair bhreise a bhaineann le bheith ag obair san earnáil.

Gníomhaíochtaí Seach-churaclaim & Nasc leis an bpobal

- Moladh cur leis na gníomhaíochtaí seach-churaclaim trí Ghaeilge chun cur leis na deiseanna atá ag scoláirí T1 sóisialú a dhéanamh trí mheán na Gaeilge taobh amuigh den scoil. Is gá go mbeadh daoine líofa sa Ghaeilge le háisitheoireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí seach-churaclaim chomh maith.
- Moladh go bhféadfadh ciste éigin cabhrú le turais chun na Gaeltachta do scoláirí i scoileanna T1 lasmuigh den Ghaeltacht.
- Moladh leanúint leis na scéimeanna teanga sa Ghaeltacht atá ag tabhairt tacaíochta d'fhorbairt teanga na scoláirí ar scoil.

Tátal

Bhí dúshlán le cur i bhfeidhm na sonraíochta T1 i mórchuid de na scoileanna cé go raibh mórchuid de na ceannairí ag aontú leis an soláthar idirdhealaithe ar bhonn prionsabail. Príomh-phointí buairimh ná: aitheantas do labhairt na teanga, an córas grádála do scoileanna T1 agus soláthar na sonraíochta T1 d'fhoghlaimeoirí uile na Gaeilge. Is iad foireann múinteoirí na scoile an phríomhthacaíocht a mhol na ceannairí. Bhí roinnt scéimeanna tacaíochta

teanga i scoileanna Gaeltachta le moladh chomh maith le gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus nasc leis an bpobal áitiúil agus/nó le pobal Gaeltachta. Is iad na príomhchonstaicí a bhain le cur i bhfeidhm na sonraíochta agus leis an soláthar ná earcaíocht múinteoirí, am don teagasc, don phleanáil agus don fhorbairt ghairmiúil, áiseanna teagaisc agus áiseanna agus acmhainní chun tacú le foghlaimeoirí a raibh riachtanais oideachais sa bhreis acu. Cuireadh réamh-mholtaí na gceannairí i láthair a d'fhéadfaí tuilleadh iniúchta a dhéanamh orthu. Breathnaítear sa chéad chuid eile ar thaithí agus ar thuairimí múinteoirí i scoileanna T1 ar chur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí.

Cuid a Dó: Múinteoirí T1

Príomhcheist a bhain leis an taighde ná: Cad é an taithí atá ceannairí scoile, múinteoirí agus scoláirí ar chur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 agus T2) i réimse an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe agus cad iad na tuairimí atá acu ina leith?

Breathnaítear ar an gceist seo faoi na mórthéamaí seo a leanas a d'eascair ón anailís ar na grúpaí fócais le múinteoirí (N=23) i sé scoil T1. Is iad na mórthéamaí a bhain leis an anailís dhéaduchtach agus ionductach ná: Cúrsaí Aistrithe; Pleanáil & Tacaíochtaí; Cuir Chuige Teagaisc agus Foghlama; Measúnú, Litríocht, Ionchuimsitheacht, Tionchar an Scrúdaithe Dheiridh agus Moltaí na Múinteoirí. Tagann fothéamaí faoi gach ceann de na mórthéamaí.

Cúrsaí Aistrithe

Bhí meascán tuairimí idir na scoileanna agus cúiseanna éagsúla a chuir dúshlán roimh fhoghlaimeoirí maidir le foghlaim na Gaeilge sa chéad bhliain san iar-bhunscoil.

Mhínigh múinteoirí i scoil Ghaeltachta amháin, mar shampla, go raibh an t-iompar teanga sa phobal ag athrú agus go raibh tionchar ag cúinsí sochtheangeolaíochta ar chaighdeán Gaeilge na scoláirí agus an Béarla mar theanga an tsóisialaithe níos minice. Bhí neart oibre le déanamh sa chéad bhliain maidir le cruinneas agus saibhreas na Gaeilge a fhorbairt, go háirithe. D'aithin scoileanna eile go raibh forbairt ar an saibhriú teanga

ón mbunscoil. Bhain dúshlán le hidirdhealú sa chéad bhliain i gcuid de na scoileanna Gaeltachta mar go raibh ar mhúinteoirí freastal ar scoláirí a raibh réimse cumais iontu sa Ghaeilge, mar shampla, cainteoirí dúchais na Gaeilge, foghlaimeoirí Gaeilge ar ardchaighdeán agus nuafhoghlaimeoirí na Gaeilge. Bhí líon ard scoláirí a bhí nuathagtha go hÉirinn i scoil amháin. Theastaigh tacaíochtaí sa bhreis sna cásanna seo.

Sna Gaelcholáistí bhí an-réimse cumais ó thaobh na Gaeilge de i measc na scoláirí. Mhínigh na múinteoirí go raibh dúshlán go háirithe roimh scoláirí a bhí ag aistriú ó scoileanna meán-Bhéarla go dtí an Gaelcholáiste agus roimh scoláirí a raibh riachtanais oideachais sa bhreis acu. Bhí gá le tacaíocht bhreise a thabhairt d'fhoghlaimeoirí sna cásanna sin. Mhínigh múinteoirí chomh maith go raibh tionchar láidir ag an bpaindéim ar scileanna labhartha cuid de na scoláirí sa Ghaeilge agus go raibh easpa muiníne orthu í a labhairt. Bhain tábhacht mar sin le díriú ar scileanna labhartha sa chéad bhliain le tógáil ar fhéinmhuinín na bhfoghlaimeoirí ach go háirithe.

- *Níl aon mhuinín acu, tá eagla orthu labhairt amach. I 2017 bhí comhrá acu agus bhí siad ag meascadh le daoine sa chéad bhliain anois glacann sé am iad a chur ag comhrá. Tá siad go cúthaileach. Bíonn tú ag iarraidh muinín a chur isteach iontu. Now tá Gaeilge acu, tá Gaeilge labhartha acu ag teacht sea ach glacann sé seo am, cuirimid béim mhór ar an chomhrá. (T1 Scoil A Gaelcholáiste)*

Bhí éagsúlacht caighdeáin idir scoláirí a bhí ag teacht ó bhunscoileanna éagsúla chomh maith. Léirigh mórchuid na múinteoirí an tuairim go raibh neart bunrudaí le clúdach le foghlaimeoirí sa chéad bhliain, ábhar nach raibh clúdaithe acu sa bhunscoil. Dúirt múinteoirí go raibh gá díriú ar chruinneas na teanga ach go háirithe. Thuairiscigh cuid de na múinteoirí go raibh léim idir an chéad bhliain agus an dara/tríú bliain. Mar sin, is léir go raibh réimse cumais agus taithí ag foghlaimeoirí ag teacht chun na hiar-bhunscoile, léiríodh an tuairim go raibh an tsonraíocht T1 dúshlánach do chuid mhaith de na foghlaimeoirí.

Pleanáil & Tacaíochtaí

Bhí cleachtas comhoibritheach don phleanáil i bhfeidhm sna scoileanna T1 ar fad agus bhí áiseanna á roinnt idir múinteoirí ar thiomántán roinnte i ngach scoil chás-staidéir. Bhí múinteoirí ag dearadh pleananna agus áiseanna agus á roinnt le múinteoirí eile na scoile, bhí deis ag múinteoirí áiseanna a bhí san tiomántán a leasú agus a chur in oiriúint dá ranganna féin. Bhí pleanáil bliana agus téarma ar bun go comhoibritheach idir na múinteoirí sna scoileanna cas-staidéir. Bhí an scrúdú céanna ag ranganna i gcuid de na scoileanna chomh maith. Sa scoil ina raibh an sruth lán-Ghaeilge, roghnaíodh ábhar a bhí comhchoiteann leis an tsonraíocht T2 agus chabhraigh sin le cúrsaí pleanála agus rochtain ar áiseanna.

Bhí múinteoirí den tuairim go raibh líon ard torthaí foghlama sa tsonraíocht agus nach raibh sé i gcónaí soiléir conas iad a cheangal leis an gceacht nó leis na ceachtanna. Bhí comhráití gairmiúla ar siúl ag múinteoirí faoin bpleanáil ar bhonn neamhfhoirmiúil sna scoileanna chomh maith. Príomhdhúshlán a bhain le cúrsaí pleanála ná ganntanas ama don phleanáil fhoirmiúil. Bhí múinteoirí den tuairim go raibh níos mó ama de dhíth don phleanáil fhoirmiúil. Bhí neart de na múinteoirí sásta pleanáil a dhéanamh ag tarraingt ar na litríocht seachas a bheith ag díriú ar théamaí ar leith agus b'in athrú dearfach a bhain leis an tsonraíocht dar le cuid de na múinteoirí.

Bhí múinteoirí ag dearadh áiseanna iad féin agus ag baint leas as áiseanna a bhí ar fáil mar shampla: An Tairseach ag COGG, liosta téacsanna ó CNCM, Tuairisc.ie, TG4, abair.ie, an scéalaí. Luadh an leathanach Facebook darb ainm Facebook Múinteoirí na Gaeilge, mar áis úsáideach mar go raibh múinteoirí ag roinnt áiseanna. Bhí múinteoirí go láidir den tuairim go raibh níos mó áiseanna ag teastáil chun tacú le teagasc na Gaeilge i scoileanna T1. Bhí an-deacracht maidir le rochtain ar théacsanna do scoileanna T1 agus bhí sin ag dó na geirbe go mór ag múinteoirí. Chuir an easpa soiléireachta maidir le cad a bheadh ar an scrúdpháipéar isteach go mór ar mhúinteoirí i mórchuid de na scoileanna mar mhothaigh siad nach raibh siad in ann tacú leis na foghlaimeoirí agus iad ag ullmhú don scrúdú.

Cuir Chuige Teagaisc agus Foghlama

Bhí réimse leathan saibhir gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc ar siúl i ngach scoil T1 leis an tsonraíocht a chur i bhfeidhm. Rinneadh naisc idir snáithe na sonraíochta agus na scileanna teanga. Bhí an-chruthaitheacht sa teagasc léirithe ag na múinteoirí agus tugadh aird ar gach snáithe den tsonraíocht de réir aischothú na múinteoirí. Bhí neart de na gníomhaíochtaí céanna curtha i bhfeidhm sna scoileanna. Léiríonn na liostaí atá curtha i láthair anseo samplaí de ghníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama ón réimse scoileanna agus níl na gníomhaíochtaí ceangailte le haon scoil ar leith.

Maidir le cumas cumarsáide a fhorbairt bhí gníomhaíochtaí ranga, gníomhaíochtaí scoile agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim ar bun. Is suimiúil gur bhain múinteoirí leas as an litríocht go príomha le scileanna labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta a chur chun cinn. Bhí go leor de na gníomhaíochtaí foghlama bunaithe ar théamaí a bhain leis an litríocht agus is léir go raibh deiseanna saibhre foghlama ag eascairt ó na seánraí éagsúla litríochta. I scoil amháin mar shampla eagraíodh gníomhaíochtaí bunaithe ar an dán *'An Gealt'* le hÁine Ní Ghlinn. Rinne grúpaí beaga dráma agus dhear siad fógraí, clár agus leabhrán faoin dán. Thug sé seo deis do gach foghlaimeoir a bheith páirteach ar bhealach a d'oir dóibh féin. Thug múinteoirí aird ar idirdhealú sna cuir chuige teagaisc agus foghlama agus mhínigh siad go raibh gníomhaíochtaí ranga curtha in oiriúint do riachtanais na scoláirí.

Baineadh an-leas as an teicneolaíocht sna scoileanna ar fad chomh maith le cur le deiseanna cumarsáide na scoláirí sa Ghaeilge. Bhí deis ag scoláirí 'TikTok' nó scannáin bheaga a dhéanamh nó taifead a dhéanamh ar phíosaí léitheoireachta, tráchttaireachta, agallaimh go rialta.

Leag cuid de na scoileanna taobh amuigh den Ghaeltacht béim ar thuras chun na Gaeltachta mar bhealach le tacú le forbairt agus le húsáid na teanga. Bhí cuid de na scoileanna ag obair i gcomhpháirt le heagraíochtaí Gaeilge ar nós Chonradh na Gaeilge (Gaeilge 24) agus Gael Linn (Gaelbhratach) le húsáid na teanga a spreagadh. Bhí deis ag scríbhneoirí, aisteoirí, amhránaithe agus filí mar shampla teacht ar cuairt chuig scoileanna. Bhí rang breise

cruinnis i scoil amháin agus bhí córas i bhfeidhm sa scoil chéanna leis na scoláirí a spreagadh le Gaeilge níos cruinne a labhairt. Bhí spriocfhoclóir agus frásaí mar fhócas ag an scoil go seachtainiúil agus bhí scéim luaíochta i bhfeidhm leis na scoláirí a spreagadh an spriocfhoclóir agus na frásaí a úsáid.

Cumas Cumarsáide

Gníomhaíochtaí Ranga

- Díospóireachtaí
- Rólimirt
- Drámaí agus físeáin
- Grúpaí beaga ag déanamh dráma nó scannán gairid bunaithe ar dhán nó úrscéal
- Aisteoireacht mar charachtair ón úrscéal
- An chéad chaibidil eile den scéal a chumadh
- Taifid ar dhán nó scéal nó agallamh nó píosa tráchttaireachta
- TikTok as Gaeilge ar ábhair éagsúla
- Obair bheirte
- Obair ghrúpa
- Podchraoltaí
- Tráth na gceist
- Agallaimh
- Obair thionscadail
- Amhráin & dánta
- Agallamh le mamó, daideo agus/ nó le duine áitiúil
- Nuacht ranga
- Gnáthchomhrá faoina bhfuil ag tarlú sa saol.

Gníomhaíochtaí Scoile

- Comórtas filíochta
- Gaelbhratach
- Comórtas idir ranganna
- Caint phoiblí
- Gaeilge 24
- Seachtain na Gaeilge
- Campa samhraidh do lucht na chéad bhliana
- Córas duaiseanna nuair a labhraítear Gaeilge chuinn nó spriocfhoclóir/ frásaí
- Ceachtanna breise Gaeilge dírithe ar shaibhriú agus ar chruinneas teanga

Gníomhaíochtaí Seach-churaclaim agus/nó nasc leis an bpobal

- Agallaimh ar dhaoine áitiúla nó baill eile den teaghlach i gceantar Gaeltachta
- Lónraí idir scoileanna
- Turas chun na Gaeltachta ag scoileanna T1 taobh amuigh den Ghaeltacht

Feasacht Teanga agus Chultúrtha

Gníomhaíochtaí Ranga

- Eagarthóireacht a dhéanamh ar phíosáí téacs
- Spriocstruchtúir m.sh briathar, ainmfhocal, riail ghradaí a aimsiú i dtéacs
- Piarmheasúnú
- 5 abairt le taifead agus foghraíocht chuinn a úsáid
- Cluichí ar nós Kahoot dírithe ar phointí gramadaí

- Ag aimsiú patrún gramadaí i gcomhthéacs
- Tuiscint a fháil ar struchtúir na Gaeilge trí theacht ar rialacha go hionduchtach agus an patrún a chur i bhfocail
- Staidéar a dhéanamh ar chanúintí na Gaeilge agus comparáid a dhéanamh idir canúintí
- Amhrán/lúibín a scríobh
- Staidéar ar thraidisiún áitiúla & ainmneacha baile éagsúla
- Ceachtanna bunaithe ar an litríocht

Gníomhaíochtaí Scoile

- Ranganna feabhais agus ranganna breise cruinnis ag díriú ar an ngramadach
- Coiste na Gaeilge
- Gníomhaíochtaí a bhain leis an scéim aitheantais do na scoileanna Gaeltachta
- Laethanta trí Ghaeilge bunaithe ar théama ar leith

Gníomhaíochtaí Seach-churaclaim agus/nó nasc leis an bpobal

- Agallaimh ar dhaoine áitiúla
- Turas chun na Gaeltachta do scoileanna taobh amuigh den Ghaeltacht
- Aoichainteoirí, filí, amhránaithe, údair áitiúla, cainteoirí éagsúla
- Piseoga áitiúla
- An litríocht áitiúil
- Comórtais filíochta
- Podchraoltaí
- Tascanna a bhain leis an litríocht

Féinfheasacht an fhoghlaimeora

Gníomhaíochtaí Ranga

- Anailís a dhéanamh ar théacs
- Ceartú botún, botúin a aimsiú i dtéacs
- Piarmheasúnú
- Eagarthóireacht ar phíosa téacs
- Critéir reatha a shocrú agus píosa oibre a dhéanamh de réir na gcritéar
- Féinmheasúnú a dhéanamh ar a gcuid oibre féin
- Socraíonn foghlaimeoirí ar spriocanna ar leith agus bronnann siad breithiúnas ar leith orthu féin – de réir córas soilse tráchta m.sh glas - tá na spriocanna bainte amach, oráiste - dul chun cinn déanta, dearg - níl na spriocanna bainte amach go fóill
- Measúnú ranga ar phíosa oibre de réir chritéir ar leith
- Cur i láthair nó píosa scríbhneoireachta
- Deiseanna a thabhairt do na scoláirí tascanna a roghnú
- Cód-cheartúcháin.

Breathnaítear ar thaithí agus ar thuairimí na múinteoirí faoin litríocht sa chéad mhír eile.

Litríocht

Is iad na fothéamaí a tháinig chun cinn ná: buanna na litríochta, caighdeán agus canúint na litríochta, rochtain ar théacsanna agus líon na litríochta.

Is léir ón gcur síos ar na gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama gur bhain na múinteoirí an-leas as an litríocht chun forbairt a dhéanamh ar Ghaeilge na scoláirí agus gur bhunaigh siad neart gníomhaíochtaí ranga ar an litríocht. Thuairiscigh na múinteoirí gur chuir an litríocht le saibhriú na teanga ach go háirithe agus gur thaitin téacsanna difriúla le scoláirí difriúla agus go raibh réimse leathan téacsanna ar fáil ar na liostaí. Bhí samplaí de théacsanna litríochta a thaitin leis na scoláirí i ngach scoil agus bunaíodh

réimse saibhir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama ar na téacsanna litríochta, mar shampla agallamh a chur ar charachtair, píosa aisteoireachta a dhéanamh, deireadh nua a scríobh, iontráil dialainne, blag a scríobh, rólímirt mar charachtair ón scéal. Mhínigh go leor de na múinteoirí go raibh na gearrscannáin spreagúil agus taitneamhach do na scoláirí agus gur chothaigh úsáid na ngearrscannán níos mó ama le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí eile cumarsáideacha sa rang.

- *Físeán a deirtear liomsa. Mar sin chuir mé an cheist. “Cén fáth go dtaitníonn na físeáin libh?” agus dúirt siad “Mar gheall nílimid ag breathnú ar an litríocht, ar na nótaí ar iPad.” Agus is dóigh liom freisin mar gheall go dtugann sé níos mó deiseanna a scileanna féin a úsáid sa rang, tógann an físeán 16 nóiméad agus ansin is féidir leo am eile caitheamh a bheith cruthaitheach ag déanamh ról ghlacadh, drámaíocht, aisteoireacht, ag plé, ag déanamh díospóireachtaí agus rudaí éagsúla seachas díriú ar an litríocht an t-am ar fad. (T1 Scoil C, Gaelcholáiste)*

Cé go raibh na scoileanna lonnaithe i gcúigí éagsúla, bhí múinteoirí den tuairim nach raibh na téacsanna in oiriúint do chanúint na scoláirí agus gur chothaigh sin dúshlán sa bhreis dóibh maidir le teacht i dtuiscint ar an téacs agus treisiú a dhéanamh ar Ghaeilge na scoláirí idir ghramadach agus fhoclóir. Mhol múinteoirí i ngach scoil Ghaeltachta go gcuirfí téacsanna ar fáil i gcanúint an cheantair.

- *Agus go leor leor don litríocht, ní raibh sé i nGaeilge na háite seo, ní raibh siad ag teacht i dteagmháil leis an bhfocal scríofa a thuigfidís nó d'aithneoidís, cineál so in ionad ag neartú Gaeilge, bhí tú ag múineadh na focla dóibh nach n-úsáididís agus nach gcloisfidís ionas go dtuigfidís i gcomhthéacs téacs na focail sin. (T1 Scoil D, Scoil Ghaeltachta)*

Príomhdhúshlán a bhain leis an litríocht chomh maith ná rochtain ar théacsanna. Mhínigh múinteoirí go raibh an-chuid de na téacsanna as cló, go

raibh sé deacair teacht orthu agus go raibh am á chaitheamh ag fótachóipeáil go minic. Mhínigh múinteoirí go raibh seo míshásúil ach go háirithe do scoláirí a mbíonn deacracht acu le scileanna eagrúcháin.

Bhí éagsúlacht tuairimí maidir leis an líon litríochta a bhí le clúdach. Bhí cuid de na múinteoirí an-sásta leis an laghdú ar líon na litríochta dualgais ó 2023, i gcásanna eile bhí múinteoirí den tuairim go raibh an líon litríochta fós róthrom agus ag cothú deacrachtaí maidir le cúrsaí idirdhealaithe ach go háirithe.

- *Tá siad fós ag foghlaim, na daltaí le riachtanais agus a thagann le fíorbheagán Gaeilge. Tá sé dúshlánach orthu ar an gcéad dul síos agus ansin an méid litríocht atá le clúdach acu. (T1 Scoil A Gaelcholáiste)*
- *Tá sé go maith go bhfuil sé laghdaithe, dul chun cinn iontach! Tá sé laghdaithe anois do bhliain a 2 agus bliain 1 agus bliain 3. Ar a laghad anois tá sé indéanta. (T1 Scoil E Scoil Ghaeltachta)*

Léirigh cuid de na múinteoirí an tuairim go raibh caighdeán cuid de na téacsanna mí-oiriúnach do scoláirí na Sraithe Sóisearaí agus go raibh siad ródheacair dóibh. Bhí tionchar ag líon agus ag caighdeán na dtéacsanna ar an gcleachtas sa rang agus thuairiscigh múinteoirí i gcásanna go raibh orthu an-chuid ama a chaitheamh ag míniú na dtéacsanna seachas á léamh nó á bplé. Bhí an bhéim ar an litríocht ag fágáil na teanga labhartha in áit na leathphingine dar leis na múinteoirí. Chothaigh líon agus leibhéal na litríochta dúshlán do scoláirí áirithe agus dúshlán ní ba mhó do scoláirí a raibh deacrachtaí litearthachta nó deacrachtaí foghlama acu.

- *Formhór den am caite sa rang ag léamh litríochta. Bhíomar ag caint lenár daltaí féin agus chun an fhírinne a rá tugann sé 3 mhí úrscéal a léamh agus tá an úrscéal thart ar 100 leathanach agus nuair atá tú ag múineadh i rang measctha, ní féidir iarraidh ar na daltaí iad á léamh iad féin sa bhaile. (T1 Scoil C Gaelcholáiste)*

Thug tuairiscí na múinteoirí le fios go raibh buanna ag baint leis an litríocht chun tacú le cur i bhfeidhm ghnéithe den tsonraíocht. Toisc gur scrúdú scríofa a bhí sa scrúdú deiridh, bhí mórchuid de na múinteoirí den tuairim go raibh orthu díriú ar léamh agus scríobh sa rang agus go raibh sin ag baint ón am d'fhorbairt scileanna labhartha. Breathnaítear ar mheasúnú sa chéad mhír eile.

Measúnú

Breathnaítear ar thaithí agus ar thuairimí na múinteoirí faoi mheasúnú foirmitheach na sonraíochta T1, is é sin MRB 1 agus MRB 2 sa chuid seo chomh maith lena dtuairimí faoi na cruinnithe AFMÁ. Breathnaítear ar thuairimí na múinteoirí i leith an scrúdaithe dheiridh sa chéad chuid eile.

Maidir le MRB 1, léirigh na múinteoirí an tuairim gur obair í seo a bhíonn ar siúl sa rang ar aon nós. Maíodh i Scoil Ghaeltachta amháin go raibh tacaíocht ag teastáil ó na scoláirí na píosaí oibre a roghnú. Bhí meascán tuairimí faoi MRB 2. Bhí cuid de na múinteoirí dearfach faoi: *Is é ceann de na laethanta is deise é ar scoil an lá go ndéanann muid é sin, sin i mo thuairim* (T1 Scoil D Scoil Ghaeltachta). *Is maith liomsa an MRB 2, caithfidh mé a rá* (T1 Scoil B Ghaeltachta). Mhínigh múinteoirí áirithe gur mhothaigh na scoláirí go raibh rud éigin bainte amach acu agus an MRB curtha i gcrích acu. Bua a bhain le tascanna MRB ná gur cruthaíodh deis do na scoláirí díriú isteach ar ábhar a raibh suim acu féin ann.

Tháinig sé chun solais i gcúpla scoil gur chuir MRB 2 isteach ar na scoláirí ó thaobh strus agus imní de mar go raibh orthu seasamh suas agus cur i láthair a dhéanamh os comhair a bpiaraí. Níor oir an cur i láthair do scoláirí áirithe dar leo. Bhí cuid de na múinteoirí den tuairim gur measúnú ar scileanna cur i láthair a bhí i MRB 2 seachas measúnú ar scileanna idirghníomhaithe cainte sa Ghaeilge.

- *Aríst tá muid ag amharc ar an aistear teanga agus an aois ag a bhfuil an dalta agus rudaf atá muid ag iarraidh orthu, an bhfuil sé sin sin fóirstineach dá n-aois? Tá, tá siad neirbhíseach, tá siad faiteach is aois ana-dheacair i gcoitinne é ina saol agus anois tá muid ag iarraidh iad a chur ag seasamh suas agus labhairt os comhair a bpiarghrúpa. (T1 Scoil A, Gaelcholáiste)*

Toisc go bhfuil líofacht chumarsáide forbartha ag foghlaimeoirí T1 ardaíodh an cheist i scoil amháin an raibh an sórt seo measúnaithe feiliúnach d'fhoghlaimeoirí T1 ar chor ar bith mar go dtugann siad faoin gcineál seo cur i láthair go rialta ar aon nós sa Ghaeilge agus in ábhair eile. Níor cheap múinteoirí gur chóir don MRB teacht in áit an scrúdaithe cainte.

Príomh-mholadh a d'eascair ó na grúpaí fócais ná go raibh mórchuid na múinteoirí den tuairim gur chóir go mbeadh marcanna suimitheacha ag dul do na tascanna MRB. Bhí múinteoirí ar aon fhocal go ndeachaigh an t-uafás oibre isteach iontu ach nach fiú í mar nach raibh aitheantas i bhfoirm marcanna suimitheacha ag dul dóibh. I gcásanna áirithe dúirt múinteoirí go raibh na scoláirí díspregtha mar gheall nach raibh marcanna ag dul do na tascanna MRB agus i scoileanna áirithe bhí tuismitheoirí á gceistiú faoi am a chaitheamh ar an MRB seachas ar an scrúdú deiridh.

- *Slíimse agus tá siad ag cur an-obair isteach ann agus cén fáth nach mbeadh marc faoina choinne? (T1 Scoil A, Gaelcholáiste)*

Ar an iomlán, bhí na múinteoirí dearfach faoi na cruinnithe AFMÁ mar gur tugadh deis dóibh labhairt lena gcomhghleacaithe agus breithiúnas a thabhairt ar shamplaí oibre. Bhí cuid de na múinteoirí den tuairim gur thug an próiseas seo muinín dóibh go raibh siad ar an mbóthar ceart maidir leis na tuairiscíní nó go raibh catagóir ar leith tuillte ag an scoláire. Pléitear tionchar an scrúdaithe dheiridh sa chéad chuid eile.

Tionchar an Scrúdaithe Dheiridh

Is é aidhm an taighde ná iniúchadh a dhéanamh ar thaithí agus ar thuairimí na múinteoirí ar chur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí. Ní thagann an scrúdú deiridh go díreach faoi chur i bhfeidhm na sonraíochta ach príomhthoradh a d'eascair ón anailís ná go raibh tionchar nach beag ag an scrúdú deiridh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim sa rang agus ar thuairimí na múinteoirí i leith na sonraíochta. Tá sé tábhachtach na tuairimí seo a thuairisciú mar phríomhthéama a tháinig chun solais ag Céim a hAon sa taighde. Pléitear an téama faoi dhá fhothéama, is iad sin: tionchar an

scrúdaithe ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim agus taithí na múinteoirí ar an gcóras grádála i scoileanna T1.

Bhí na múinteoirí i mbeagnach gach scoil-chás-staidéir go láidir den tuairim go raibh tuilleadh treorach de dhíth orthu maidir le hábhar an scrúdaithe dheiridh. Chothaigh an éiginnteacht deacracht dóibh mar ba mhaith leo tacú leis a scoláirí agus iad a ullmhú don scrúdú. Bhí tionchar ag an easpa soiléireachta ar phleanáil agus ar theagasc na múinteoirí. Bhí múinteoirí díomách go raibh obair déanta acu sa rang ach nach raibh nasc soiléir idir an obair ranga agus an scrúdú deiridh. Mar shampla, cé gur thaitin an litríocht áitiúil le múinteoirí/scoláirí áirithe, ní raibh sí ar an bpáipéar scrúdaithe. D'áitigh múinteoirí nach raibh toradh na hoibre le feiceáil trí chóras an scrúdaithe. Dar le múinteoirí, chuir an t-ullmhúchán don scrúdú cuid mhór brú orthu díriú ar an litríocht (léitheoireacht & scríbhneoireacht) sa rang. Léirigh na múinteoirí díomá agus frustrachas leis an scrúdú agus bhí na marcanna a bronnadh ar na scoláirí ag dó na geirbe go mór acu.

Tuairim iontach láidir a d'eascair ó na grúpaí fócais i bhformhór de na scoileanna ná go bhfuil an córas grádála do scoláirí T1 míchothrom. I mbeagnach gach scoil dúirt múinteoirí go raibh an-titim i líon na ngrád arda ó cuireadh an tsonraíocht i bhfeidhm. D'áitigh go leor de na múinteoirí go raibh an córas grádála éagórach ar scoláirí T1 agus nach raibh ag éirí leis na cainteoirí Gaeilge ab fhearr gradam a bhaint amach. Dar leis na múinteoirí, chothaigh an titim sna marcanna lagmhisneach i measc na múinteoirí agus scoláirí.

• *Níl siad ag fáil na ngradam agus ní thuigeann muid é. (T1 Scoil A, Gaelcholáiste)*

• *Tá na grádanna deiridh a bronnadh an bhliain seo caite ar scrúduithe na Sraithe Sóisearaí, bhíodar lag, míchothrom agus míchaonna. (T1 Scoil C, Gaelcholáiste)*

Cuirfear moltaí na múinteoirí i láthair sa chéad chuid eile. Tá sé tábhachtach le cur san áireamh gur bailíodh na sonraí ó na scoileanna cás-staidéir ag Céim a hAon de staidéar trí bliana.

Réamh-mholtaí na Múinteoirí T1 ag Céim a hAon

Scrúdú Cainte

Tháinig moladh láidir ó mhúinteoirí i ngach uile ghrúpa fócais sna scoileanna cás-staidéir T1 gur gá níos mó aitheantais a thabhairt do scileanna labhartha na scoláirí agus gur chóir go mbeadh scrúdú cainte mar chuid den mheasúnú suimitheach sa tSraith Shóisearach. Mhol múinteoirí go mbeadh scrúdú cainte ann ar na cúiseanna seo a leanas:

- (i) Is teanga í an Ghaeilge agus is gá béim a chur ar labhairt na Gaeilge chun grá a chothú don teanga agus chun na scoláirí a spreagadh í a labhairt.
- (ii) Ní mór aitheantas a thabhairt do scileanna cainte scoláirí T1 idir chainteoirí dúchais agus fhoghlaimeoirí Gaeilge a bhfuil ardchaighdeán teanga labhartha acu.
- (iii) Ní mór deis a thabhairt do scoláirí a bhfuil riachtanais éagsúla acu a gcuid scileanna teanga a léiriú tríd an gcaint.
- (iv) Chabhródh an scrúdú cainte leis na scoláirí agus iad ag ullmhú don tSraith Shinsearach.

Litríocht & Áiseanna Tacaíochta don Litríocht

- Moladh go gcuirfí leabhrán/téacsleabhair ar fáil do scoileanna T1 ina mbeadh an litríocht ar fáil agus nótaí teagaisc don mhúinteoir mar threoir.
- Moladh litríocht a chur ar fáil i réimse canúintí a oireann do cheantar na scoile.
- Moladh go mbeadh sé incheadaithe an litríocht ó chúrsa na chéad bhliana a chur i dtreo an scrúdaithe dheiridh agus gur bealach amháin a bheadh anseo leis an ualach litríochta a laghdú agus le deis a thabhairt do scoláirí tógáil ar a raibh foghlama acu.

Torthaí Foghlama

- Moladh líon na dtorthaí foghlama a laghdú agus breis samplaí léirithe d'obair ranga a thagann leis na torthaí foghlama a chur ar fáil.

Cúrsaí Measúnaithe

- Moladh go mbeadh marcanna ag dul do na tascanna MRB.
- Moladh go mbeadh breis páipéar samplacha ar fáil agus go mbeadh breis teorach ann maidir leis an scrúdú deiridh.
- Moladh go mbeadh rogha ar an scrúdpháipéar chomh maith le rannóga ar leith - ceist faoin úrscéal, dráma srl.
- Moladh critéir reatha a chur ar fáil do na scrúduithe agus samplaí de pháipéir ag leibhéal éagsúla a roinnt le múinteoirí.

Tacaíochtaí do mhúinteoirí

- Moladh breis tacaíochtaí a chur ar fáil do na múinteoirí agus breis ama a thabhairt dóibh don phleanáil chun dul i ngleic leis na hathruithe curaclaim.

Soláthar d'fhoghlaimeoirí Uile na Gaeilge

- Mhol múinteoirí go mbeadh breis tacaíochtaí agus roghanna idirdhealaithe ar fáil do scoláirí ar gach leibhéal cumais sa Ghaeilge.
- Mhol múinteoirí go gcuirfí breis tacaíochtaí ar fáil do scoláirí atá nuathagtha go hÉirinn ag leibhéal na hiar-bhunscoile i scoileanna T1.

Breathnaítear sa chéad chuid eile den tuairisc ar na sonraí a bailíodh ó cheannairí scoile agus ó mhúinteoirí sna scoileanna cás-staidéir T2.

4.2 Sonraí ó na Scoileanna Cás-Staidéir T2

Cuid a Trí: Ceannairí Scoile T2

Dírítear sa chuid seo den tuairisc ar thaithí na gCeannairí Scoile sna scoileanna cás-staidéir T2 ar chur i bhfeidhm na sonraíochta T2 agus ar na

tuairimí atá acu ina leith. Breathnaítear ansin ar thaithí na gceannairí ar na tacaíochtaí agus ar na constaicí a bhaineann le cur i bhfeidhm na sonraíochta T2 agus leis an soláthar, chomh maith leis na moltaí a rinne siad le linn na n-agallamh. Ar deireadh, déanfar suimiú ar an gcuid seo den taighde a bhaineann le taithí agus le tuairimí ceannairí scoile i sé scoil chás-staidéir T2.

Taithí & Tuairimí na gCeannairí Scoile T2

Léirigh cuid de na ceannairí scoile tuairimí dearfacha faoi chuid de na gnéithe a bhain le cur i bhfeidhm na sonraíochta T2 le linn na n-agallamh.

Bhí meascán tuairimí maidir leis na tascanna MRB. Léirigh Príomhoide mar shampla, gur maith an rud é deis a thabhairt do scoláirí tabhairt faoi thasc agus aiseolas foirmitheach a fháil le linn na Sraithe Sóisearaí. Bhain pointí dearfacha eile le deis a thabhairt do scoláirí tionscadail a chur i gcrích, chomh maith le deiseanna a chothú leis an bhfoghlaim ghníomhach agus leis an bhfoghlaim chomhoibríoch a chur chun cinn mar chuid de phróiseas na dtascanna MRB.

Pointí dearfacha eile a tháinig chun cinn ná go raibh deis ní b'fhearr ann aiseolas a thabhairt le linn na Sraithe Sóisearaí mar gheall ar na hathruithe sa Chreat don tSraith Shóisearach. Mhol cuid de na ceannairí na cruinnithe AFMÁ mar go dtugtar deis do mhúinteoirí páirt a ghlacadh i gcomhráití gairmiúla faoin teagasc, foghlaim agus measúnú trí phróiseas na gcruinnithe athbhreithnithe.

Thug gach uile cheannaire scoile ardmholadh do mhúinteoirí Gaeilge na scoile de bharr a gcuid díograise agus a gcuid gairmiúlachta. Bhraith na ceannairí go raibh na múinteoirí tiomanta d'fhoghlaim Ghaeilge na scoláirí a chur chun cinn i ngach scoil chás-staidéir.

- *From going into the Irish classrooms and my interactions with the students who are doing Irish. I have a marvellous team of Irish teachers here. They are wonderful and the children love Irish. (T2 Scoil A - Príomhoide)*

Mhínigh cuid de na ceannairí scoile, cé go rabhadar dearfach faoi na sonraíochtaí Gaeilge i dtosach báire agus faoin gCreat don tSraith Shóisearach ar bhonn níos leithne maidir le freagairt do riachtanais foghlaimoirí éagsúla ach go háirithe, go raibh imní orthu anois nach raibh cur i bhfeidhm na sonraíochta T2 ag freagairt do riachtanais na bhfoghlaimoirí uile. Tháinig dúshlán maidir soláthar idirdhealaithe chun cinn go láidir mar théama i gcomhthéascanna scoile T2 agus pléitear na dúshlán seo sa rannóg a bhaineann le constaicí do chur i bhfeidhm na sonraíochta.

Ón taithí a bhí ag na ceannairí scoile, áfach, léirigh siad príomhbhuairteanna faoi chur i bhfeidhm na sonraíochta i gcomhthéacs scoileanna T2. Is iad na príomhphointí buairimh a d'ardaigh na ceannairí ná: (i) aitheantas do labhairt na teanga, (ii) an t-aistriú ón tSraith Shóisearach go dtí an tSraith Shinsearach, (iii) marcanna suimitheacha sa Ghaeilge, agus (iv) strus mar gheall ar na tascanna MRB.

Aitheantas do Labhairt na Gaeilge

Príomhthéama a d'eascair ó na hagallaimh leis na ceannairí scoile i scoileanna cás-staidéir T2 ná go raibh imní orthu faoin easpa béime ar labhairt na Gaeilge sa chóras measúnaithe. Dar leis na ceannairí, bhí an easpa measúnaithe ar scileanna cainte ag díspreagadh na scoláirí maidir le labhairt na Gaeilge. Is teanga í an Ghaeilge agus mar sin mhol na ceannairí gur cheart agus gur chóir béim a leagan ar fhorbairt scileanna idirghníomhaithe cainte sa tSraith Shóisearach tríd an measúnú suimitheach. Chuir ceannairí in iúl go raibh tionchar diúltach ag cur i bhfeidhm na sonraíochta ar inspreagadh na scoláirí i leith fhoghlaim na Gaeilge mar gheall ar an easpa aitheantais do labhairt na teanga.

Bhí na ceannairí d'aon ghuth agus go láidir den tuairim nach leor MRB 2 le measúnú a dhéanamh ar scileanna labhartha na scoláirí. Bhí na ceannairí den tuairim go raibh tionchar ag an measúnú ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim agus cé go raibh sé i gceist ag an tsonraíocht béim a chur ar an measúnú foirmitheach agus an measúnú suimitheach araon, go léiríonn tuismitheoirí agus scoláirí suim sna torthaí suimitheacha den chuid is mó.

• *But the oral Irish, I think the oral Irish ... you need it. You need the oral Irish absolutely. (T2 Scoil A - Príomhoide)*

• *The students and the parents are really only interested in their final descriptor, the JCPA. (T2 Scoil D - Príomhoide Tánaisteach)*

Bhí gach ceannaire scoile den tuairim gur gá go mbeadh scrúdú cainte mar chuid den mheasúnú suimitheach sa tSraith Shóisearach chun tacú leo ullmhú don scrúdú cainte sa tSraith Shinsearach.

• *You know, there's nothing like your formal oral ... I think the CBAs are a really positive thing, but at the same token, I think that formal kind of doing an oral exam, the first time they formally do an oral exam for a state examination will be in a Leaving Cert, and that's too long really. (T2 Scoil A - Príomhoide)*

Léirigh ceannairí an tuairim chomh maith nach bhfeileann scrúdú scríofa amháin do na foghlaimoirí uile atá ag foghlaim na Gaeilge. Dar leis na ceannairí, thabharfadh scrúdú cainte deis do scoláirí scileanna idirghníomhaithe cainte a léiriú agus d'fheilfeadh seo ní b' fhearr d'fhoghlaimoirí a bhfuil réimse cumais iontu. Thug an taighde le fios go raibh taithí dhearfach ag scoileanna T2 a chuir na scrúduithe cainte roghnacha i bhfeidhm roimhe seo ar chóras na scrúduithe cainte.

An tAistriú ón tSraith Shóisearach go dtí an tSraith Shinsearach

Léirigh formhór na gceannairí scoile i scoileanna cás-staidéir T2 imní go bhféadfadh bearna a bheith sa chóras anois idir an tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach. Dar le tromlach na gceannairí tá bearna níos mó ann anois mar gheall ar an tsonraíocht T2.

• *What they've done is, they've changed the Junior cycle, but the senior cycle has remained the same. So, at the moment during this, and "interregnum" for want of a better description, you have an issue relating to "how do you bridge the gap that's expected?" And therein does lie a challenge. (T2 Scoil C - Príomhoide Tánaisteach)*

Léiríodh inné nach raibh a dóthain béime ar labhairt na teanga agus an tsonraíocht á cur i bhfeidhm mar gheall nach raibh measúnú suimitheach ar an gcaint. Cuireadh an tuairim in iúl go raibh bearna sa chaighdeán sa dá shraith agus go raibh caighdeán ní ba ísle ag na scoláirí anois agus iad ag dul isteach sa tSraith Shinsearach. Bhí cuid de na scoileanna ag cur breis ama ar leataobh do theagasc na Gaeilge sa tSraith Shinsearach le hiarracht a dhéanamh cuid den bhearna a líonadh. Úsáideadh ranganna breise san idirbhliain le breis tacaíochta a thabhairt d'fhorbairt scileanna labhartha na Gaeilge i gcuid de na scoileanna cás-staidéir. Dar leis na ceannairí, bhí an chuma ar an scéal go raibh míréir idir an dá shraith - an tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach agus go raibh straitéisí éagsúla curtha i bhfeidhm ag scoileanna le dul i ngleic leis an dúshlán.

- *It's as a result of the difficulties I'm seeing at Junior Cycle, I put an additional period to sixth year Gaeilge to give them a little bit more time around working on the oral, because of the importance of that in the end. ... because of the deficits at Junior Cycle.*
- *So it's a big commitment from my allocation, if you like, to the subject, but I feel it's necessary and worth it. (T2 Scoil E - Príomhoide)*

Marcanna Suimitheacha sa Ghaeilge

Bhraith mórchuid de na ceannairí scoile go raibh sé ní ba dheacra ar scoláirí Gradam agus Ardtuillteanas a bhaint amach sa Ghaeilge sa tSraith Shóisearach i gcomparáid leis an seanchóras agus go raibh sé ní ba dheacra gráid arda a bhaint amach sa Ghaeilge sa chóras reatha i gcomparáid le hábhair eile.

- *The course seems difficult, and it appears more difficult for students to achieve top end descriptors in Gaeilge than it is in other subjects ... So, we'd have students who will be high achievers getting higher merits or distinctions, in most of their subjects, and then getting maybe a merit 'as Gaeilge'. And that leads to frustration for the students and for the teachers as well. (T2 Scoil D - Príomhoide Tánaisteach)*

Thuiriscigh cuid de na ceannairí go raibh titim i líon na ngrád is airde ó cuireadh an tsonraíocht T2 i bhfeidhm. De réir na n-agallamh, chuir an líon beag gradam isteach ar mhuinín agus ar thaithí na gceannairí, na múinteoirí agus na scoláirí ar chur i bhfeidhm na sonraíochta. Dúradh go raibh drochthionchar ag na gráid íslithe ar fhéinmhuinín agus ar inspreagadh na scoláirí i leith fhoghlaim na Gaeilge agus iad ag dul isteach sa tSraith Shinsearach.

Bhí straitéisí á gcur i bhfeidhm le breis tacaíochta a thabhairt do scoláirí. Mhínigh príomhoide amháin mar shampla go raibh rangú déanta anois ar scoláirí na chéad bhliana ar bhonn cumas chun tacú le scoláirí, cé go raibh leibhéil mheasctha i ranganna na chéad bhliana nuair a thosaigh siad amach ar an tsonraíocht T2. Rinne príomhoide amháin ceangal idir an titim sna gráid leis an gcinneadh an scrúdú cainte a bhaint de mheasúnú na Sraithe Sóisearaí.

- *I suppose for us, I mean probably not the right way to look at things all the time, but results matter. And for us, the results would have significantly decreased as a result of moving to Junior Cycle... The biggest impact we feel on results for us is the oral going. We just feel that that has been major disadvantage. (T2 Scoil B - Príomhoide)*

Léirigh cuid de na ceannairí scoile an tuairim go raibh na bandaí grádála ró-leathan chomh maith agus go raibh sé ní ba dheacra ar scoláirí Gradam agus Ardtuillteanas a bhaint amach mar go raibh na bandaí grádála chomh leathan.

Dearcthaí faoi na MRB

Léiríodh meascán tuairimí maidir leis na tascanna MRB ar an iomlán. Mórthéama a d'eascair ón anailís ar na sonraí, áfach, ná go raibh na MRB ag cur brú agus inné ar scoláirí i gcásanna áirithe i scoileanna T2. Tuairiscíodh go raibh measúnú sa bhreis le déanamh ag scoláirí agus nach raibh na measúnuithe seo ag baint ó bhrú an scrúdaithe dheiridh cé nach fiú marcanna suimitheacha na MRB.

- *So instead of reducing stress, actually there's, there's increased stress. There's an increased stress because it's happening around the CBAs and for some students, not for all, and we know, it's not intended to be high stakes exam, but for some students, any exam [causes stress] and some parents. (T2 Scoil D - Príomhoide Tánaisteach)*

Mhínigh cuid de na ceannairí scoile go raibh scoláirí buartha faoi na MRB agus go raibh tionchar ag Covid-19 ar leibhéil imní na scoláirí. Bhain dúshlán ach go háirithe le MRB 2 nuair a bhíonn ar scoláirí cur i láthair ó bhéal a dhéanamh os comhair a bpiaraí i nGaeilge. Bhí na ceannairí scoile ag tagairt dá dtaithí roimh an leagan athbhreithnithe de MRB2. Bhí cuid de na ceannairí den tuairim nach bhfeileann an sórt seo measúnaithe do gach scoláire agus go mbaineann dúshlán sa bhreis le cur i láthair a dhéanamh trí mheán na Gaeilge nuair is í dara teanga na scoláirí.

- *Again this is across the board, it's not just Irish, but you know the CBA in theory is a really really good idea and there is real learning and real value in it. Em, it suits some students better than others you know and the fact that they have to present, it's bad enough to have to present in English, but for some students who absolutely struggle, it's a bigger issue to present in Irish and that's the source of stress and you know yourselves in a post-Covid environment. (T2 Scoil B - Príomhoide)*

Breathnaítear sa chéad mhír eile ar thuairimí na gceannairí maidir leis na tacaíochtaí agus na constaicí a bhaineann le cur i bhfeidhm agus le soláthar na sonraíochta T2.

Tacaíochtaí

Dar leis na ceannairí T2, is iad na príomhthacaíochtaí a chabhraigh le cur i bhfeidhm na sonraíochta T2 agus leis an soláthar ná: múinteoirí na scoile, tacaíochtaí inscoile agus tacaíochtaí taobh amuigh den scoil.

Múinteoirí na scoile

Bhí na ceannairí T2 ar fad den tuairim go raibh moladh ag dul do mhúinteoirí na scoileanna agus gurbh iad na múinteoirí féin na tacaíochtaí ba riachtanaí agus ba thábhachtaí do chur i bhfeidhm na sonraíochta.

Tacaíochtaí Inscoile

Dar leis na ceannairí, bhí meascán de thacaíochtaí inscoile i bhfeidhm sna scoileanna cás-staidéir T2. Bhí comhráití gairmiúla ar bun idir múinteoirí ar bhonn neamhfhoirmiúil agus ar bhonn ní b'fhoirmiúla. Chuir scoil amháin am ar leith ar fáil do chruinnithe gairmiúla ag amanna ar leith i rith na bliana agus úsáideadh uaireanta Pháirc an Chrócaigh chomh maith le díriú ar an nGaeilge i scoileanna áirithe.

Baineadh feidhm as an amchlár i scoil amháin chun cur le deiseanna teagmhála na scoláirí leis an nGaeilge agus rinneadh iarracht ranganna a chur ar fáil go rialta i rith na seachtaine seachas bloc ranganna a bheith ag tús nó deireadh na seachtaine amháin chun teagmháil na scoláirí a mhéadú leis an teanga.

Bhí cómhúinteoireacht ar siúl i gcuid de na scoileanna nuair a bhí na hacmhainní ar fáil. I scoil amháin míníodh gur chabhraigh an fhoireann tacaíochta foghlama le scoláirí a bhí ag streachailt leis an nGaeilge. D'éirigh leo an tacaíocht inranga seo a chur ar fáil mar go raibh Gaeilge líofa ag baill den fhoireann tacaíochta foghlama.

Suimiúil go leor, bunaíodh ócáidí cleachtais i scoil amháin a thug deis do mhúinteoirí dea-chleachtas a roinnt maidir le teagasc agus foghlaim na Gaeilge.

Tháinig an téacsleabhar chun cinn freisin mar thacaíocht a chur struchtúr ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim sa Ghaeilge i scoileanna cás-staidéir T2. Bhí an litríocht agus treoir curtha ar fáil sa téacsleabhar agus ba chuidiú é sin.

Maidir le tacaíocht a thabhairt do na scoláirí, labhair ceannairí faoi chomórtais díospóireachtaí, tráth na gceist, foghlaim ghníomhach, Tae & Plé, seachtain na Gaeilge, úsáid na leabharlainne, an Ghaeilge sna meáin agus iarrachtaí

a dhéanamh go mbeadh próifíl feiceálach ag an nGaeilge sa scoil. Mhaígh ceannairí gur thacaigh an teicneolaíocht le cur i bhfeidhm na sonraíochta, mar shampla, iPadanna, ríomhairí glúine, teilifíseáin Apple, srl.

Tacaíochtaí Taobh Amuigh den Scoil

Luaigh ceannaire amháin tacaíocht ón gCigireacht agus ó na heagraíochtaí do mhúinteoirí Gaeilge mar thacaíochtaí do chur i bhfeidhm na sonraíochta T2. Mhol cuid de na ceannairí scoile na seirbhísí forbartha gairmiúla do mhúinteoirí (SFGM) mar thacaíocht do scoileanna maidir le háiseanna ar líne, na laethanta forbartha gairmiúla a cuireadh ar fáil agus cuairteanna scoile. Bhí meascán tuairimí léirithe ar na laethanta forbartha gairmiúla ag brath ar aiseolas na múinteoirí. Luaigh cuid de na ceannairí cnuas laethanta mar thacaíocht do scoileanna T2 chomh maith. Ar na laethanta seo tagann grúpaí múinteoirí le chéile ar láthair scoil amháin le tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil atá fócasaithe ar sprioc ar leith. Bhí líonra cruthaithe idir scoileanna a tháinig faoi eagrais bainistíochta ar leith agus eagraíodh imeachtaí idir na scoileanna a bhí páirteach leis an nGaeilge chur chun. Bhí naisc idir scoileanna T2 agus scoileanna T1 sa líonra seo.

Constaicí

Príomhthéama a tháinig chun cinn maidir le constaicí a bhain le cur i bhfeidhm na sonraíochta T2 agus leis an soláthar, ná easpa soláthair idirdhealaithe d'fhoghlaimeoirí uile na hiar-bhunscoile sa Ghaeilge. Bhain dúshlán le difréalú sa teagasc, san fhoghlaím agus sa mheasúnú. Breathnaítear ar idirdhealú faoi na fothéamaí: (i) córas na ndíolúintí, (ii) soláthar d'fhoghlaimeoirí uile na hiar-bhunscoile agus (iii) an t-aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil. Pléitear earcaíocht múinteoirí ina dhiaidh sin.

Córas na nDíolúintí

Labhair nach mór gach ceannaire scoile faoi na díolúintí ón nGaeilge. Bhain castachtaí le córas na ndíolúintí sa taighde seo. Bhí méadú i líon na dtuismitheoirí a raibh díolúine á lorg acu dá gcuid páistí sa chéad bhliain den iar-bhunscoil mar gheall ar na coinníollacha le díolúine a bhronnadh a bheith chomh scaoilte is atá. Bhain castacht leis an gcóras agus le soláthar a dhéanamh do scoláirí a raibh díolúine acu nó á lorg acu.

Mhínigh ceannaire amháin mar shampla, go mbíonn ar na scoláirí a léiriú go bhfuil ag teip orthu sa Ghaeilge san iar-bhunscoil mura bhfuil díolúine acu ag teacht isteach ón mbunscoil. I gcásanna áirithe cuireadh tacaíochtaí i bhfeidhm chun tacú le scoláirí sa chéad bhliain agus sa dara bliain san iar-bhunscoil ach bheadh díolúine bronnta ar an scoláire tar éis bliana go leith in ainneoin na dtacaíochta a cuireadh ar fáil. Míníodh go raibh roinnt tuismitheoirí ag rá gur de dheasca cúinsí meabhairshláinte a raibh an díolúine a lorg acu ón nGaeilge. I gcásanna áirithe ba léir go raibh príomhoidí faoi bhrú ag an gcóras díolúine agus gur córas é a chur lena n-ualach oibre.

- The amount of Irish exemptions being sought for absolutely no good reason. There would have been a time when exemptions would have been only exceptional circumstances, whereas now before a child comes into first year you will have a letter from a parent stating the grounds on which this exemption should be and now obviously there's a loophole so to speak and they, you know, in the whole thing about anxiety, that it's affecting their child's mental health, you know and then because the responsibility lies with the Principal to grant those exemptions. (T2 Scoil B - Príomhoide)*

Ardaíodh an tuairim freisin gur cheap roinnt scoláirí/tuismitheoirí go raibh sé níos deacra marcanna arda a fháil sa Ghaeilge i gcomparáid le hábhair eile agus gur chuir sin le líon na scoláirí a raibh díolúine á lorg acu ón nGaeilge. Dúirt príomhoide amháin go raibh díolúine á lorg in amanna le breis ama a thabhairt do scoláirí staidéar a dhéanamh ar ábhar eile.

- Higher grades in Irish tend to be harder for students to achieve than other subjects so a lot seek exemptions. (T2 Scoil D - Príomhoide Tánaisteach)*

Chuir príomhoide eile in iúl go raibh an bhéim ar an léitheoireacht agus scríbhneoireacht ag cur as d'fhoghlaimeoirí áirithe agus ag tabhairt spreagadh dóibh díolúine a lorg ón nGaeilge. Cuireadh tacaíocht foghlama ar siúl le

linn an ama do na ranganna Gaeilge i gcásanna áirithe. I scoil eile, cuireadh tacaíocht foghlama ar fáil sa rang Gaeilge mar go raibh Gaeilge ag an bhfoireann tacaíochta foghlama.

Labhair ceannaire amháin faoi pháistí a thagann go hÉirinn sna blianta sinsearacha sa bhunscoil agus nár tugadh deis dóibh an Ghaeilge a fhoghlaim sa bhunscoil. Mar sin, bhí páistí a d'fhreastail ar scoil lán-Ghaeilge agus páistí nach bhfuair deis staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ar chor ar bith in aon rang amháin, bhain an-dúshlán le hidirdhealú dá bharr.

- The teachers then are left in a difficult position in the classrooms because they have children who may have come from a Gaelscoil sitting in front of them, and then you have a child who's sitting in front of you who has never heard the Irish language in their life. (T2 Scoil A - Príomhoide)*

Ba léir go raibh cúiseanna éagsúla do bhronnadh na ndíolúintí ach gur córas é atá tar éis fáis go mór.

Soláthar d'Fhoghlaimoirí Uile na hIar-bhunscoile

Bhí formhór na gCeannairí den tuairim nach raibh cur i bhfeidhm na sonraíochta T2 sa tSraith Shóisearach ag tacú leis na foghlaimoirí uile a bhí ag freastal ar na scoileanna cás-staidéir. Breathnaítear ar an easpa soláthair d'fhoghlaimoirí uile na hiar-bhunscoile faoi dhá théama, is iad sin (i) cúrsa bonnleibhéil agus (ii) soláthar d'fhoghlaimoirí atá nuathagtha.

Cúrsa Bonnleibhéil

Léirigh ceannairí i mbeagnach gach scoil an tuairim nach bhfreastalaíonn an rogha idir ardleibhéal agus gnáthleibhéal ar na foghlaimoirí uile atá ag foghlaim na Gaeilge. Bhí an cúrsa gnáthleibhéil ródheacair d'fhoghlaimoirí áirithe agus mhol mórchuid de na ceannairí go gcuirfí cúrsa bonnleibhéil ar fáil. Moladh go dtabharfadh cúrsa bonnleibhéil deis d'fhoghlaimoirí áirithe dul chun cinn a dhéanamh ag leibhéal a oireann dóibh féin agus deis ní ba mhó dóibh rathúlacht san fhoghlaim a bhaint amach sa Ghaeilge. Mhínigh na ceannairí seo go raibh cúrsa bonnleibhéil de dhíth go cinnte ar fhoghlaimoirí áirithe le deis a thabhairt dóibh cumas agus muinín a fhorbairt sa Ghaeilge.

Dar le ceannaire amháin, bhí córas dhá leibhéal i bhfeidhm, ba iad sin ardleibhéal agus gnáthleibhéal amháin agus go raibh imeallú á dhéanamh ar roinnt foghlaimoirí dá bharr.

- But the foundation level paper, at least the children were able and felt success with the foundation level paper, you know, which is now gone, you know. It wasn't the be all and end all of everything, but those two or three students who couldn't get the success out of the higher levels [ordinary and higher] got it in the Foundation [level]. At least they, there was a recognition and an acknowledgement that they learned something. (T2 Scoil A - Príomhoide)*
- It's about trying to build and maintain student confidence, really, and a sense of achievement and a fact that you know a teacher can say, "Well done. You found it very difficult, but look, I told you, and now here's the proof". (T2 Scoil E - Príomhoide)*

Soláthar do Scoláirí atá Nuathagtha

Ardaíodh an pointe nach raibh cúrsa Gaeilge ar fáil do scoláirí a bhí nuathagtha go hÉirinn. Is léir, mar sin, nach bhfuil soláthar ar bith ann don sainghrúpa seo. I scoil amháin bhí líon ard foghlaimoirí nuathagtha ach ní raibh soláthar ar bith ann dóibhsean ó thaobh na Gaeilge de. Moladh go gcuirfí soláthar ar fáil do na scoláirí seo mar gheall ar na buntáistí féiniúlachta agus cultúrtha a bhaineann le foghlaim na Gaeilge. Mhol duine de na ceannairí go bhféadfadh bonnchúrsa cumarsáide cabhrú le foghlaimoirí atá nuathagtha blaiseadh a fháil de bhuntáistí foghlama na Gaeilge.

An tAistriú ón mBunscoil go dtí an Iar-bhunscoil

I gcásanna áirithe bhí na ceannairí den tuairim go raibh an-éagsúlacht sna caighdeáin Ghaeilge a bhí ag na foghlaimoirí ag brath ar an mbunscoil óna raibh siad ag teacht. Bhí foghlaimoirí ar ardchaighdeán agus foghlaimoirí a raibh caighdeán ní ba ísle acu á dteagasc in aon rang amháin. Ceistíodh leanúnachas sa chóras trí chéile.

- I suppose the question I have is and I don't see evidence of it. Is there a link between the primary curriculum, the post primary curriculum, and even within the post primary between Junior Cycle and Senior Cycle, I don't see an integrated approach in any subject, particularly in Irish. (T2 Scoil F - Príomhoide).*

Earcaíocht Múinteoirí

Mhínigh cuid de na ceannairí scoile gur bhain dúshlán le hearcaíocht múinteoirí agus le múinteoirí a choinneáil. Is constaic í seo a chuireann isteach ar sholáthar na sonraíochta.

- I suppose challenges for me are ... the retention, the availability and retention of staff, and I mean, I don't have teachers that are running out of school or anything, but when a vacancy occurs, it's trying to replace them with someone qualified, who'll commit, and then who'll come, and then stay. (T2 Scoil E - Príomhoide)*

Réamh-mholtaí na gCeannairí T2 ag Céim a hAon

Is iad seo na moltaí a eascraíonn ó na hagallaimh leis na ceannairí scoile i scoileanna cás-staidéir T2. Tá sé tábhachtach le cur san áireamh gur bailíodh na sonraí ag Céim a hAon den taighde.

Scrúdú Cainte

- Mhol gach uile cheannaire go gcuirfí scrúdú cainte éigeantach ar fáil mar chuid den mheasúnú suimitheach sa tSraith Shóisearach. Ag tarraingt ar a gcuid taithí mar cheannairí scoile, bhí roinnt cúiseanna leis an moladh seo: (i) chun aitheantas a thabhairt do labhairt na teanga agus chun scoláirí a spreagadh an Ghaeilge a labhairt agus a fhoghlaim, (ii) chun tacú leis na scoláirí scileanna idirghníomhaithe cainte a fhorbairt, (iii) chun cabhrú le scoláirí ullmhú don tSraith Shinsearach, (iv) chun brú a bhaint ón measúnú deiridh agus, (v) chun tacú le foghlaimoirí ar gach leibhéal cumais.

Cúrsa Bonnleibhéil a chur ar fáil

- Moladh cúrsa bonnleibhéil a chur ar fáil chun tacú le foghlaimoirí ar réimse leibhéil éagsúla cumais Gaeilge a fhoghlaim.

Cúrsa a chur ar fáil do Scoláirí atá nuathagtha

- Moladh cúrsa a chur ar fáil do scoláirí atá nuathagtha go hÉirinn go mbeidh rochtain acu ar na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus chun cur le himeascadh.

Tátaí

Bhí na ceannairí T2 ar fad a ghlac páirt sa taighde seo ar aon tuairim go bhfuil gá le scrúdú cainte a thabhairt isteach mar chuid den mheasúnú suimitheach sa tSraith Shóisearach. Tháinig sé chun solais sna hagallaimh go raibh bearna ann anois idir an tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach ó cuireadh an tsonraíocht T2 i bhfeidhm. Anuas air sin, bhí straitéisí éagsúla i bhfeidhm i scoileanna chun tacaíocht sa bhreis a thabhairt do scoláirí san idirbhliain. Léirigh mórchuid na gceannairí an tuairim go raibh sé ní ba dheacra ardmharcanna a thuilleamh sa Ghaeilge agus go raibh drochthionchar aige seo ar dhearcthaí múinteoirí agus scoláirí. Cé go raibh tuairimí dearfacha léirithe i leith na MRB, chothaigh an córas seo brú do scoláirí áirithe. Bhí réimse tacaíochtaí inscoile agus tacaíochtaí taobh amuigh den scoil curtha i bhfeidhm chun tacú le cur i bhfeidhm na sonraíochta sna scoileanna cás-staidéir T2. Is gá tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar sholáthar do na foghlaimoirí uile agus ar dhifreálú sna scoileanna ar chúiseanna éagsúla. Bhain castacht agus brú le córas na ndíolúintí ón nGaeilge. Aithníodh earcaíocht múinteoirí mar dhúshlán comónta eile. Cuireadh moltaí na gceannairí i láthair. Breathnaítear sa chéad mhír eile ar thaithí agus ar thuairimí múinteoirí i scoileanna cás-staidéir T2 ar chur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí.

Cuid a Ceathair: Múinteoirí T2

Taithí agus Tuairimí na Múinteoirí i Scoileanna Cás-staidéir T2

Príomhcheist a bhain leis an taighde ná: Cad é an taithí atá ag ceannairí scoile, múinteoirí agus scoláirí ar chur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 agus T2) i réimse an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe agus cad iad na tuairimí atá acu ina leith?

Dírítear sa chuid seo den tuairisc ar thaithí na múinteoirí i scoileanna cás-staidéir T2 ar chur i bhfeidhm na sonraíochta T2 agus ar na tuairimí atá acu ina leith. Breathnófar ar an gceist seo faoi na mórthéamaí seo a leanas a d'eascair ón anailís ar na grúpaí fócais le múinteoirí (N= 19) i sé scoil T2: Cúrsaí Aistrithe, Pleanáil & Tacaíochtaí, Cuir Chuige Teagaisc & Foghlama, Measúnú, Litríocht, Tionchar an Scrúdú Deiridh agus Moltaí na Múinteoirí. Tagann fothéamaí faoi gach ceann de na mórthéamaí seo.

Cúrsaí Aistrithe

Thuairiscigh múinteoirí, go raibh bearna idir an caighdeán Gaeilge a bhí sealbhaithe ag na scoláirí agus an caighdeán Gaeilge a bhí ag teastáil chun tabhairt faoin tsonraíocht Ghaeilge T2 san iar-bhunscoil. Léirigh múinteoirí ó 5 scoil as 6 scoil go raibh obair mhór le déanamh sa chéad bhliain le tuiscint na scoláirí a fhorbairt ar bhunstruchtúir na teanga agus le bunleibhéal inniúlachta a bhaint amach. Bhí an obair seo le déanamh mar thúsphointe. Chuir múinteoirí in dhá scoil an tuairim in iúl go raibh an phaindéim Covid-19 i ndiaidh drochthionchar a imirt ar leibhéal inniúlachta na scoláirí sa Ghaeilge. Bhí cuid de na múinteoirí den tuairim go raibh caighdeán éagsúla sa Ghaeilge sa chéad bhliain ag brath ar an mbunscoil óna raibh na scoláirí ag teacht chomh maith. Bhí bunscoileanna áirithe ní ba bháúla don Ghaeilge ná mar a bhí bunscoileanna eile. Bhí tionchar aige seo ar chaighdeán Gaeilge na scoláirí agus ar an teagasc agus foghlaim san iar-bhunscoil. Bhain dúshlán le hidirdhealú sa chéad bhliain den iar-bhunscoil. Bhí scoláirí áirithe ní ba láidre ó thaobh na Gaeilge de ná mar a bhí scoláirí eile, go háirithe iad siúd a bhí ag aistriú ó shuíomh lán-Ghaeilge nó ó scoileanna meán-Bhéarla a bhí láidir ó thaobh na Gaeilge de. D'fhéadfaí an léamh a dhéanamh ó na torthaí seo go

bhfuil dúshlán le sárú maidir le cúrsaí aistrithe ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil ó thaobh na Gaeilge de i gcásanna áirithe agus go bhfuil bunobair le déanamh ag múinteoirí iar-bhunscoile i gcásanna áirithe roimh dóibh tabhairt faoi chur i bhfeidhm na sonraíochta T2.

- So tá an-mheascán ann ó thaobh cumais de, an-mheascán cumais ann agus bíonn sé deacair freastal ar riachtanais na scoláirí sin, gan trácht a dhéanamh ar litríocht agus rudaí mar sin de sa chéad bhliain. Níl na rudaí bunúsacha ar eolas acu ó thaobh na Gaeilge de. (T2 Scoil A)*

Pleanáil & Tacaíochtaí

Thug múinteoirí samplaí den chomhphleanáil agus áiseanna a roinnt lena chéile i gcuid de na scoileanna cás-staidéir. Phleanáil múinteoirí le chéile, go háirithe ag tús na bliana agus ag cruinnithe foirne nuair a bhí am leagtha síos don phleanáil. Bhí múinteoirí den tuairim gur bhain castacht leis an tsonraíocht T2 agus go raibh an-chuid le clúdach laistigh den achar ama a bhí ag dul don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach. Bhraith cuid de na múinteoirí nach raibh sé indéanta an méid a bhí sa tsonraíocht a chlúdach.

Bhain na múinteoirí leas as na torthaí foghlama chun pleanáil a dhéanamh nuair a cuireadh an tsonraíocht i bhfeidhm den chéad uair, ach go háirithe. Ní raibh na torthaí foghlama lárnach sa phleanáil laethúil. I gcásanna áirithe, bhraith múinteoirí go raibh sé deacair ciall a bhaint as cuid de na torthaí foghlama agus iad a cheangal leis an gcleachtas ranga go praiticiúil. Thuairiscigh cuid de na múinteoirí go raibh na torthaí foghlama an-leathan ar fad agus go bhféadfaidh múinteoirí difriúla ciall dhifriúil a bhaint astu. Léiríodh an tuairim go raibh na torthaí foghlama sa Ghaeilge ní ba chasta ná mar a bhíonn torthaí foghlama in ábhair eile a bhí á dteagasc acu.

- Níl siad soiléir ar chor ar bith i gcomparáid le hábhair eile. Tá siad éasca, mar shampla i Staidéar Gnó. Tá siad éasca chun tuiscint, ach i nGaeilge tá siad ró-deacair agus ró-chasta. (T2 Scoil A)*

Bhain na múinteoirí leas as réimse áiseanna chun tacú leo agus iad i mbun pleanála agus i mbun teagaisc. Mhol na múinteoirí *Facebook* Múinteoirí na Gaeilge le háiseanna a roinnt lena gcomh-mhúinteoirí ach go háirithe, agus mhínigh siad gur chabhraigh an áis seo leo coinneáil ‘suas chun dáta.’ Tacaíochtaí eile a bhí in úsáid ag na múinteoirí ná: Tuairisc.ie, VIFAX, Téacsleabhair, acmhainní ó COGG, TG4 Foghlaim, Seomra Ranga Google / TEAMS agus laethanta forbartha gairmiúla a bhí eagraithe ag na seirbhísí tacaíochta.

Níor úsáid formhór na múinteoirí na físeáin tacaíochta a bhí curtha ar fáil ag an CNCM chun tacú leis an ullmhúchán do na MRB. Léirigh cuid de na múinteoirí an tuairim go raibh an caighdeán Gaeilge a bhí léirithe sna físeáin an-ard ar fad agus go gcuirfeadh na heiseamláirí sin isteach ar fhéinmhuinín scoláirí i scoileanna T2.

- *Ag teacht aníos ag an MRB, is féidir linn na taifid sin do na scoláirí eile ag déanamh MRB a thaispeáint inár ranganna. Scaitfí blonn sé sin beagáinín scanrúil. Blonn siad ag rá “Whoa!” (T2 Scoil F)*

Cuir Chuige Teagaisc agus Foghlama **Cumas Cumarsáide**

Is léir ón anailís gur cuireadh an bhéim ba mhó ar chumas cumarsáide na scoláirí a fhorbairt sa Ghaeilge sna scoileanna T2 seachas an dá shnáithe eile atá sa tsonraíocht, is iad sin, feacht teanga agus chultúrtha agus féinfheacht an fhoghlaimeora. Bhí réimse gníomhaíochtaí curtha i bhfeidhm sna scoileanna le cumas cumarsáide na scoláirí a fhorbairt, mar shampla: cluichí teanga, comórtais, rólghlacadh bunaithe ar an litríocht, físeáin *TikTok* a chruthú, obair ghrúpa, obair bheirte, cluichí teanga, Flipgrid, taifid fuaime ar phíosáí léitheoireachta agus físeáin bheaga a dhéanamh bunaithe ar théama. Luaigh scoil amháin Gaeilge24 mar chur chuige a spreag na scoláirí le Gaeilge a labhairt. Bhain cruthaitheacht le cuid de na tascanna ranga mar atá léirithe sna ráitis ar lean.

- *Bhí an comórtas bunaithe ar ceann de na prós a bhí léite acu so bhí orthu aisteoireacht a dhéanamh bunaithe ar Katfish nó rud éigin mar sin. Bhí orthu TikTok a dhéanamh bunaithe air sin, bhí sé greannmhar... bhí orthu dul siar a dhéanamh ar na scéalta agus an foclóir cuí a úsáid. (T2 Scoil B)*
- *Tá cluiche Jenga agam le huimhreacha ar na blocanna agus blonn bileoga difriúla agam le ceisteanna, is féidir leo an bloc a bhaint amach agus má tá uimhir 1 [acu], cuireann tú ceist uimhir 1 ar do phairtnéir. (T2 Scoil C)*

Ba léir gur thaitin cuir chuige ghníomhacha leis na scoláirí ach go raibh am i gceist le tascanna taitneamhacha gníomhacha a éascú do na scoláirí. Bhraith múinteoirí go raibh cúrsaí ama mar chonstaic ar ghníomhaíochtaí idirghníomhaithe teanga a chur ar fáil de bharr go raibh go leor le clúdach acu don scrúdú scríofa agus gur ghá dóibh díriú air sin.

- *Is féidir leat na rudaí deasa sin a dhéanamh an t-am ar fad agus cé go bhfuil cumarsáid déanta acu agus deiseanna labhairt lena chéile is araile, ach, ar an lá, caithfidh siad a bheith in ann súf síos agus an méid sin a scríobh agus tá an-chuid le scríobh acu. (T2 Scoil E)*

Moladh chomh maith gurbh fhiú níos mó ama a thabhairt d’fhorbairt scileanna labhartha na scoláirí sa Ghaeilge. Is fiú a aithint gur i gcásanna áirithe mhínigh múinteoirí go raibh sé deacair na scoláirí a spreagadh le labhairt i nGaeilge i scoileanna T2. Cé go ndearnadh iarracht tasc trí Ghaeilge a chur ar siúl sa rang, i gcásanna áirithe bhí na scoláirí drogallach labhairt i nGaeilge agus labhair siad i mBéarla. I gcásanna áirithe, bhí easpa inniúlachta sa teanga ó bhéal sa Ghaeilge mar bhac ar úsáid na teanga sa seomra ranga.

- *Fiú inniu, bhí muid ag déanamh scannáin so foclóir faoi scannáin agus an phictiúrlann, agus bhí ceistneoir acu le cur ar a chéile faoi scannáin. Ach bhí mé ag siúl timpeall an ranga agus bhí siad ag cur na ceisteanna trí Bhéarla ar a chéile. (T2 Scoil A)*

Feasacht Teanga & Chultúrtha

Níor thug na múinteoirí mórán samplaí de chleachtais ranga chun feasacht teanga na scoláirí a chur chun cinn. Cuireadh béim ar chodanna de struchtúir na teanga a aithint i ranganna áirithe.

- I suppose nuair a bhíonn tú ag ceartú an obair bhaile, is féidir leat na cóipleabhair a mhalartú agus cuireann tú cúpla treoir ar an gclár bán, you know, cuir líne faoi na briathra difriúla, an bhfuil siad san aimsir chaite, cuir ciorcal timpeall réamhfhocal ... (T2 Scoil C)*

I gcuid de na scoileanna, iarradh ar scoláirí píosaí cainte nó léitheoireachta a thaifeadh agus a thaifeadh arís tar éis dóibh aiseolas a fháil faoin bhfoghraíocht.

Cuireadh béim ar an bhfeasacht chultúrtha a spreagadh trí gníomhaíochtaí éagsúla le linn sheachtain na Gaeilge ach go hairithe, chomh maith le turais chuig an bpictiúrlann, maidineacha tae, cainteanna poiblí agus céilithe. Moladh an amhránaíocht mar bhealach le nasc a dhéanamh le cultúr na Gaeilge.

- I suppose ó thaobh an chultúir agus maidir leis an litríocht...em... déanaim iarracht na hamhráin a dhéanamh in áit na ndánta. I mbealach éigin tá sé níos éasca do na daltaí nuair atá amhrán ann agus tá siad in ann éisteacht leis. (T2 Scoil D)*

D'aithin múinteoirí i scoileanna T2 gur bhain dúshlán le nasc a dhéanamh le pobal labhartha na Gaeilge taobh amuigh den scoil. Bhí cuid de na múinteoirí den tuairim nach raibh dóthain ama acu le díriú ar fhorbairt na feasachta cultúrtha taobh amuigh den chéad bhliain mar gheall ar bhrú an scrúdaithe. Labhair na múinteoirí i scoil amháin faoi scoláirí a spreagadh le dul chun na Gaeltachta le linn an tsamhraidh. Sa scoil chéanna bhí deis ag scoláirí dul ar thuras lae chun na Gaeltachta sa chéad bhliain. Bhí cuid de na múinteoirí den tuairim go raibh sé deacair aionna speisialta a fháil isteach sa scoil agus go gcuirfeadh cleachtas mar sin le deiseanna na scoláirí feasacht chultúrtha a fhorbairt agus nasc a dhéanamh le pobal teanga taobh amuigh den scoil.

Féinfheasacht an Fhoghlaim

Is í féinfheasacht an fhoghlaimeora an snáithe ba lú ar leag na múinteoirí béim. I gcuid de na scoileanna spreag múinteoirí na scoláirí le machnamh a dhéanamh ar obair a bhí curtha i gcrích acu mar shampla, Cad atá á fhoghlaim agam? Cad a d'fhoghlaim mé? Conas is féidir liom barr feabhais a chur ar an obair an chéad uair eile? Léiríodh an tuairim go raibh sé deacair ar chuid de na scoláirí tabhairt faoin bhféinmheasúnú nó faoin machnamh sa dara teanga. Bhí roinnt de na múinteoirí den tuairim gur bhain dúshlán le hathmhachnamh a dhéanamh trí Bhéarla fiú agus go raibh sé an-dúshlánach tabhairt faoin athmhachnamh trí Ghaeilge do scoláirí áirithe.

- Tá an machnamh á dhéanamh as Béarla sa rang Fraincise agus tá tú ag iarraidh ar dhaltaí gnáthleibhéil agus, i ndáiríre an t-ardleibhéil, é sin a dhéanamh as Gaeilge ... tá sé sin chomh deacair. (T2 Scoil E)*

Breathnaítear ar thuairimí na múinteoirí i leith na litríochta sa chéad chuid eile.

An Litríocht

Bhí mórchuid na múinteoirí sna scoileanna cás-staidéir T2 dearfach faoin rogha litríochta a bhain leis an tsonraíocht. Bhí múinteoirí i dtrí scoil chás-staidéir den tuairim go raibh an iomarca litríochta le clúdach go fóill sa tsonraíocht T2, áfach agus nár bh leor an laghdú a rinneadh ar an liosta litríochta mar thoradh ar an Athbhreithniú Luath.

- Ó thaobh na litríochta, tá laghdú níos mó ag teastáil go géar, i mo thuairimse. (T2 Scoil A)*

Sna grúpaí fócais, thug na múinteoirí samplaí den litríocht a thaitin leis na scoláirí agus samplaí de na gníomhaíochtaí ranga a chur siad ar fáil do na scoláirí bunaithe ar an litríocht. Bhí réimse gníomhaíochtaí ar bun ar nós rólghlacadh, drámaí, agus scríbhneoireacht bunaithe ar an litríocht. Tháinig na gearrscannáin chun cinn mar rogha litríochta a thaitin leis na daltaí.

- Ceapaim féin go dtaitníonn an t-úrscéal go mór leo. So déanaimid an ceann “Cúpla” agus toisc go mbaineann sé le saol an déagóra agus an Ghaeltacht baineann siad an-taitneamh as agus tá a lán féidearthachtaí d’imeachtaí gur féidir leat a dhéanamh as sin. Mar shampla, litir a scríobh ón nGaeltacht, comhrá fóin a bheith agat, ag samhlú gur tusa an phríomhcharachtar. (T2 Scoil C)

- Tá mé ag smaoineamh ar Ghleann Álainn, agus tá an oiread sin is féidir leat a dhéanamh, is féidir cás cúirte a chur ar siúl. Is féidir leat póstaer a dhearadh de chosc a chur ar dhumpáil. Is féidir é sin a nascadh le córas timpeallachta. Is féidir linn an oiread sin a bhaint ó Gleann Álainn. (T2 Scoil E)

I gcásanna áirithe léirigh múinteoirí an tuairim nach raibh cuid den litríocht feiliúnach do dhéagóirí agus is fiú tuilleadh fiosraithe a dhéanamh faoi seo mar go bhfuil liosta athbhreithnithe de théacsanna molta curtha ar fáil.

Measúnú

Cuirfear na torthaí a thagann faoin téama measúnú i láthair faoi na fothéamaí (i) MRB 1: An Phunann Teanga, (ii) MRB 2 agus (iii) Cruinnithe AFMÁ.

MRB 1: An Phunann Teanga

Ní mór a aithint nach raibh mórán taithí ag na scoileanna ar an MRB 1 agus na sonraí taighde á mbailiú. Maidir leis na scoileanna a raibh taithí acu air, bhí scoil amháin sásta go raibh an MRB 1 curtha sa dara bliain. Labhair cuid de na múinteoirí faoin mbrú ama a chothaigh na tascanna MRB.

MRB 2: Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge

Bhí meascán tuairimí ag múinteoirí maidir le MRB 2. Bhí múinteoirí i Scoil E agus i Scoil F sásta gur thug MRB deis do na scoláirí a scileanna teanga a chur chun cinn agus go raibh an taithí go maith dóibh. Mhol siad go mbronnfaí marcanna suimitheacha ar an MRB, áfach, chun aitheantas a thabhairt d’obair na scoláirí agus go raibh an easpa aitheantais i bhfoirm marcanna ag cur isteach ar inspreagadh scoláirí tabhairt faoin tasc.

- Is breá liom an MRB 2. Ceapaim go bhfuil sé go maith dóibh an cur i láthair a dhéanamh, tá sin go hiontach. Ach ní chuireann sé lena marcanna agus is mór an trua é sin mar cuireann muid an-chuid ama isteach ann chun é a dhéanamh leo. (T2 Scoil E)

Ar an láimh eile, bhí múinteoirí eile cáinteach faoin tasc féin. Cháineadar an smaoineamh gur tasc idirghníomhaithe teanga a bhí ann mar go raibh luaschártaí in úsáid ag scoláirí chun tacú leo an cur i láthair a dhéanamh. In amanna, ní raibh ag éirí le scoláirí ceisteanna a fhreagairt nó plé a dhéanamh agus bhí píosaí cainte foghlamtha de ghlanmheabhair acu. Dar le cuid de na múinteoirí, bhain srianta le féidearthachtaí an taisc scileanna idirghníomhaithe teanga a chur chun cinn.

- Agus déanann siad cur i láthair bunaithe ar rud éigin agus foghlaimíonn siad rud éigin de ghlanmheabhair beagnach. Ansin cuireann tú na ceisteanna bunúsacha agus níl siad in ann freagraí a thabhairt duit, tá rud éigin in easnamh sa phróiseas. (T2 Scoil A)

Tháinig sé chun cinn i gcuid de na scoileanna cás-staidéir gur chuir MRB 2 brú ar scoláirí áirithe agus go raibh siad neirbhíseach tabhairt faoin tasc. Mhol múinteoirí scrúdú cainte in áit an MRB agus go mbeadh scrúdú cainte ní b’fheiliúnaí chun scileanna idirghníomhaithe cainte a fhorbairt, chun aitheantas a thabhairt d’obair na scoláirí agus chun tacú le scoláirí a bhí neirbhíseach ag labhairt os comhair an ranga. Bhí na múinteoirí ag tarraingt ar a gcuid taithí ar MRB 2 sular cuireadh na treoirlínte athbhreithnithe ar fáil. Pléifear moltaí na múinteoirí maidir le scrúdú cainte mar phríomh-mholadh a bhí acu. Féachfar ar thuairimí na múinteoirí faoi na cruinnithe AFMÁ sa chéad chuid eile.

Cruinnithe AFMÁ

Bhí tuairimí dearfacha ag na múinteoirí maidir lena dtaithí ar na cruinnithe AFMÁ. Thug na cruinnithe deis dóibh labhairt lena gcomhghleacaí agus thug an próiseas tacaíocht dóibh breithiúnais ghairmiúla a dhéanamh, go háirithe nuair nach raibh siad iomlán cinnte faoin tuairiscín a bhí le bronnadh nó nuair a bhí scoláirí ar imeall an bhanda ghrádála. Léirigh múinteoirí an tuairim gur

chóir breis tacaíochtaí a chur ar fáil - samplaí d'obair scoláirí a théann leis na tuairiscíní sa chaoi is nach mbeadh cinntí suibíachtúla á ndéanamh ag múinteoirí.

Taithí ar an Scrúdú Deiridh

Is é aidhm an taighde ná iniúchadh a dhéanamh ar thaithí agus ar thuairimí na múinteoirí ar chur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí. Ní thagann an scrúdú deiridh go díreach faoi chur i bhfeidhm na sonraíochta ach príomhthoradh a d'eascair ón anailís ná go raibh tionchar mór ag an scrúdú deiridh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim sa rang agus ar thuairimí na múinteoirí i leith na sonraíochta T2. Tá sé tábhachtach na tuairimí seo a thuairisciú mar phríomhthéama a tháinig chun solais ag Céim a hAon sa taighde.

Dar leis na múinteoirí, ní raibh an scrúdú deiridh ag teacht go beacht agus go soiléir le cur i bhfeidhm na sonraíochta agus bhí míréir idir an méid a bhí leagtha síos sa tsonraíocht agus taithí na múinteoirí agus na scoláirí ar an scrúdú deiridh. Ardaíodh pointí tábhachtacha sna grúpaí fócais gur gá a thuairisciú agus dul i ngleic leo. Bhí múinteoirí ag iarraidh tacú leis na scoláirí agus iad ag ullmhú don scrúdú mar chuid dá ról mar mhúinteoirí gairmiúla Gaeilge. Mhínigh cuid de na múinteoirí go raibh sé dodhéanta seo a dhéanamh mar nach bhféadfaidís an méid a bheadh ar an scrúdpháipéar a thuar ar aon bhealach. Bhí orthu raon leathan ábhar a chlúdach ach bhí a fhios acu go raibh seans ann nach mbeadh nasc leis an scrúdú deiridh. Léiríodh an tuairim go raibh an éiginnteacht faoi ábhar an scrúdaithe míchothrom ar na scoláirí agus nach raibh an éiginnteacht seo ag tabhairt an deis ab fhearr dóibh rathúlacht a bhaint amach sa scrúdú deiridh.

Thuairiscigh múinteoirí chomh maith go raibh torthaí ní b'íse ag na scoileanna agus gráid ní b'íse bronnta ar na scoláirí ó cuireadh na sonraíochtaí i bhfeidhm. Chuir seo isteach ar dhearcthaí na múinteoirí. Mhol múinteoirí go ndéanfaí athbhreithniú ar na bandaí grádála agus nach raibh siad cothrom ar na scoláirí. Míníodh freisin go raibh scoláirí a fuair toilteanas sa Ghaeilge, is é sin marc ó 55-74% ag athrú chuig cúrsa gnáthleibhéil don Ardteist.

- *Ní bhfuair muid aon ghradam sa scoil seo ó thosaigh an rud agus téann siad ar aghaidh agus faigheann siad H1 san Ardteist. I mean... bíonn i gcónaí duine nó beirt achan bliain ar chóir dóibh é a fháil agus ní fhaigheann siad é. (T2 Scoil B)*

Mhínigh múinteoirí cuid de na fadhbanna a bhain go sonrach leis an scrúdpháipéar, mar shampla go raibh cuid de na scoláirí nach raibh in ann na ceisteanna a thuiscint. Sa chás sin, cé go bhféadfadh an-chuid oibre a bheith déanta ag scoláire, agus dua caite aige ag foghlaim na Gaeilge, ní bheadh toradh na hoibre sin le feiceáil.

- *Níl sé cothrom ar na daltaí a bhfuil go leor staidéir déanta acu agus rinne siad a lán oibre ar feadh 3 bliana agus ansin focal amháin sa cheist nach dtuigeann siad agus ansin ní féidir leo plé leis an bpáipéar. (T2 Scoil E)*

Ba léir ó na tuairiscí go raibh tionchar diúltach ag an scrúdú deiridh ar thaithí na múinteoirí ar an tsonraíocht T2 agus ar na tuairimí a bhí acu ina leith. Féachtar anois ar mholtaí na múinteoirí i scoileanna cás-staidéir T2. Tá sé tábhachtach le cur san áireamh gur bailíodh na sonraí ó na scoileanna cás-staidéir ag Céim a hAon de staidéar trí bliana.

Réamh-mholtaí na Múinteoirí T2 ag Céim a hAon Scrúdú Cainte

- Is é an phríomhmholadh a eascraíonn ó na grúpaí fócais le múinteoirí i scoileanna T2 na gur chóir scrúdú cainte a bheith mar chuid den mheasúnú suimitheach sa tSraith Shóisearach. Bhí na múinteoirí i ngach scoil chás-staidéir ar aon fhocal faoi. Is iad na príomhchúiseanna a bhain leis an moladh ná gur chóir aitheantas a thabhairt do labhairt na teanga agus béim a leagan ar fhorbairt scileanna idirghníomhaithe cainte na scoláirí. Bhí múinteoirí den tuairim go gcabhródh scrúdú cainte leis an mbearna a laghdú idir an tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach. Níor cheap na múinteoirí gur chóir go dtiocfadh MRB 2 in áit scrúdaithe

cainte. Bhí múinteoirí a raibh taithí acu ar an scrúdú cainte sa Teastas Sóisearach den tuairim gur chóir é a thabhairt ar ais.

Cúrsaí Measúnaithe

- Moladh go dtabharfaí treoir agus tacaíocht do mhúinteoirí chun go bhféadfaidís tacú leis na scoláirí ullmhú don scrúdú deiridh.
- Moladh athbhreithniú a dhéanamh ar an scrúdú deireadh ionas go mbeadh nasc soiléir leis an gcleachtas ranga.
- Moladh athbhreithniú a dhéanamh ar na bandaí grádála.
- Moladh marcanna a thabhairt do thascanna MRB.

Nasc a dhéanamh idir an tSraith Shóisearach & an tSraith Shinsearach

- Bhí múinteoirí den tuairim go raibh an-bhearna idir an tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach agus go gcabhródh scrúdú cainte leis an mbearna seo a laghdú.

An Litríocht

- Mhol go leor de na múinteoirí laghdú eile a dhéanamh ar an méid litríochta atá le clúdach. Is fiú tuilleadh fiosraithe a dhéanamh faoi seo mar gur bailíodh na sonraí ag Céim a hAon de chur i bhfeidhm na sonraíochtaí athbhreithnithe.
- Moladh go mbeadh cead ag scoláirí litríocht na chéad bhliana a úsáid i dtreo an scrúdaithe dheiridh.

Torthaí Foghlama

- Moladh na torthaí foghlama a shoiléiriú.

Soláthar d'fhoghlaimeoirí Uile na Gaeilge

- Moladh cúrsa bonnleibhéil a chur ar fáil chun tacú le foghlaimeoirí ar leibhéil éagsúla cumais.

Tacaíochtaí

- Moladh go mbeadh breis tacaíochtaí ann do scoileanna T2 chun tacú leo nasc a dhéanamh leis an bpobal teanga taobh amuigh den scoil.

Mír a Cúig: Suimiú ar na Téamaí Éiritheacha

Déantar comparáid agus codarsnacht sa mhír seo idir na príomhthorthaí a bhain le comhthéacsanna scoile T1 agus T2 ag Céim a hAon den taighde, agus cuirtear i láthair réamh-mholtaí a rinne na ceannairí agus na múinteoirí ag eascairt óna dtaithí ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí T1 agus T2. Tá sé tábhachtach a aithint gurb é seo an chéad cheann de dhá thuarascáil eatramhacha agus go bhféadfadh athruithe teacht ar na torthaí éiritheacha sa dá bhliain atá amach romhainn. Sna chéad chéimeanna eile den staidéar, fiosrófar gach téama ar bhonn níos doimhne agus níos leithne agus ó pheirspictíochtaí réimse rannpháirtithe. Beidh suirbhé náisiúnta le múinteoirí iar-bhunscoile Gaeilge, rud a thabharfaidh léargas níos leithne ar an taithí atá ag múinteoirí iar-bhunscoile na Gaeilge ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí Gaeilge agus ar na tuairimí atá acu ina leith sa chéad chéim eile. Reáchtálfar grúpaí fócais le scoláirí sna scoileanna cás-staidéir sa chéad chéim eile le sonraí a bhailiú faoina dtaithí agus a ndearcchaí maidir le cur i ngníomh na sonraíochtaí. Is fiú téamaí a aithint arbh fhiú tuilleadh fiosraithe a dhéanamh orthu ag na chéad chéimeanna eile den taighde. Cuirtear i láthair na téamaí éiritheacha ó Chéim a hAon sa mhír seo.

Réamhthorthaí na gCeannairí Scoile T1 & T2

Bhí na ceannairí scoile i scoileanna T1 agus T2 ar aon tuairim gur chóir níos mó béime a chur ar an nGaeilge labhartha sa tSraith Shóisearach agus níos mó aitheantais a thabhairt do scoileanna labhartha na Gaeilge tríd an measúnú suimitheach. Mhol gach uile cheannaire scoile go mbeadh scrúdú cainte mar

chuid den mheasúnú suimitheach sa tSraith Shóisearach don Ghaeilge. Bhí ceannairí den tuairim gur gá níos mó aitheantais a thabhairt do labhairt na teanga chun scoláirí a spreagadh í a labhairt, chun freastal ar fhoghlaimeoirí éagsúla, chun scoláirí a ullmhú don tSraith Shinsearach, agus leis an nGaeilge a chur chun cinn mar theanga bheo bheathach.

D'áitigh ceannairí T1 go bhfuil an Ghaeilge níos tábhachtaí ná ábhar i scoileanna T1 agus í mar theanga an cheantair agus/nó mar theanga an bhaile agus toisc gurb í teanga na scoile. Tháinig sé chun solais gur bhain deacrachtaí suntasacha leis an gcóras idirdhealaithe don mheasúnú suimitheach deiridh, go háirithe i gcás na scoileanna cás-staidéir T1 mar go raibh titim shuntasach sna gráid arda do scoláirí T1 ó cuireadh an tsonraíocht T1 i bhfeidhm in 2017. D'fhéadfadh an córas marcála deighilte do scoileanna T1 agus T2, an leathnú ar na bandaí grádála agus an scrúdú féin a bheith mar chúis leis na deacrachtaí seo. Léirigh morchuid de na ceannairí sna scoileanna cás-staidéir T2 go raibh sé ní ba dheacra marcanna arda a bhaint amach sa Ghaeilge i gcomparáid le hábhair eile. Bhí an titim shuntasach sna marcanna arda do scoláirí T1 ach go háirithe, ag imirt drochthionchair ar thaithí scoileanna ar an soláthar idirdhealaithe agus léiríodh an tuairim go raibh scoláirí T1 faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar an measúnú suimitheach idirdhealaithe. Bhí an titim sna marcanna ina ábhar mór imní i scoileanna cás-staidéir T1.

Thug ceannairí scoile T1 agus T2 ardmholadh do mhúinteoirí na scoileanna agus cuireadh in iúl gurb iad na múinteoirí féin an phríomhfhoinsé a bhí ag scoileanna chun tacú le cur i bhfeidhm na sonraíochtaí. Bhí roinnt ócáidí scoile ar siúl sna scoileanna T2 chun tacú le cur chun cinn na Gaeilge. Láidreachtaí

a bhain le cur i bhfeidhm na sonraíochta i scoileanna T1 ná an nasc leis an bpobal taobh amuigh den scoil agus an cur chuige uile scoile a cuireadh i bhfeidhm chun tacú le cur i bhfeidhm na sonraíochta agus chun tacú le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga bheo bheathach na scoile. Taca láidir eile a chabhraigh le cur i bhfeidhm na sonraíochta T1 ná scéimeanna tacaíochta, mar shampla scéimeanna atá á dtairiscint mar chuid den scéim aitheantais do na scoileanna Gaeltachta, chomh maith le scéimeanna atá á n-eagrú ag eagrais Ghaeilge. Chabhraigh comhráití gairmiúla le cur i ngníomh na sonraíochtaí sa dá chomhthéacs.

Tháinig dúshlán chun solais sa dá chomhthéacs maidir le soláthar an churaclaim d'fhoghlaimoirí uile na hiar-bhunscoile. Bhain dúshlán le hoideachas ionchuimsitheach a sholáthar - do scoláirí a raibh réimse cumais iontu sa Ghaeilge, do scoláirí a raibh riachtanais bhreise oideachais acu agus do scoláirí a bhí nuathagtha i scoileanna T1 agus i scoileanna T2. Mhol mórchuid na gceannairí T2 go gcuirí cúrsa bonnleibhéil ar fáil. Léiríonn na réamhthorthaí seo go dteastaíonn níos mó tacaíochtaí leis an bhfreastal cuí a dhéanamh ar scoláirí uile na hiar-bhunscoile agus ní mór go ndéanfaí machnamh cúramach air seo. Bhí dúshlán roimh scoileanna T1 rochtain a fháil ar théacsanna molta don litríocht. Bhain dúshlán le múinteoirí cáilithe a fhostú sa dá chomhthéacs scoile, T1 agus T2. Thug an taighde le fios go bhfuil córas na ndíolúintí ag cothú deacrachtaí sa chóras T2 ar bhealaí éagsúla. Bhí cúiseanna éagsúla a bhain le díolúine a lorg ón nGaeilge in iar-bhunscoileanna T2 agus castacht mhór ag baint leis an gcóras. Léiríonn na sonraí go bhféadfadh sé a bheith deacair ar phríomhoidí diúltú do bhronnadh díolúine mar go bhfuil na coinníollacha chomh scaoilte is atá. B'fhiú an t-ábhar seo a iniúchadh go domhain i staidéar eile. Tháinig sé chun solais sa taighde go raibh bearna idir an bunleibhéal agus an iar-bhunleibhéal i gcásanna áirithe ó thaobh chaighdeán na Gaeilge ag brath ar an mbunscoil óna raibh na scoláirí ag teacht agus cúinsí eile. Bhí ceannairí T2 den tuairim nach mbeadh scoláirí ullamh a dhóthain do mheasúnú scríofa agus do mheasúnú labhartha sa tSraith Shinsearach agus bhí cúiteamh curtha ar fáil sa tSraith Shóisearach i scoileanna áirithe chun dul i ngleic leis an mbearna a líonadh.

Réamhthorthaí ó na Múinteoirí T1 agus T2

Pléitear na príomhthorthaí faoi na téamaí a leagadh béim orthu san iarratas ar thairiscintí chomh maith leis na téamaí a d'eascair ó shonraí na múinteoirí.

Cúrsaí Aistrithe

Sa dá chomhthéacs scoile T1 agus T2, bhain dúshlán le cúrsaí aistrithe ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil. Dar leis na múinteoirí, bhí éagsúlacht sna caighdeáin Ghaeilge a bhí ag na foghlaimoirí agus i gcásanna áirithe bhí go leor de bhunghnéithe den teanga le clúdach ag scoláirí sa chéad bhliain. Tháinig cúrsaí idirdhealaithe chun cinn sa dá chomhthéacs. Bhí meascán caighdeán i ranganna na chéad bhliana. Bhí idirdhealú de dhíth ach go háirithe sna cásanna seo a leanas: nuair a bhí scoláirí ag aistriú ó bhunscoil mheán-Bhéarla go hiar-bhunscoil T1; nuair a bhí riachtanais oideachais sa bhreis ag scoláirí; nuair a bhí foghlaimoirí nuathagtha go hÉirinn; nuair a bhí tacaíocht bhreise de dhíth mar gheall ar an mbearna sna caighdeáin idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil agus mar gheall ar go gcuirtear níos mó béime ar chúrsaí léitheoireachta agus scríbhneoireachta ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Luaigh cuid de na múinteoirí go raibh tionchar ag Covid-19 ar fhéinmhuinín na scoláirí i labhairt na Gaeilge. Chuir na múinteoirí T1 agus T2 an-bhéim ar labhairt na Gaeilge a chur chun cinn sa chéad bhliain agus chun muinín agus cumas na scoláirí a fhorbairt i labhairt na Gaeilge. Cuireadh béim ar leith ar fhorbairt an tsaibhris agus an chruinnis i gcomhthéacsanna scoile T1. Bhain múinteoirí leas as réimse modheolaíochtaí chun tacú le scoláirí muinín agus cumas a fhorbairt i labhairt na Gaeilge.

Pleanáil agus Tacaíochtaí

Bhí tiomántáin roinnte in úsáid ag múinteoirí i scoileanna T1 agus bhí na múinteoirí ag ullmhú a gcuid nótaí teagaisc féin agus á roinnt eatarthu. Bhí comhphleanáil idir múinteoirí sa dá chomhthéacs T1 agus T2, go háirithe ag tús na bliana agus bhí comhráití gairmiúla neamhfhoirmiúla ar bun idir múinteoirí i ngach scoil chás-staidéir. Cé gur úsáid múinteoirí torthaí foghlama na sonraíochta T1 agus T2, i gcásanna áirithe mhínigh múinteoirí go raibh na torthaí foghlama an-leathan agus doiléir.

Bhí deacracht ní ba mhó ag múinteoirí i scoileanna T1 rochtain a fháil ar théacsanna agus chuir sin lena n-ualach oibre. Bhí na scoileanna T1 iontach buíoch den obair a dhéanann COGG ag soláthar áiseanna do scoileanna T1. Mar sin féin, ag Céim a hAon den taighde, bhí múinteoirí T1 den tuairim nach raibh neart téacsanna ar fáil i gcanúint an cheantair agus gur chuir sé seo isteach ar obair an ranga agus ar thuiscint na scoláirí ar na téacsanna. Bhí an téacsleabhar mar áis ag múinteoirí T2 agus bhí rochtain acu ar na téacsanna litríochta mar gheall air sin. Thaitin sé le cuid mhór de na múinteoirí sna scoileanna cás-staidéir T1 pleanáil a dhéanamh bunaithe ar an litríocht. Cé nach bhfuil an scrúdú deiridh mar phríomhfhócas ag an taighde seo, thug an taighde le fios go raibh mórchuid na múinteoirí sa dá chomhthéacs scoile míshásta leis an treoir a cuireadh ar fáil maidir leis an scrúdú deiridh, chomh maith leis an scrúdú féin. Bhí múinteoirí imníoch faoi bheith in ann tacú le scoláirí sa scrúdú deiridh.

Bhí réimse leathan áiseanna in úsáid ag múinteoirí i scoileanna cás-staidéir T1 agus T2, mar shampla, An Tairseach ag COGG, liosta téacsanna ó CNCM, tuairisc.ie, TG4 agus an leathanach *Facebook Múinteoirí na Gaeilge*. Thuairiscigh múinteoirí T1 agus T2 gur mhaith leo níos mó áiseanna tacaíochta don Ghaeilge. Bhí breis tacaíochtaí de dhíth maidir le samplaí léirithe de na gnéithe cáilíochta a bhain leis na tascanna MRB. Mhol scoileanna cuid de na scéimeanna tacaíochtaí a bhí curtha ar fáil ag na heagrais Ghaeilge ar nós *Gaeilge 24* de chuid Chonradh na Gaeilge agus *Gaelbhratach* de chuid Ghael-Linn. Bhí scéimeanna tacaíochta ann sa Ghaeltacht a chabhraigh le cur i bhfeidhm na sonraíochta agus forbairt teanga na scoláirí. Bhí turais chun na Gaeltachta aitheanta mar thacaíocht do chur chun cinn na Gaeilge ag roinnt scoileanna T1 agus T2 taobh amuigh den Ghaeltacht.

Mhol múinteoirí go gcuirfí breis tacaíochtaí ar fáil chun tacú le teagasc na Gaeilge. Moladh go gcuirfí tacaíochtaí ar fáil do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu. Tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar sholáthar an churaclaim agus ar thacaíochtaí a chur ar fáil do scoláirí atá nuathagtha. Moladh go gcuirfí breis gníomhaíochtaí seach-churaclaim ar fáil trí Ghaeilge agus go mbeadh níos mó deiseanna ag scoileanna T2 nasc a

dhéanamh leis an bpobal teanga taobh amuigh den scoil. Chuirfí fáilte roimh níos mó ama don fhorbairt ghairmiúil chomh maith.

Cuir Chuige Teagaisc agus Foghlama

Léiríodh i Mír a Ceathair, gur cuireadh réimse leathan agus saibhir oideolaíochtaí i bhfeidhm sna scoileanna cás-staidéir chun torthaí foghlama an churaclaim a chur i ngníomh agus chun cumas agus muinín na scoláirí a fhorbairt sa Ghaeilge. Ag Céim a hAon den taighde, roinn múinteoirí a gcuid taithí ar leas a bhaint as an gcruthaitheacht agus as an nuálaíocht ina modhanna teagaisc a bhí scoláire-lárnaithe agus difearáilte chun freastal ar riachtanais éagsúla na bhfoghlaiméirí.

Sna scoileanna T2, cuireadh an phríomhbhéim ar chumas cumarsáide a fhorbairt. Cuireadh réimse gníomhaíochtaí i bhfeidhm chun tacú le forbairt cumas cumarsáide na scoláirí, mar shampla: ról-imirt bunaithe ar an litríocht, físeáin *TikTok* a dhearadh, obair ghrúpa, obair bheirte, cluichí teanga, *Flipgrid*, taifid fuaime a dhéanamh ar phíosaí gearra léitheoireachta agus físeáin ghearra bunaithe ar théamaí éagsúla. Bhí dúshlán le tascanna a áisiú trí mheán na Gaeilge i gcuid de na scoileanna T2. Bhí béim leagtha ar na trí shnáithe i scoileanna T1 agus cuireadh béim ach go háirithe ar chumas cumarsáide agus feachtas teanga agus chultúrtha a fhorbairt. Bhí deiseanna ní ba mhó ag scoileanna T1 an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile scoile agus chun naisc a dhéanamh leis an bpobal teanga taobh amuigh den scoil. Bhí gníomhaíochtaí ranga, gníomhaíochtaí scoile agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim ar siúl i scoileanna T1. Bhain cruthaitheacht leis an teagasc bunaithe ar an litríocht i go leor de na scoileanna. Tháinig moladh an-láidir ó mhúinteoirí i scoileanna T1 agus T2, go gcuirfí scrúdú cainte ar fáil sa Ghaeilge chun níos mó ama a thabhairt d'fhorbairt scoileanna idirghníomhaithe cainte na scoláirí sa rang. I go leor cásanna, thuairiscigh na múinteoirí go raibh orthu díriú ar an léitheoireacht agus scríbhneoireacht sa rang mar gheall nach raibh scrúdú cainte ann. Léirigh múinteoirí an tuairim nach raibh an fócas láidir ar léitheoireacht agus scríbhneoireacht feiliúnach d'fhoghlaiméirí uile na Gaeilge.

Litríocht

De réir na múinteoirí, thaitin téacsanna éagsúla le scoláirí agus bhí siad den tuairim go raibh rogha leathan téacsanna ar fáil. Thaitin gearrscannáin leis na scoláirí go háirithe, agus thug múinteoirí samplaí d'úrscéalta, gearrscéalta, dánta agus amhráin a thaitin le scoláirí. Ag eascairt ón Athbhreithniú Luath (Mac Gearailt & Ó Duibhir, 2023), bhí cuid de na múinteoirí T1 agus T2 sásta leis an laghdú ar líon na litríochta a bhí le clúdach ó Mheán Fómhair 2023, mar sin féin, bhí cuid mhaith de na múinteoirí sa dá chomhthéacs scoile go fóill den tuairim go raibh an líon litríochta atá le clúdach róthrom. Mar sin, beidh sé tábhachtach an t-athrú seo a mheas le linn an staidéir leantaigh. Léirigh múinteoirí T1 nach raibh téacsanna ar fáil i gcanúint na háite agus gur chuir sin le hualach oibre na scoláirí ó thaobh tuiscint na teanga de. Moladh go gcuirfí breis téacsanna ar fáil i gcanúint an cheantair do scoileanna T1. Bhí múinteoirí sa dá chomhthéacs scoile den tuairim go dtacódh sé leis na scoláirí dá mbeadh cead acu tarraingt ar litríocht na chéad bhliana sa scrúdú deiridh. D'fhéadfaí tuilleadh fiosraithe a dhéanamh faoi seo.

Measúnú Foirmitheach

Bhí meascán tuairimí ag na múinteoirí faoi MRB 1 agus MRB 2. Cheistigh múinteoirí an fiúntas a bhain le MRB 1 ach ní raibh taithí ag na múinteoirí ar fad ar MRB 1 go fóill. Bhí taithí ní ba leithne ag múinteoirí ar MRB 2. I gcásanna áirithe, thaitin MRB 2 le múinteoirí mar go raibh deis ag foghlaimeoirí tasc a chur i gcrích ar ábhar suime leo. Cheistigh múinteoirí an tasc idirghníomhaithe teanga ceart a bhí i gceist le MRB 2 nó an cur i láthair a bhí ann. Bhí imní ar scoláirí áirithe labhairt os comhair a bpiaraí agus bhí an téama seo ní ba láidre i scoileanna T2 ina raibh an Ghaeilge á foghlaim mar dhara teanga. Bhí na múinteoirí den tuairim nach bhféadfadh MRB 2 teacht in áit an scrúdaithe cainte agus go raibh scrúdú cainte ag teastáil mar chuid de mheasúnú suimitheach na Sraithe Sóisearaí. Cuireadh na treoirlínte athbhreithnithe do na MRB ar fáil i mí Mheán Fómhair 2023, mar sin glacfadh sé níos mó ama an t-athrú seo a mheas thar thréimhse an staidéir leantaigh. Bhí múinteoirí T1 agus T2 den tuairim gur chóir go mbeadh marcanna ag dul do na MRB 2 chun aitheantas a thabhairt d'obair na scoláirí. Bhí na múinteoirí sna scoileanna cás-staidéir dearfach faoi na cruinnithe AFMÁ den chuid is mó mar gur tugadh deis

dóibh a mbreithiúnais ghairmiúla a phlé lena gcomhghleacaithe agus smaointí a roinnt lena chéile.

Taithí ar an Scrúdú Deiridh

Príomhthéama a tháinig chun cinn ná gur léirigh mórchuid na múinteoirí míshástacht leis an scrúdú deiridh. Thuairiscigh múinteoirí T1 ach go háirithe, nach léiriú cruinn a bhí sna torthaí T1 ar chumas teanga ó bhéal na scoláirí agus an t-ardchaighdeán Gaeilge labhartha a bhí sealbhaithe acu ón mbaile agus/nó ón scoil. Mhol gach uile mhúinteoir go gcuirfí measúnú suimitheach ar labhairt na Gaeilge ar fáil sa tSraith Shóisearach. Mhol na múinteoirí go gcruthódh an scrúdú cainte níos mó deiseanna chun díriú ar scileanna labhartha na Gaeilge sa rang agus go raibh seo thar a bheith tábhachtach chun cainteoirí inniúla Gaeilge a chothú agus chun an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga bheo bheathach. Thabharfadh scrúdú cainte deis do scoláirí a scileanna teanga ó bhéal a léiriú agus bheadh scrúdú cainte ní b'fheiliúnaí d'fhoghlaiméoirí a bhfuil réimse cumais iontu. Chabhródh scrúdú cainte ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí le scoláirí agus iad ag ullmhú don scrúdú cainte sa tSraith Shinsearach. Bhí múinteoirí T1 agus T2 den tuairim nach raibh an measúnú suimitheach oiriúnach d'fhoghlaiméoirí uile na Gaeilge. Ag Céim a hAon den taighde seo, bhí na múinteoirí T1 agus T2 míshásta le bronnadh na marcanna agus treoir maidir leis an scrúdú deiridh, chomh maith leis an easpa aitheantais do scileanna cainte sa mheasúnú suimitheach. I gcásanna áirithe bhí foclaíocht an scrúdaithe deacair le tuiscint ag cuid de na scoláirí. Thuairiscigh múinteoirí go raibh neamhréir idir an tsonraíocht, na hoideolaíochtaí a d'úsáid siad chun í a chur i ngníomh agus an scrúdú suimitheach deiridh. D'iarr múinteoirí ag Céim a hAon den taighde breis soiléireachta agus teorach maidir leis an scrúdú suimitheach deiridh agus go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcóras gradála do scoláirí T1 ach go háirithe. Thug múinteoirí le fios go raibh an scrúdú T1 míchothrom ar na scoláirí.

Srianta an Taighde

Bhí 12 scoil chás-staidéir páirteach sa taighde agus is éard atá sa tuairisc seo ná léargas ar a dtaithí siúd ar chur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí agus ar na tuairimí atá acu ina leith. Is cur síos domhain saibhir atá sna torthaí a bhaineann le suíomhanna cás-staidéir ar leith ach ní

féidir a rá gurb amhlaidh atá an scéal i ngach scoil fud fad na tíre. Bhí trasnaí idir an taithí agus na tuairimí a bhí ag ceannairí agus ag múinteoirí i scoileanna cás-staidéir T1 agus scoileanna cás-staidéir T2 ar chuid de na téamaí. Roinn ceannairí scoile agus múinteoirí a gcuid taithí agus a gcuid tuairimí ar chur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí agus iad ag an gcéad chéim de chur i bhfeidhm leagan Mheán Fómhair 2023 de na sonraíochtaí. Sa chaoi seo, tharraing siad ar an réamhthaithí a bhí acu ar chur i bhfeidhm an churaclaim idirdhealaithe a cuireadh ar fáil den chéad uair in 2017 chomh maith.

Conclúid

Tugann an tuairisc eatramhach seo léargas ar theagasc agus ar fhoghlaim na Gaeilge sa tSraith Shóisearach in 12 scoil chás-staidéir, sé iar-bhunscoil T1 agus sé iar-bhunscoil T2. Is léir ón taighde go bhfuil ceannairí scoile agus múinteoirí ag obair go díograiseach sa dá chomhthéacs scoile ionas go mbeidh eispéiris teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán ag scoláirí sa Ghaeilge. Tá réamhthéamaí ó 12 scoil chás-staidéir chomh maith leis na réamh-mholtaí a bhí ag ceannairí scoile agus ag múinteoirí curtha i láthair sa tuairisc seo. Tabharfaidh na chéad chéimeanna eile den taighde breis léargais ar theagasc agus ar fhoghlaim na Gaeilge agus ar an soláthar do na sonraíochtaí i gcomhthéacsanna T1 agus T2.

Tagairtí

An Roinn Oideachais. (Ciorcalán 0015/2023). *Leasuithe ar shonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 na sraithe sóisearaí agus socruithe measúnaithe do mheasúnuithe rangbhunaithe 1 agus 2*. Imlitir 0015/2023 <https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/249253/e9617be8-97b7-471f-a074-2e3b52a70a4d.pdf#page=null>

An Roinn Oideachais. (Mean Fómhair 2023a). [Sonraíocht Ghaeilge na sraithe sóisearaí scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge \(T1\)](#)

An Roinn Oideachais. (Mean Fómhair 2023b). [Sonraíocht Ghaeilge na sraithe sóisearaí scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla \(T2\)](#)

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2012). [Creat don tsraith shóisearach. https://assets.gov.ie/24477/95d0251c39034b87bfcdf09d36dcd2f1.pdf](https://assets.gov.ie/24477/95d0251c39034b87bfcdf09d36dcd2f1.pdf)

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2015). [Creat don tsraith shóisearach. https://assets.gov.ie/24478/226d8c1a8c6d47f1821a66dc81c71a08.pdf](https://assets.gov.ie/24478/226d8c1a8c6d47f1821a66dc81c71a08.pdf)

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2016). *Polasaí don oideachas Gaeltachta 2017-2022*. An Roinn Oideachais agus Scileanna. <https://assets.gov.ie/24606/0e2fca7db7ca434d92f97360c1197845.pdf>

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2017a). *Sonraíocht Ghaeilge na sraithe sóisearaí scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (T1)*. https://www.curriculumonline.ie/getmedia/a3c4bc08-a163-4f6c-96d2-3bdc2116f829/Specification-for-Junior-Cycle-Irish-Irish_medium-schools_T1-Irish.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2017b). *Sonraíocht Ghaeilge na sraithe sóisearaí scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (T2)*. https://www.curriculumonline.ie/getmedia/f4954bd3-c274-4a9a-8927-0d18d6c9b6af/Specification-for-Junior-Cycle-Irish-English_medium-schools_T2_Irish.pdf

Barnes, E., Condon, J., Devitt, A., & Ó Murchadha, N. (2024). Driving Motivation in Irish Language Learning: An analysis of variation in post-primary

pupil attitudes to Irish in the Growing Up in Ireland study. *TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics*, 31, 181–205. <https://doi.org/10.35903/teanga.v31i.7542>

Braun, V. and Clarke, V. (2006). 'Using thematic analysis in psychology'. *Qualitative Research in Psychology*, 3, 77-101

CNCM. (2010). *Innovation and identity: Ideas for a new junior cycle*. NCCA https://www.ncca.ie/media/2097/innovation_and_identity_ideas_for_a_new_junior_cycle.pdf

CNCM. (2011). *Towards a framework for junior cycle: Innovation and identity*. NCCA https://www.ncca.ie/media/2466/towards_aframework_juniorcycle.pdf

CNCM. (2013) [Páipéar cúlra agus doiciméad teorach maidir leis an athbhreithniú ar Ghaeilge na sraithe sóisearaí \(CNCM, Deireadh Fómhair 2013\)](#)

CNCM. (2015a). *Dréacht-sonrúchán na Gaeilge: faofa i gcomhair comhairliúcháin*. https://ncca.ie/media/3177/draftspec_jcgaeilge_ga.pdf

CNCM. (2015b). *Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar an dréacht sonrúchán don Ghaeilge sa tsraith shóisearach: Le plé (Bealtaine 2015)*. https://ncca.ie/media/3178/consultationreport_jcirish_ga.pdf

CNCM. (2023a). *Tuarascáil chomhairliúcháin maidir le dréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hardteistiméireachta*. https://ncca.ie/media/6022/tuarasc%C3%A1il-chomhairli%C3%BAch%C3%A1in-maidir-le-dr%C3%A9achtsonra%C3%ADochta%C3%AD-t1-agus-t2-le-haghaidh-ghaeilge-na-hardteistim%C3%A9ireachta_ga_fv.pdf

CNCM. (Meán Fómhair 2023b). *An Ghaeilge sa tsraith shóisearach scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (T1). Treoirilnte don mheasúnú rangbhunaithe agus don tasc measúnaithe*. https://curriculumonline.ie/getmedia/dbfe6af7-78ad-4ada-855b-5fc5660771d6/Treoirilnte_Measunaithe_T1_MF2023.pdf

CNCM. (Meán Fómhair 2023c). *An Ghaeilge sa tsraith shóisearach scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (T2). Treoirínte don mheasúnú rangbhunaithe agus don tasc measúnaithe* https://curriculumonline.ie/getmedia/b2864fd4-faa1-48c7-9f2b-61a4b0b2dd9a/Treoirinte_Measunaithe_T2_MF2023.pdf

Crabtree, B.F. and Miller, W.L. (1999). Using codes and code manuals: a template organizing style of interpretation, in B.F. Crabtree and W.L. Miller, (Eag.), *Doing Qualitative Research*, 2nd edition. Sage

Cohen, L., Manion, L., & Morrison, K. (2018). *Research methods in education*. Routledge.

King, N. (2012). oing template analysis, in G.Symon and C.Cassell (Eag.) *Qualitative organizational research: Core methods and current challenges*. Sage.

Mac Gearailt, C. agus Ó Duibhir, P. (2023). *Athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 don tsraith shóisearach*. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Maxwell, J. A. (2009). Designing a qualitative study. In *The SAGE handbook of applied social research methods* (2nd ed., pp. 214–253). SAGE Publications, Incorporated. <https://doi.org/10.4135/9781483348858.n7>

McGarr, O., O'Reilly, J., Mc Cormack, O., Lynch, R., Dempsey, A., Power, J., ... Goos, M. (2024, 22 May). *Exploring the introduction of the framework for junior cycle: A longitudinal study. Interim report No. 3 (2024)*. Ollscoil Luimnigh. . doi:10.34961/researchrepository-ul.25460644.v1

Smyth, E. (2009). Junior cycle education: insights from a longitudinal study of students, ESRI Research Bulletin 2009/4/1. ESRI. <https://www.esri.ie/publications/junior-cycle-education-insights-from-a-longitudinal-study-of-students>

Teddlie, C., & Yu, F. (2007). Mixed methods sampling: A typology with examples. *Journal of Mixed Methods Research*, 1(1), 77-100. DOI 10.1177/1558689806292430

Travers, P. (2015). *Junior cycle reform: A way forward*. <https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/24975/b43785ef0a5b41a8a6ed36b1f35df12f.pdf#page=null>

Yin, R. K. (2009). *Case study research: design and methods* (4th ed.). Sage Publications.

Aguisín A

Sampla de na ceisteanna T1 agus T2 don Phríomhoide/Phríomhoide Tánaisteach

- Inis dom faoi do thaithíse agus do chuid tuairimí ar chur i bhfeidhm shonraíochtaí
- Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí i do scoil? (soláthar idirdhealaithe T1 agus T2)
- Cad iad na tacaíochtaí is mó a éascaíonn/ a chabhraíonn le cur i bhfeidhm an tsoláthair agus na sonraíochtaí Gaeilge?
- An bhfuil constaicí ar leith ann do chur i bhfeidhm an tsoláthair agus na sonraíochtaí?
- Cad é an taithí atá agat mar phríomhoide/phríomhoide tánaisteach ar na hathruithe sa mheasúnú agus sa tuairisciú sa Ghaeilge sa tsraith shóisearach ó 2017 agus cad é an tionchar atá acu seo ar do scoil?
- An bhfreastalaíonn cur i bhfeidhm na sonraíochtaí ar na foghlaimoirí uile atá ag foghlaim na Gaeilge i do thuairimse?
- An bhfeiceann tú go bhfuil difríochtaí idir an cur i bhfeidhm T1/T2?
- Ar mhaith leat aon rud eile a rá faoi na riachtanais atá ag foghlaimoirí atá ag leanúint na sonraíochtaí T1/T2?
- An mbeadh moltaí ar leith agat/agaibh maidir leis an soláthar don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach?

Aguisín B

Ceisteanna do na Grúpaí Fócais le Múinteoirí

Leanúnachas agus Aistriú – Bliain a haon

1. An bhfuil cur i bhfeidhm na sonraíochtaí ag tógáil ar an nGaeilge atá ag na scoláirí agus iad ag aistriú ón mbunscoil?

Pleanáil

2. Conas a phleanálann tú do cheachtanna Gaeilge - comhphleanáil, múinteoirí aonair?
3. Conas a úsáideann tú do shaoirse ghairmiúil (breithiúnas gairmiúil) mar mhúinteoir?

Cumas Cumarsáide (Sonraíocht T1/T2)

4. Tabhair samplaí de na gníomhaíochtaí/ tascanna cumarsáideacha a chuireann tú ar fáil d'fhoghlaimoirí le cumas cumarsáide a fhorbairt sa Ghaeilge?
5. An mbeadh moltaí agaibh maidir le scileanna idirghníomhaithe teanga na scoláirí a chur chun cinn?

Feasacht Teanga agus Chultúrtha (Sonraíocht T1/T2)

6. Tabhair samplaí de na gníomhaíochtaí a chuireann tú ar fáil/ a éascaíonn tú le feasacht teanga agus feasacht chultúrtha na bhfoghlaimoirí a fhorbairt sa rang? (Leid: feasacht chultúrtha - pobal na Gaeltachta, pobal na Gaeilge taobh amuigh den scoil, pobal na Gaeilge go hidirnáisiúnta)
7. An mbeadh moltaí agaibh maidir le feasacht teanga agus chultúrtha na scoláirí a chur chun cinn?

Féinfheasacht an Fhoghlaimora (Sonraíocht T1/T2)

8. Tabhair samplaí de na gníomhaíochtaí a chuireann tú ar fáil/ a éascaíonn tú le scileanna féinfheasachta na scoláirí mar fhoghlaimoirí teanga a fhorbairt? (Leid: straitéisí foghlama teanga, straitéisí machnaimh, straitéisí féinmheasúnaithe, an fhoghlaim fhéinriartha -tabhairt faoi deara/ féincheartú)?

9. An mbeadh moltaí agaibh le maidir le féinfheasacht foghlama na scoláirí a chur chun cinn?

Forbairt scileanna teanga ar bhonn comhtháite (Sonraíocht T1/T2)

10. Cad iad na scileanna teanga/ snáithe is mó ar a chuirtear béim sa rang? Cén fáth? (leid 5 scil - éisteacht, labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht, idirghníomhú cainte)

Torthaí Foghlama

11. Cén leas a bhaineann sibh as na torthaí foghlama? An bhfuil na torthaí foghlama atá sna sonraíochtaí soiléir agus cabhrach don teagasc, foghlaim agus measúnú? Tabhair míniú agus samplaí le bhur dtoil.

Ról na litríochta

12. Conas a thacaíonn an litríocht le forbairt teanga na scoláirí? (Leid - Cad iad na téacsanna/ seánraí is éifeachtaí le tacú le forbairt scileanna teanga? An bhfuil líon agus cáilíocht na dtéacsanna oiriúnach dar libhse? Sonraíocht 2023 - Cad iad na téacsanna is mó a thaitníonn leis na scoláirí?).

Ionchuimsitheacht

13. Dar libhse, an dtacaíonn cur i bhfeidhm na sonraíochtaí le riachtanais teanga na scoláirí uile atá i do ranganna (leideanna - cainteoirí T1/ T2/ scoláirí a bhfuil riachtanais oideachais sa bhreis acu, scoláirí nach bhfuil Gaeilge/Béarla mar theanga bhaile acu)?

Measúnú

14. Cad é an taithí ata agaibh ar MRB1 (An Phunann Teanga), MRB 2 (Ag idirghníomhú trí Ghaeilge), agus cad é na tuairimí atá agaibh ina leith?
15. Cad a cheapann sibh faoin MRB a bheith in dhá bhliain éagsúla?
16. An mbeadh moltaí agaibh maidir leis an measúnú foirmitheach (MRB1 (An Phunann)/ MRB2 (an tasc idirghníomhaithe cainte /an Tasc measúnaithe)?
17. Conas a dhéanann tú measúnú ar scileanna labhartha/ scileanna idirghníomhaithe cainte na scoláirí sa Ghaeilge?
18. Cad é an taithí atá agaibh faoin bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)?

Tacaíochtaí & Soláthar

19. Cad iad na tacaíochtaí is úsáidí duitse mar mhúinteoir? (leid: Eiseamláirí d'obair na scoláirí ar shuíomh an CNCM/ Treoracha maidir le Measúnú ón CNCM/ Liosta na dtéacsanna don chéad bhliain (T1 agus T2), liosta na dtéacsanna don dara agus don tríú bliain (T1 agus T2), tacaíochtaí lasmuigh den scoil)
20. Cad iad na tacaí a mholfa go gcuirfí ar fáil do mhúinteoirí?

Tuairimí

21. Cad iad hathruithe is mó daoibhse ó cuireadh sonraíochtaí Gaeilge T1/T2 na sraithe sóisearaí ar fáil don Ghaeilge/ soláthar idirdhealaithe ar fáil don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach? Luaigh pointí dearfacha nó aon dúshláin sa teagasc/foghlaim/measúnú.
22. An bhfuil an tsonraíocht T1 ag tacú leis na riachtanais teanga atá ag foghlaimeoirí i scoileanna T1/ cainteoirí dúchais Gaeilge? Tabhair míniú le do thoil.
23. An mbeadh moltaí ar leith agaibh maidir le cur i bhfeidhm na sonraíochtaí nó soláthar na sonraíochtaí i gcomhthéacs T1/T2 go háirithe?
24. Cad iad na difríochtaí is mó idir cur i bhfeidhm na sonraíochtaí T1/T2?
25. Ar mhaith libh aon rud eile a rá?

A Study and Continuing Review of the Implementation of Junior Cycle Irish Specifications (T1 & T2)

INTERIM REPORT
Phase One • Year: 2023-2024

Aisling Ní Dhiorbháin and Sarah O'Grady



SEALBHÚ
Lárionad Taighde DCU
um Fhoghlaim agus Teagasc
na Gaeilge

Reference:

Ní Dhiorbháin, A., & O'Grady, S. (2025). *Study and Continuing Review of the Implementation of Junior Cycle Irish Specifications (T1 & T2). Interim Report: Phase One*. SEALBHÚ, DCU.

Note: Please note that this report is a translation of the original report which was written in Irish.

Acronyms

- SLAR: Subject Learning and Assessment Review
- NCCA: The National Council for Curriculum and Assessment
- CBA: Classroom-Based Assessments
- JCPA: Junior Cycle Profile of Achievement
- T1: Language 1 (Gaeltacht schools and Irish-medium schools/units)
- T2: Language 2 (English-medium schools where Irish is taught as a second language)

Principal researchers

- Dr Aisling Ní Dhiorbháin, Principal Researcher
 - Associate Professor in the Teaching of Irish in the School of Language, Literacy & Early Childhood Education, Institute of Education, DCU
 - Director SEALBHÚ: DCU Research Centre for the Learning and Teaching of Irish
- Dr Sarah O'Grady, Principal Researcher
 - Assistant Professor in the School of Language, Literacy & Early Childhood Education, Institute of Education, DCU

<https://www.dcu.ie/sealbhu/staidear>

Nóta Buíochais

We would like to thank all the schools who expressed an interest in the research. We sincerely thank the participants from the case study schools. They shared their time and expertise generously with us. We are very grateful to them for participating in the research.

We would like to thank Dr Ciara Uí Chonduibh who worked as a postdoctoral research assistant. We would also like to thank Katie Ní Mhaoláin, Dr Seán Mac Risteaird, Pearse Ahern and Eithne Ní Dhubhghaill who helped with various aspects of the report.

Míle buíochas libh go léir.

Executive Summary

This interim report presents initial emerging themes from Phase One of a three-year study on the implementation of Junior Cycle Irish language Specifications (T1 & T2). Differentiated provision for the teaching and learning of Irish was introduced at Junior Cycle in 2017. A separate Irish language specification was provided for T2 schools (English-medium schools where Irish is taught as a second language), and for T1 schools (Gaeltacht schools and Irish-medium schools/units). This mixed methods, multi-dimensional study commissioned by the National Council for Curriculum and Assessment (NCCA), follows on from the Early Enactment Review of Junior Cycle Irish T1 & T2 (Early Enactment Review) (Mac Gearailt & Ó Duibhir, 2023). This study primarily focuses on the September 2023 version of the Irish language Junior Cycle specifications (T1 & T2) which were updated in response to the Early Enactment Review. However due to the gradual nature of curriculum change some data collected refers to experiences and opinions regarding the 2017 specifications for Irish (T1 & T2). The study aims to capture interesting insights into all aspects of the specifications, allowing for the emergence of possible solutions to challenges met in the enactment of the specifications. Particular consideration is given to schools' experiences of the model of differentiation for Irish at Junior Cycle, as well as the changes in practice brought about by the 2015 Framework for Junior Cycle. The study will gain insights into the impact of changes that were introduced in response to the Early Enactment Review.

Phase One of the research explored school leaders and teachers' experiences and opinions regarding the implementation of the Irish language specifications (T1 & T2) in the areas of teaching, learning and assessment. It also investigated participants' experiences of supports available in relation

to the enactment and provision for the specifications and obstacles that may exist. Data were gathered from interviews with school leaders (n=18) and focus groups with teachers (n=42) in 12 case-study schools nationally. The researchers used purposive sampling to ensure that schools included a range of language learners and a range of learning contexts at post-primary level. Six T1 schools and six T2 schools participated in the research. T1 case-study schools included three Gaeltacht schools, two Gaelcholáiste outside the Gaeltacht and a post-primary school with an Irish-medium strand where some subjects were taught through Irish. Purposive sampling was important to ensure that the research would capture insights into the differentiated provision in both T1 and T2 school contexts. Interviews with school leaders were analysed using thematic analysis and template analysis was used to analyse teacher focus groups.

Both strengths and challenges emerged regarding the implementation of the Irish language specifications (T1 & T2) and provision for the specifications. Initial themes presented in this report will be explored in greater depth and breadth over the course of this three-year study. It is of note that all school leaders highly praised the dedication and professionalism of Irish teachers in implementing the specifications. They recognised teachers as the primary source of support in enacting the specifications. Emerging themes relating to positive elements of the enactment of the specifications and provision related to: (i) teacher planning and collaboration, (ii) teaching and learning, (iii) use of texts, and (iv) supports for Irish.

Irish teachers were found to plan collaboratively and to share resources regularly with teachers both inside and outside of school. Teachers also reported that they regularly engaged in professional conversations and most teachers were of the opinion that Subject Learning and Assessment Review (SLAR) meetings were worthwhile in terms of supporting professional judgements. A wide range of methodologies were used by teachers to support students' learning of Irish.

